

# **Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain dar chríoch an

**31 Nollaig 2013**





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
National Treasury Management Agency

---

30 Meitheamh 2014

An tUasal Michael Noonan TD  
An tAire Airgeadais  
Tithe an Rialtais  
Sráid Mhuirfean Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2

A Aire

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 a chur faoi do bhráid.

John C. Corrigan  
Príomhfheidhmeannach



# Eolas faoi GBCN

Is comhlacht Stáit í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a fheidhmíonn le sainchúram tráchtála chun seirbhís bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. D'fhás sí ó bheith ina gníomhaireacht aon fheidhme a bhainistíonn an Fiachas Náisiúnta le bheith ina bainisteoir ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS), NewERA (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh), an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN). Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta di.

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántéarma. Ina theannta sin, tá roinnt feidhmeanna eile ag an Lucht Stiúirthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, lena n-áirítear oibríochtaí cistíochta do GNBS agus do CNP, Seirbhís Lárnach Cisteáin a sholáthar do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla agus bainistiú a dhéanamh ar shócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ag gníomhú di mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh maidir le díobháil phearsanta, dochar do réadmhaoin agus éilimh faillí cliniciúla a thógtar i gcoinne údaráis áirithe an Stáit, lena n-áirítear airí Rialtais, an tArd-Aighne agus frontair sláinte. Chomh maith leis sin, tá cúram bainistíochta riosca uirthi, a thugann comhairle agus cuidiú d'údaráis Stáit lena gcuid neamhchosaintí éilimh a laghdú a mhéid is féidir. Ina theannta sin, déileálann sí le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe.

## NewERA

Baineann ról lárnach NewERA le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, ar straitéis chorparáideach agus ar phleananna caipitil agus infheistíochta de chuid na n-aonán tráchtála Stáit seo a leanas – BSL, Eirvia (Bord Gáis Éireann roimhe seo), EirGrid, Bord na Móna agus Coillte. Baineann ról NewERA freisin, nuair a iarrtar air, le comhairle a chur ar fáil maidir le sócmhainní Stáit a dhiúscairt nó a athstruchtú. Ina theannta sin, oibríonn NewERA le páirtithe leasmhara ábhartha chun tograí a fhorbairt le haghaidh infheistíochta san fhuinneamh, sa teileachumarsáid, in uisce agus san fhoraoiseacht chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht.

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean is ea GBCN, rud a bunaíodh le freastal an oiread agus is féidir ar na costais a bhainfidh le leas sóisialach agus le pinsin seirbhíse poiblí ó 2025 ar aghaidh. D'fhoilsigh an Rialtas reachtaíocht lena mbunófaí Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, a chomhghabhfaidh CNP ina iomláine agus a mbeidh sainordú reachtúil aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Is í an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta an comhairleoir reachtúil airgeadais d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí lena mbaineann luach caipitiúil níos mó ná €20 milliún. Tá lánfhreagracht uirthi as tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a sholáthar agus a chur i gcrích in earnálacha seachas iad siúd a bhaineann le hiompar agus le húdaráis áitiúla.

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní sa bhliain 2009 mar cheann de roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincÉireacht na hÉireann, a tháinig chun cinn mar thoradh ar iasachtaíocht iomarcach leis an earnáil réadmhaoin. Ghnóthaigh sí sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) a bhfuil luach ainmniúil €74.2 billiún orthu ar chomhaoin €31.8 billiún a íocadh i bhfoirm urrús faoi ráthaíocht an Rialtais a eisíodh go díreach chuig na forais. Is é an sainordú atá ag GNBS sócmhainní atá gnóthaithe a bhainistiú chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát.

Tá tuilleadh faisnéise faoi GBCN ar fáil ar líne ag [www.ntma.ie](http://www.ntma.ie).

# GBCN

## Tuarascáil agus Cuntais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

### An Clár Ábhar

Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach	6
Maoiniú agus Bainistiú Fiach	8
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	20
NewERA	27
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	30
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	33
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	35
Rialachas	36
Ráitis Airgeadais	41

# Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh



Blain an-suntasach d'Éirinn agus do GBCN ba ea an bhliain 2013. D'éirigh linn dul amach de réir sceidil as clár AE/CAI agus d'fhillomar ar ais sa chéad leath de 2014 ar pháirt normálta a ghlacadh i margaí fiachais cheannasaigh. Bhí an dul amach rathúil sin bunaithe ar roinnt tosca éagsúla – idir thosca intíre agus tosca náisiúnta

– lenar áiríodh comhlíonadh cheangaltais an Rialtais i leith an chláir, an t-idirbheart nótaí gealltanais i mí Feabhra 2013, síneadh na n-aibíochtaí ar an ngné Eorpach dár n-iasachtaí faoin gclár, agus idirghabhálacha an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) chun mór-ghéarchéim an euro a chur chun suaimhnis.

Mar thoradh ar an rath a bhain an BCE amach maidir le géarchéim an euro a chur chun suaimhnis i mí Iúil 2012, tá dúil mhéadaithe ag infheisteoirí i sócmhainní níos rioscaí anois agus tá mórthairbhí bainte amach ag bannaí Rialtas na hÉireann mar thoradh air sin. Tá torthaí bhannaí na hÉireann ag an leibhéal ab ísle riamh anois – rud atá an-éagsúil le cúrsaí trí bliana ó shin nuair a bhain an toradh ar ár mbanna dhá bhliain buaicphointe amach ag beagán os cionn 22 faoin gcéad agus nuair a bhain an toradh ar an mbanna deich mbliana buaicphointe amach ag beagán os cionn 14 faoin gcéad. Bhain GBCN tairbhe as na tosca fabhracha margaidh sin agus chomhlíon sí níos mó ná 80 faoin gcéad dá sprioc maoinithe €8 billiún do 2014 cheana féin. Níos tábhachtaí fós, bhogamar ar shiúl ó na heisiúintí deistapaíocha sindeacáite a chabhraigh linn filleadh ar na margaí ar dtús chun bheith páirteach i sraith ceantanna bannaí sceidéalta – an chéim dheiridh a ghlactar nuair atáthar ag gnóthú rochtain normálta mhargaidh.

Chabhraigh tosca margaidh níos fabhraí le GNBS freisin maidir lena clár diúscartha iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine a ghnóthaigh sí ó na bainc in 2009 agus in 2010. Chomhlíon GNBS an chéad ghaspriosc aiséadaíochta fiachais a bhí aici – ba é sin, €7.5 billiún nó 25 faoin gcéad dá fiachas sinsearach a aisíoc faoi dheireadh na bliana 2013 agus tá sí ag súil le 50 faoin gcéad dá fiachas sinsearach a fhuascailt faoi dheireadh na bliana 2014. Dlíteanas teagmhasach de chuid an Stáit is ea bannaí GNBS. Dá bhrí sin, toisc thábhachtach taobh thiar dár gcreidiúnacht sa mhargadh a thabhairt ar ais a bhí san obair a rinne GNBS an dlíteanas teagmhasach sin a bhaint ar bhealach a bhí forásach ach géarchúiseach ó thaobh na tráchtála de. Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar ár ndinimic fiachais le blianta beaga anuas, tá an geilleagar fós faoi réir rioscaí d'imbhuanaitheacht fiachais. Aithnítear an toisc sin sa dréacht-Mheasúnú Náisiúnta Riosca a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Aibreáin 2014 ina dtugtar faoi deara go bhfuil cóimheas fiachais/ olltáirgeacht intíre na hÉireann fós ard de réir caighdeán stairiúla agus go bhfuil comhdhlúthú breise ag teastáil sna blianta atá le teacht chun an cóimheas fiachais a chur go daingean anuas.

Cé gur leag mé béim ar leith ar bhainistiú fiach sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil seo agus i dtuarascálacha bliantúla eile le roinnt blianta anuas, níl bainistiú fiach ach ar cheann amháin de na feidhmeanna bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chomhlíonann GBCN. Leagtar an bhéim sin ar bhainistiú fiach, ar ndóigh, mar gheall ar an staid neamhchoitianta ina raibh Éire agus muid ag dul isteach i gclár AE/CAI agus mar gheall ar an iarracht atá déanta againn ó shin i leith dul amach as an gclár sin. Go deimhin, tá cuid mhór de shainteanga na margaí bannaí tar éis éirí an-choitianta sa nuacht laethúil le roinnt blianta anuas, rud nach samhlódh aon duine ar bith sa réimse seo roimhe seo. Ar cheann de na comharthaí go bhfuil ár ngníomhaíochtaí bainistithe fiach lán-normalaithe arís tá an chaoi nach bhféachtar ar ár gceantanna bannaí mar mhíreanna ábhartha a thuilleadh agus nach ngineann siad ach cúpla líne sna leathanaigh ghnó ar na solta seo. Tá comharthaí tar éis teacht chun cinn le blianta beaga anuas go bhfuilimid ag filleadh ar an normalú sin.

Comhartha eile go bhfuilimid ag filleadh ar thimpeallacht normálta mhargaidh chaipitil ba ea gur éirigh leis an tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí do bhóthar an N17/N18 (an Gort go Tuaim) céim na dtarraingtí anuas a bhaint amach go rathúil i mí Aibreáin 2014 – ba é sin an chéad bheart comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CCP) a fuair maoiniú fiachais ó infheisteoirí institiúideacha ó thús na géarchéime airgeadais. Comhairleoir airgeadais ar an tionscadal a bhí sa Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), ar cuid eile de ghrúpa comhlachtaí GBCN í. Ba mhórchuspóir straitéiseach de chuid GAFN le dhá bhliain anuas é muinín agus spéis athnuaite a chothú i measc infheisteoirí i gclár CCP na hÉireann agus thug sí faoi chláir um theagmháil ghníomhach le hinfeisteoirí chun na críche sin.

Tá GNBS – dá sannann GBCN baill foirne agus dá soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta – luaithe agam cheana féin. Níl an fheidhm sin ach ar cheann amháin de na feidhmeanna nua ar iarradh ar GBCN a chomhlíonadh le blianta beaga anuas, áfach. Foráiltear leis an mBille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, atá os comhair an Oireachtais faoi láthair, do na feidhmeanna nua eile sin a chur ar bhonn reachtúil. Is iad seo a leanas na feidhmeanna atá againn i ndáil le NewERA; Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) a dhéanamh den Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, a mbeidh sainchúram aige infheistíochtaí a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a bheidh ceaptha tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn; agus an fheidhm atá ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le cuntasáíocht costas dlí chun déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag GBCN cheana féin i ndáil leis na feidhmeanna sin.

Tá Aonad NewERA ar bun agus á reachtáil ó mhí Mheán Fómhair 2011. Glacann sé le cur chuige tráchtála i leith maoriseacht a dhéanamh ar chuideachtaí leathstáit, agus béim á cur aige ar thoradh ar

chaipiteal agus ar fhoirse thiomnaithe saeolais ó thaobh airgeadas corparáideach de a chur ar fáil don Rialtas. Chun na críche sin, d'fhorbair sé Creat um Ionchais Ghearrshealbhóirí arb é is aidhm dó cabhrú le soiléire a bhunú agus le cuspoirí an scairsealbhóra agus an aonáin ábhartha tráchtála Stáit a chur ar chomhréim le chéile. Chuir sé seirbhísí comhairle agus seirbhísí bainistíochta tionscadal ar fáil don Rialtas freisin maidir le díolachán ghnó fuinnimh BGÉ, lena bhain luach frontair de suas le €1.1 billiún.

Tá GBCN ag obair chun sraith infheistíochtaí féideartha a fhorbairt do CISÉ. Tá roinnt de na hinfeistíochtaí sin i gcrích anois agus, mar thoradh orthu sin, tá thart ar €1.3 billiún infheistithe nó dílsithe ag CNP do réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach do gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear bonneagar, caipiteal frontair agus maoiniú fadtéarmach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Táthar amach go mór maidir le dréachtphlean gnó a ullmhú do CISÉ ar feitheamh na reachtaíochta. Tá an dréachtphlean gnó sin bunaithe ar Chreat Tionchair Eacnamaíochta a d'fhorbair GBCN, rud lena bhféachtar le réimsí a d'fhéadfadh mórtionchar a imirt ar an ngeilleagar agus ar fhostaíocht a shainaithint ionas gur féidir infheistiú iontu, chomh maith le catagóirí infheistíochta a shainaithint a mbeifí ag súil go gcabhróidís le margáí caipitil in Éirinn a normalú agus go gcuirfidís dlús leis an normalú sin tar éis na géarchéime airgeadais. Go deimhin, ar cheann de na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag CISÉ tá an cumas atá aige maoiniú cothromais a chur ar fáil agus, dá bhrí sin, an spleáchas díreireach atá ag gnóthais Éireannacha ar chreidmheas bainc mar fhoirse airgeadais a laghdú.

Thosaigh an tAonad um Chostais Díl ag feidhmiú i mí Feabhra 2013 agus féachann sé le billí costas a laghdú trí idirbheartaíocht agus, nuair is gá, trí cháin a ghearradh ar an gcóras costas ar mhaithe le coigilteas suntasach a sholáthar don Státchiste. Trí idirbheartaíocht a dhéanamh ar speansais, bhain sé coigilteas 47 faoin gcéad amach ar an €6.4 milliún a éilíodh i bhfoirm speansais dlí de bhun bhinsí Mahon agus Moriarty ó tháinig sé i bhfeidhm.

Bunaithe ar thograí a chuir GBCN ar aghaidh, foráiltear leis an mBille um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) freisin go mbunófar Bord uileghabhálach GBCN chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna uile GBCN, seachas GNBS a leanfaidh lena struchtúr rialachais féin, agus a chuirfear in ionad na mbord agus na gcoistí éagsúla atá ann faoi láthair.

Tá an struchtúr nua rialachais sin ina fhorbairt an-suntasach maidir leis an ról a bheidh ag GBCN in Éirinn tar éis na géarchéime. Is ann do chuspóir intuigthe "infheistigh in Éirinn" ar fud gach feidhme de chuid GBCN – go háirithe na feidhmeanna a bhaineann le CISÉ, le NewERA agus le GAFN.

Agus bord uileghabhálach á chur in áit boird ar leith a bhfuil sainorduithe atá leithleach agus sainmhínithe go beacht acu, cuirfidh

an struchtúr nua rialachais ar chumas GBCN obair a dhéanamh ar bhealach níos comhtháite agus glacadh le dearcadh straitéiseach i leith ár sainorduithe uile ar mhaithe leis an gcuspoir sin a bhaint amach.

Bhí cúrsaí an-dúshlánach do GBCN le cúpla bliain anuas de réir mar a rinneamar iarracht láithreach na hÉireann i margáí fachais cheannasaigh a athbhunú agus GNBS a bhunú as an nua mar aonán lánfheidhmiúil ag a bhfuil clár comhardaithe ar fiú €32 billiún é agus soláthar foirne de níos mó ná 300 duine. Iarradh orainn freisin aonad baincúireachta a bhunú chun leas agus gabháil an Stáit i bhforais airgeadais a bhainistiú. Tá an t-aonad sin ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011. Sa bhliain 2013, bhí baint ag an aonad sin le Cuideachta Bheatha na hÉireann a dhíol ar €1.3 billiún, le nótaí in-chomhshóite teagmhasacha Bhanc na hÉireann a dhíol ar €1 billiún, le scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann a dhíol ar €2 billiún (ús fabhráithe san áireamh), le Leachtú Speisialta na Corparáidí Éireannáil um Réiteach Banc (IBRC) agus leis an idirbheart nótaí gealltanais.

Táim bródúil as an ról a d'imir GBCN maidir le dúshlán a shárú leis an gcúpla bliain an-chrua seo a chuaigh thart agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann i ngach aonad gnó agus i ngach feidhm ghnó as an bhfuinneamh agus as an tiomantas a léirigh siad. Tá na dúshlán atá romhainn sa ghearrthéarma maidir leis na sainorduithe nua a thug an Rialtas dúinn an-éagsúil leo siúd a bhí romhainn roimhe seo agus muid ag bogadh ar shiúl ó ghéarchéim agus i dtreo téarnaimh. Agus é á mhaoiniú ag an Státchiste agus ceaptha chun feidhmeanna tráchtála agus margaidh a chomhlíonadh, agus creidim gur fhreastail múnla gnó GBCN go maith orainn maidir leis na feidhmeanna breise a tugadh dúinn go dtí seo a chomhlíonadh agus go leanfaidh sé de bheith ag freastal go maith orainn de réir mar a fhéachaimid le saincileanna riachtanacha a earcú agus a choinneáil ionas gur féidir linn na sainorduithe nua sin a chomhlíonadh go rathúil.

Ar deireadh, cé gur labhair mé faoi na buntáistí a bhaineann le GBCN a bheith ag tuairisciú do bhord uileghabhálach amháin, níl mé ag iarraidh beag a dhéanamh den rannchuidiú a rinne comhaltaí na mbord agus na gcoistí éagsúla faoi na struchtúir rialachais atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le Coiste Comhairleach Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, le Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, le Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, le Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus leis na fochoistí éagsúla de chuid na gcomhlachtaí sin as a gcuid ama a thabhairt chomh fial sin agus as an gcrua-obair, as an gcomhairle agus as an tacaíocht a chuir siad ar fáil.

**John Corrigan**

Príomhfheidhmeannach

# An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

(amhail an 30 Meitheamh 2014)



**John Corrigan**  
Príomhfheidhmeannach



**Ian Black**  
Stiúrthóir, Airgeadas,  
Teicneolaíocht agus  
Riosca



**Ciarán Breen**  
Stiúrthóir, an  
Ghníomhaireacht um  
Éilimh ar an Stát



**Sinéad Brennan**  
Ceann Acmhainní  
Daonna



**Des Carville**  
Ceann Baincéireachta  
(ar iasacht ag an Roinn  
Airgeadais)



**Eileen Fitzpatrick**  
Stiúrthóir, NewERA



**Brendan McDonagh**  
Stiúrthóir, GBCN agus  
Príomhfheidhmeannach,  
an Ghníomhaireacht  
Náisiúnta um  
Bainistíocht Sócmhainní



**Brian Murphy**  
Stiúrthóir, GBCN agus  
Príomhfheidhmeannach,  
an Ghníomhaireacht  
Airgeadais d'Fhorbairt  
Náisiúnta



**Eugene O'Callaghan**  
Stiúrthóir, an Cúlchiste  
Náisiúnta Pinsean



**Andrew  
O'Flanagan**  
Príomhoifigeach Dlí



**Oliver Whelan**  
Stiúrthóir, Maoiniú agus  
Bainistiú Fiach

### Ár Misean agus Luachanna

Chuir GBCN ráiteas misin le chéile chun príomhchuspóir na heagraíochta ar fud a réimsí gnó a chuimsiú agus leag sí croíluchanna síos a threoróidh iompar agus cinnteoireacht foirne.

#### Ráiteas Misin

Sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú go stuama agus go tráchtálach.

### Croí-Luachanna

Gníomhaímid go tráchtálach agus ár ndualgais seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh againn.

Gníomhaímid le macántacht agus le hionracas.

Táimid dírithe ar thorthaí agus tá gach duine freagrach as an obair a dhéanaimid.

Táimid inoiriúnaithe agus réamhghníomhach.

Is mór againn ár mbaill foirne agus déileálaimid le chéile le dínit agus le meas.

## An Coiste Comhairleach

(amhail an 30 Meitheamh 2014)



### Willie Walsh – Cathaoirleach

Tá Willie Walsh ina Phríomhfheidhmeannach ar International Airlines Group (IAG), máthairchuideachta British Airways, Iberia agus Vueling. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar British Airways agus ar Aer Lingus roimhe sin. Is é Uachtarán Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail London é.



### Brendan McDonagh

Is é Brendan McDonagh Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bank of N.T. Butterfield & Son Limited, Hamilton, Beirmiúda. Is iar-phríomhfheidhmeannach le HSBC North America Holdings Inc é agus bhí freagracht air as oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais tomhaltóirí an Ghrúpa i SAM agus i gCeanada. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa do HSBC North America Holdings Inc agus ina bhall de Bhord Bainistíochta Grúpa an HSBC.



### John Moran

Is é John Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Bhí sé ar an Dara hArd-Rúnaí leis an Roinn Airgeadais roimhe sin, áit a raibh sé ina Cheannasaí Baincéireachta agus freagrach as gach ábhar a bhain le beartais bhaincéireachta, as scairseilbh an Stáit sna bainc a bhainistiú agus as earnáil bhaincéireachta na hÉireann a athchóiriú agus a atheagrú. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar Mhaoirseacht Banc Mórdhíola i mBanc Ceannais na hÉireann agus d'oibrigh sé le Zurich Capital Markets, le McCann FitzGerald, le GE Capital Aviation Services, le GPA Group agus le Sullivan & Cromwell.



### Tytti Noras

Tá Tytti Noras ina comhchathaoirleach ar an nGrúpa Oibre Rialachais de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Roimhe seo, bhí sí ina Comhairleoir Dlí, an Roinn um Margaí Airgeadais, an Aireacht Airgeadais, an Fhionlainn, ina comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ina comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.



### Donald C Roth

Tá Donald C Roth ina iar-Chomhpháirtí Bainistíochta ar EMP Global LLC agus ina iar-Leasuachtarán agus Iarchisteoir leis an mBanc Domhanda.



# Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Lean Éire lena rannpháirtíocht sna margaí fiachais idirnáisiúnta 2013 agus choinnigh sí clár gníomhach caidrimh le hinfeisteoirí ar bun sula ndeachaigh sí amach go rathúil as Clár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais ag deireadh na bliana. Tar éis di dul isteach arís sna margaí fiachais in 2012, chuir GBCN dhá shindeacáitiú bannaí i gcrích in 2013. Ba é an toradh a bhí ar na sindeacáitithe sin gur fhill roinnt infheisteoirí ar mhargadh bhannaí Rialtas na hÉireann agus gur ardaíodh suim iomlán €7.5 billiún. Tar éis iad a chur ar siúl arís i mí Iúil 2012, leanadh ar aghaidh le ceantanna rialta Billí Stáitchiste gearrthéarmacha a reáchtáil le linn 2013. Reáchtáladh ocht gceant le linn na bliana. I mí Eanáir 2014, chruinnigh GBCN €3.75 billiún ó dhíolachán sindeacáite banna tagarmhairc nua 10 mbliana – an chéad idirbheart a bhí aici sa mhargadh caipitil ó dheireadh chlár AE/CAI – agus d’fhill sí go hiomlán ar na margaí nuair a cuireadh ceantanna rialta bannaí ar siúl arís i mí an Mhárta 2014.

## Athbheithniú ar an Margadh

Tá Bannaí Rialtas na hÉireann ag feabhsú go leanúnach ó mhí Iúil 2011 i leith nuair a bhain torthaí an bhanna 10 mbliana buaicpointe de níos mó ná 14 faoin gcéad amach agus nuair a bhain torthaí an bhanna 2 bhliain buaicpointe de níos mó ná 22 faoin gcéad amach. Lean torthaí de bheith ag titim le linn 2013 agus ag tús na bliana 2014, agus iad ag titim go dtí na leibhéil ab ísle riamh.

San áireamh sna tosca taobh thiar den bhorradh faoi bhannaí na hÉireann, tá na nithe seo a leanas:


- Cumas leanúnach na hÉireann chun ceangaltais chlár AE/CAI a sheachadadh agus chun cloí le spriocanna fíoscacha cainníochtúla;
- An laghdú ginearálta ar thorthaí i limistéar an euro ó d’fhógair an BCE an clár um Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IGA) sa tríú ráithe de 2012;

- Comhshocrú an nóta gealltanais, inar eisíodh bannaí Rialtas na hÉireann chuig Banc Ceannais na hÉireann, agus inar cuireadh na nótaí gealltanais a bhí ag an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC) roimhe sin ar ceal. Bíonn impleachtaí dearfacha ag an méid sin ar cheangaltais mhaoinithe an Stáit agus ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta agus an Fiachas Rialtais Ghinearálta sa mheántéarma agus san fhadtéarma;
- An feabhas ar phróifíl fiachais na hÉireann, í neartaithe go háirithe mar gheall ar aibíocht iasachtaí na punainne Eorpaí faoi chlár AE/CAI a shíneadh faoi mheántréimhse seacht mbliana, a comhaontaíodh in 2013;
- An filleadh ar eisiúint i margaí fiachais idirnáisiúnta agus cur i gcrích rathúil dhá shindeacáitiú bannaí ar rátaí inbhuanaithe le linn 2013;
- An méid réamh-mhaoinithe a fuair GBCN;
- An dul amach rathúil as clár AE/CAI i mí na Nollag 2013, gan gá a bheith le líne chreidmheasa réamhchúraim;
- Sraith uasghráduithe rátáil chreidmheasa le linn 2013 agus 2014. I measc na n-uasghráduithe sin, rinne Moody’s, an ghníomhaireacht rátálacha, muid a uasghrádú go stádas grád infheistiúchá (Baa3, ionchas dearfach) i mí Eanáir 2014 sular uasghrádaíodh muid faoi dhá eang eile go Baa1 i mí na Bealtaine 2014; agus
- Sindeacáitiú banna nua 10 mbliana i mí Eanáir 2014 agus an filleadh ar sceideal rialta ceantanna bannaí go luath sa bhliain 2014, den chéad uair ó mhí Mheán Fómhair 2010, sula ndeachaigh Éire isteach i gclár AE/CAI.

Torthaí Bhannaí Rialtas na hÉireann				
Aibíocht	Toradh ag Deireadh 2011 (%)	Toradh ag Deireadh 2012 (%)	Toradh ag Deireadh 2013 (%)	Toradh ag Deireadh Bhealtaine 2014 (%)
2013	7.21	0.77	aibithe	aibithe
2014	7.53	1.52	0.39	aibithe
2015	neamhbhainteach	1.58	0.11	0.30
2016	7.35	2.50	0.88	0.44
2017	neamhbhainteach	3.31	1.71	0.67
2018	8.13	3.63	2.06	0.93
2019	8.26	4.21	2.60	1.20
2020	8.26	4.43	2.94	1.68
2023	neamhbhainteach	neamhbhainteach	3.45	2.34
2024	neamhbhainteach	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2.60
2025	8.01	5.13	3.84	2.80

Lean torthaí bhannaí na hÉireann de bheith ag dul i neart go luath sa bhliain 2013 tar éis an ratha a bhí orthu in 2012 agus tugadh meath suntasach faoi deara tar éis banna tagarmhairc nua 10 mbliana a eisiúint i mí an Mhárta. I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2013, áfach, mhéadaigh luaineacht i margaí bannaí idirnáisiúnta, iad go príomha faoi réir ábhair imní faoi bheartais um éascú cainníochtúil sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin amach anseo. Ba thábhachtach go raibh torthaí bhannaí na hÉireann níos cobhsaí sa timpeallacht sin ná mar a bhí cuid mhór dá macasamhlacha Eorpacha. Ag deireadh na bliana, b'ionann torthaí an bhanna 10 mbliana agus thart ar 3.5 faoin gcéad. Lean an treocht anuas ar aghaidh go luath sa bhliain 2014, go háirithe tar éis banna nua 10 mbliana a eisiúint i mí Eanáir agus tar éis do Moody's cinneadh a dhéanamh bannaí Rialtas na hÉireann a uasghrádú go grád infheistíochta.

### Torthaí Bhanna 10 mbliana an Rialtais 1 Eanáir 2012 go 31 Bealtaine 2014



Foinse: Bloomberg

## Gníomhaíocht Maoinithe

### Straitéis Maoinithe

Ó chuaigh Éire isteach i gclár AE/CAI i mí na Samhna 2010, ba é plean oibre GBCN ná filleadh ar na margaí de réir a chéile, trí eisiúint ghearrthéarmach, trí théarmaí malartaithe a thairiscint do shealbhóirí bannaí ar mhaithe lena spreagadh le haibíochtaí a shíneadh agus trí thairbhe a bhaint as na deiseanna atá ann fiachas fadtéarmach a eisiúint. Le linn na bliana 2013, stiúradh roinnt oibríochtaí rathúla sa mhargadh fiachais, chomh maith le sceideal rialta de cheantanna Billí Stáitchiste gearrthéarmacha.

Le linn na bliana 2013, leanadh ar aghaidh le clár GBCN um dhianchaidreamh le hinfeisteoirí, arbh é ab aidhm dó spéis athnuaithe a ghiniúint i measc infheisteoirí institiúideacha i mbannaí Rialtas na hÉireann agus an mhuintir atá ag infheisteoirí reatha as na bannaí sin a atreisiú. Reáchtáil GBCN sraith cur i láthair agus cruinnithe le hinfeisteoirí sna Stáit Aontaithe, san Áise, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile le linn na bliana 2013. Reáchtáladh cuir chuige agus cruinnithe ad-hoc breise le linn na tréimhse sin freisin.

Rinneadh maoiniú margadhbhunaithe de chuid GBCN féin in 2013, in éineacht le €11 billiún a tarraingíodh anuas faoi chlár AE/CAI, a chur i bhfeidhm chun easnamh Stáitchiste €11.5 billiún a mhaoiniú, chun bannaí Rialtais a bhí ag aibiú agus arbh fhiú €5.1 billiún iad a fhuascailt agus chun Banna Stáitchiste 2014, arbh fhiú €4.9 billiún é, a cheannach ar ais agus a chealú.

Bhí airgead agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile €18.5 billiún de chuid an Stáitchiste i seilbh GBCN ag deireadh na bliana 2013, a bhí ar aon dul leis an aidhm luaite atá ag GBCN. Is é sin, acmhainní leordhóthanacha a bheith ar láimh aici ag deireadh chlár AE/CAI chun gur féidir léi riachtanais mhaoinithe an Stáitchiste a chlúdach ar feadh 12-15 mhí.

### Maoiniú Meántéarmach agus Fadtéarmach

#### Eisiúint 2013


Sa bhliain 2013, d'ardaigh GBCN €7.5 billiún ó dhá shindeacáitíu bannaí – €2.5 billiún ó bhanna tagarmhairc 5 bliana a bhí ann cheana agus €5 billiún ó bhanna tagarmhairc nua 10 mbliana, an chéad eisiúint a rinne sí ó mhí Eanáir 2010 sula ndeachaigh Éire isteach i gclár AE/CAI. Is éard atá i gceist le haghaidh sindeacáite ná méideanna breise banna reatha a dhíol ar phraghas réamhchinnte trí shindeacáit príomhdhéileálaithe. Chuir an eisiúint sin go mór leis an réamh-mhaoiniú a bhí ag Éirinn do 2014, rud ar ghlac an margadh go maith leis agus a rinne rannchuidiú leis an meath ar thorthaí na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile.

I mí Eanáir 2013, d'ardaigh GBCN €2.5 billiún agus banna 5.5% Dheireadh Fómhair 2017 á díol aici trí agus sindeacáite. Ardaíodh an maoiniú sin de réir toradh 3.32 faoin gcéad.

Bhí suim leathan san eisiúint, agus tairiscintí á gcur isteach ag breis agus 200 infheisteoir, lena n-áiríodh bainisteoirí cistí, bainc, cistí pinsin agus cuideachtaí árachais. B'ionann na tairiscintí iomlána a fuarthas agus €7 billiún.

Ghlac infheisteoirí intíre le 13 faoin gcéad den eisiúint agus ghlac infheisteoirí eachtracha le 87 faoin gcéad. Ba as na réigiúin seo a leanas a tháinig formhór na n-infheisteoirí eachtracha: an Ríocht Aontaithe (33 faoin gcéad), tíortha Nordacha (19 faoin gcéad), an Fhrainc (11 faoin gcéad), agus an Ghearmáin (7 faoin gcéad). Taobh amuigh den Eoraip, bhí Meiriceá Thuaidh freagrach as 9 faoin gcéad agus bhí an Áise freagrach as beagán níos mó ná 1 faoin gcéad.

### Agú Bhanna 2017 de réir Limistéar Geografach




Foinse: GBCN

I mí an Mhárta 2013, sheol GBCN an dara hidirbheart sindeacáite sa bhliain. D'ardaigh sé sin €5 billiún trí bhanna tagarmhairc nua a dhíol, rud a thiocfaidh in aibíocht i mí an Mhárta 2023. Ardaíodh an maoiniú sin de réir toradh 4.15 faoin gcéad. Bhí an-éileamh ar an eisiúint, le breis agus 400 infheisteoirí ag cur isteach tairiscintí, lena n-áirítear bainisteoirí cistí, bainc, cistí pinsin agus cuideachtaí árachais. B'ionann na tairiscintí iomlána a fuarthas agus thart ar €13 billiún.


Ghlac infheisteoirí intíre le 18 faoin gcéad den eisiúint agus ghlac infheisteoirí eachtracha le 82 faoin gcéad. Ba as na réigiúin seo a leanas a tháinig formhór na n-infheisteoirí eachtracha: an Ríocht Aontaithe (25 faoin gcéad), an Ghearmáin (12 faoin gcéad), tíortha Nordacha (12 faoin gcéad), an Fhrainc (11 faoin gcéad), agus infheisteoirí Eorpacha eile (6 faoin gcéad). Taobh amuigh den Eoraip, bhí Meiriceá Thuaidh freagrach as 9 faoin gcéad agus bhí an Áise freagrach as beagán os cionn 1 faoin gcéad.

### Eisiúint Bhanna 2023 de réir Limistéar Geografach




Foinse: GBCN

### Agú Bhanna 2017 de réir Cineál Infheisteora



Foinse: GBCN

### Eisiúint Bhanna 2023 de réir Cineál Infheisteora



Foinse: GBCN

### Forbairtí 2014


Tar éis di dul amach as clár AE/CAI gan líne chreidmheasa réamhchúram a bheith aici, dheimhnigh Éire gur fhill sí ar ais go hiomlán ar mhaoiniú normalta margaidh in 2014 agus banna tagarmhairc nua 10 mbliana á shindeacáitiú aici i mí Eanáir sular chuir sí sraith ceantanna bannaí rialta ar siúl i mí an Mhárta, i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine.

Go luath i mí Eanáir 2014, d'ardaigh GBCN €3.75 billiún trí Bhanna Státchiste nua 10 mbliana a thiocthaidh in aibíocht i mí an Mhárta 2024 a dhíol trí agus sindeacáite. Ardaíodh an maoiniú sin de réir toradh 3.54 faoin gcéad.

Den mhéid a eisíodh, ghlac infheisteoirí intíre le 17 faoin gcéad agus ghlac infheisteoirí eachtracha le 83 faoin gcéad. B'as na réigiúin seo a leanas a tháinig formhór na n-infheisteoirí idirnáisiúnta: an Ríocht Aontaithe (26 faoin gcéad), an réigiún Nordach (15 faoin gcéad), an Ghearmáin, an Ostair agus an Eilvéis (14 faoin gcéad), agus Meiriceá Thuaidh (14 faoin gcéad).


Bhí spéis níos leithne i measc infheisteoirí ná mar a bhí sa díolachán bannaí tagarmhairc roimhe i mí an Mhárta 2013. I measc na ndaoine a chláraigh spéis sna bannaí sa leabhar orduithe, bhí tuairim is 400 bainisteoir cistí, ciste pinsean, cuideachta árachais, banc agus infheisteoir eile, lena áiríodh roinnt infheisteoirí ón Meánoirthear agus ón Áise. Cé gurbh ionann an leabhar orduithe agus thart ar €14 billiún san iomlán, chinn GBCN méid an bhanna nua a theorannú go €3.75 billiún d'fhonn acmhainn a chur ar leataobh le haghaidh sraith ceantanna a reáchtálfá mar chuid dá clár maoinithe don bhliain.

### Sindeacáitiú Bhanna 2024 de réir Limistéar Geografach



Foinse: GBCN

### Sindeacáitiú Bhanna 2024 de réir Cineál Infheisteora



Foinse: GBCN

I mí an Mhárta 2014, chuir GBCN a clár ceantanna bannaí ar siúl arís. Ghnóthaigh ceantanna i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin €1 billiún an ceann agus gnóthaíodh €750 milliún i gceant eile i mí na Bealtaine. Tairgeadh Banna Státchiste 2024 nua i ngach ceant. Agus na ceantanna bannaí rialta sin ar siúl arís, léiríodh gur bhain rochtain mhargaidh na hÉireann lán-normalú amach.

### Ceantanna Bannaí GBCN 2014

Dáta an Cheant	Banna	Méid an Cheant €m	Toradh %	Cóimheas idir Tairiscint agus Clúdach
08 Bealtaine 2014	Banna Státchiste 3.4% 2024	750	2.73	2.8
10 Aibreán 2014	Banna Státchiste 3.4% 2024	1000	2.92	2.8
18 Márta 2014	Banna Státchiste 3.4% 2024	1000	2.97	2.9

Foinse: GBCN

### Idirbheart Nóta Gealltanais

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (IBRC) an 7 Feabhra 2013, agus de bhun an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann maidir le bannaí fadtéarmacha Rialtais a chur in ionad na nótaí gealltanais arna soláthar don IBRC a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Stáitchiste ráta chomhlúthaigh ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25 billiún don Bhanc Ceannais, agus bunaibíodh idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí. Íocann na bannaí ús gach sé mhí (Meitheamh agus Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6 mhí de chuid Euribor móide corrlach seasta lena ngabhann 2.63 pointe céatadáin ar an meán thar na hocht n-eisiúint.

Ar leachtú IBRC, ghnóthaigh Banc Ceannais na hÉireann Banna Stáitchiste 5.4% 2025 de chuid an Rialtais ar chostas €3.5 billiún tar éis fhoirceannadh chomhaontú athcheannaigh IBRC. Chomh maith leis sin, díolfaidh an Banc Ceannais gabháiltais bhannaí ar fiú €28.5 billiún iad ar a laghad de réir an sceidil seo a leanas: roimh dheireadh na bliana 2014 (€0.5 billiún), 2015–2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019–2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 agus ina dhiaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go ndíolfar na bannaí uile). Mar chuid den díolachán íosta sin, dhíol an Banc Bannaí Stáitchiste 5.4% 2025 de chuid Rialtas na hÉireann ar chostas €350 milliún roimh dheireadh mhí na Nollag 2013<sup>1</sup>.

### Maoiniú Gearrthéarmach

Tar éis é a chur ar siúl arís i mí Iúil 2012, leanadh ar aghaidh le clár Billí Stáitchiste GBCN le linn 2013 agus i rith 2014, agus ceantanna rialta á gcur ar siúl le linn na tréimhse sin.

Choimeád GBCN clár Pháipéar Tráchtála Ilairgeadra Euro na hÉireann (PTE) ar bun sa bhliain 2013 freisin. Tá an clár liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann. Díoltar páipéar ar bhonn fiosrúchán aisiompaithe agus luaitear praghsanna ar Bloomberg. Bhí €0.5 billiún gan íoc ag deireadh na bliana 2013 i gcomparáid le €1.3 billiún a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2012.

Eisíonn GBCN fiachas gearrthéarmach freisin i bhfoirm Nótaí Stáitchiste agus Nótaí Lárnacha Cisteáin, go príomha d'infheisteoirí institiúideacha intíre.

Ceantanna Billí Stáitchiste GBCN 2013				
Dáta an Cheant	Aibíocht	Suim €m	Toradh % (bliantúlaithe)	Cóimheas idir Tairiscint agus Clúdach
17 Eanáir 2013	3 mhí	500	0.200	3.8
21 Feabhra 2013	3 mhí	500	0.240	3.3
21 Márta 2013	3 mhí	500	0.240	3.4
18 Aibreán 2013	3 mhí	500	0.195	4.8
16 Bealtaine 2013	3 mhí	500	0.129	3.6
20 Meitheamh 2013	3 mhí	500	0.200	2.9
18 Iúil 2013	3 mhí	500	0.200	3.6
19 Meán Fómhair 2013	3 mhí	500	0.180	3.3

Foinse: GBCN

Ceantanna Billí Stáitchiste GBCN 2014				
Dáta an Cheant	Aibíocht	Suim €m	Toradh % (bliantúlaithe)	Cóimheas idir Tairiscint agus Clúdach
20 Márta 2014	3 mhí	500	0.200	3.8
15 Bealtaine 2014	3 mhí	500	0.220	3.5
19 Meitheamh 2014	3 mhí	500	0.105	4.2

Foinse: GBCN

<sup>1</sup>Tuarascáil Bhliantúil Bhanc Ceannais na hÉireann 2013

## Táirge Coigiltis Stáit

Is é State Savings® (Táirge Coigiltis Stáit) an t-ainm branda a úsáideann GBCN maidir le raon táirgí coigiltis Rialtas na hÉireann a thairgtear do choigilteoirí pearsanta.

I gcaitheamh na bliana 2013, bhí insreabhadh glan €1.9 billiún sna táirgí Coigiltis Stáit, agus ag deireadh na bliana 2013, ba é €18.2 billiún an tsuim iomlán a bhí gan íoc.

Táirgí Coigiltis Stáit GBCN		
	An Méid Iomlán a bhí Gan Íoc ag Deireadh 2013 €m	Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Glan in 2013
Bannaí Coigiltis	5,342	(226)
Bannaí Náisiúnta Dlíthpháirtíochta	1,752	751
Cairteacha Coigiltis	6,002	1,211
Tráthchoigiltí	478	4
Duaisbhannaí	1,932	283
Cuntais Taisce	2,650	(153)
<b>Iomlán</b>	<b>18,156</b>	<b>1,870</b>

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhiúir iomlán.  
Foinse: GBCN

Feidhmíonn an Post mar ghníomhaire de chuid GBCN maidir le díolachán agus le riarachán táirgí Coigiltis Stáit (seachas Duaisbhannaí). Is í an Chuideachta Duais-Bhannaí (comhfhiontar idir an Post agus Fexco, cuideachta seirbhísí airgeadais Éireannach) a oibríonn Scéim na nDuaisbhannaí thar ceann GBCN.

I mí an Mheithimh 2013, laghdaigh GBCN na rátaí úis a bhí á n-íoc ar tháirgí Coigiltis Stáit chun athruithe sa mhórmhargadh coigiltis a léiriú. Cuireadh lagduithe eile i bhfeidhm i mí na Nollag 2013.

Ba iad seo a leanas na rátaí a bhí i bhfeidhm an 8 Nollaig 2013 tar éis na lagduithe sin:

- Banna Coigiltis 3 bliana: toradh iomlán ráta sheasta 4 faoin gcéad (RCB<sup>2</sup> 1.32 faoin gcéad);
- Banna Náisiúnta Dlíthpháirtíochta 4 bliana: toradh iomlán ráta sheasta 6 faoin gcéad (RCB 1.47 faoin gcéad);
- Cairt Choigiltis 5 bliana go leith: toradh iomlán ráta sheasta 10 faoin gcéad (RCB 1.75 faoin gcéad);
- Tráthchoigiltí 6 bliana: toradh iomlán ráta sheasta 10 faoin gcéad (RCB 1.75 faoin gcéad); agus
- Banna Náisiúnta Dlíthpháirtíochta 10 mbliana: toradh iomlán ráta sheasta 30 faoin gcéad (RCB 2.66 faoin gcéad);

Rinneadh athruithe freisin ar an ráta athraitheach úis a bhí á úsáid chun luach dhuaischiste míosúil na nDuaisbhannaí a shocrú. Le héifeacht ón 8 Nollaig 2013, is é 1.60 faoin gcéad ráta dhuaischiste na nDuaisbhannaí. Ní dhearnadh aon athruithe ar an ráta inathraitheach ar an nGnáthchuntas Taisce, a leanann le ráta 0.25 faoin gcéad a íoc. Ní dhearnadh aon athruithe ach oiread ar an ráta inathraitheach ar an gCuntas Taisce Plus fógra 30 lá, a leanann le ráta 0.50 faoin gcéad a íoc.

## Próifíl Fiachais

Is é is Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) ann ná tomhas ar *ollfhiachas* comhdhlúite iomlán an Stáit. Is é an tomhas a úsáidtear chun críocha comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh é.

Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an *glanfhiachas* atá tabhaithe ag an Státchiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní gaolmhara eile a chur san áireamh. Is é Fiachas Náisiúnta an phríomh-chomhchuid de FRG ach áirítear le FRG freisin dliteanais de chuid comhlachtaí rialtais láir agus rialtais áitiúil.

Murab ionann agus an Fiachas Náisiúnta, tuairiscítear FRG ar bhonn comhlán agus ní fhritháirítear ann iarmhéideanna airgid gan íoc ná sócmhainní airgeadais eile. Cé gur le FRG a bhaineann na figiúirí sa rannán seo go príomha, is leis an bhFiachas Náisiúnta amháin a bhaineann freagrachtaí GBCN.

<sup>2</sup>Ráta Coibhéiseach Bliantúil

Comhshuíomh Fiachais ag Deireadh 2013		
	Fiachas Náisiúnta €bn	Fiachas Rialtais Ghinearálta €bn
Bannaí Rialtais	111.0	
Maoiniú Chlár AE/CAI	66.9	
Fiachas Eile Meántéarmach agus Fadtéarmach	0.8	
Scéimeanna Coigiltis Stáit*	15.5	
Fiachas Gearrthéarmach	3.3	
<b>Ollfhiachas Náisiúnta amhail 31/12/13</b>	<b>197.5</b>	<b>197.5</b>
Lúide Airgead agus Sócmhainní Airgeadais eile**	(23.6)	
<b>Fiachas Náisiúnta amhail 31/12/13</b>	<b>173.9</b>	
Coigeartuithe Fiachas Rialtais Ghinearálta		5.4
<b>Fiachas Rialtais Ghinearálta amhail 31/12/13</b>		<b>202.9</b>

\*Áirítear freisin i Scéimeanna Coigiltis Stáit airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist (BTP), nach cuid den Fhiachas Náisiúnta é. Tugtar na cistí sin ar iasacht don Stáitchiste go príomha mar airleacain ghearrthéarmacha agus trí Bhannaí Rialtais na hÉireann a cheannach. Agus Taiscí BTP á gcur san áireamh, b'ionann an Coigiltas Stáit iomlán a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2013 agus €18.2 billiún.

\*\*Dá raibh iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile de chuid an Stáitchiste freagrach as €18.5 billiún ag deireadh na bliana 2013.

Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Staidrimh

B'ionann FRG ag deireadh na bliana 2013 agus €202.9 billiún nó 123.7 faoin gcéad den Olltáirgeacht Intíre (OTI). Tá sé réamh-mheasta go laghdóidh an cóimheas FRG/OTI go 121.4 faoin gcéad ag deireadh na bliana 2014, é á bhrú ag laghdú ar iarmhéideanna airgid a carnadh roimhe seo, agus go dtitfidh FRG go 107.2 faoin gcéad de OTI faoi dheireadh na bliana 2018.

Fiachas Réamh-mheasta Rialtais Ghinearálta 2014-2018	
Bliain	% de OTI
2014	121.4
2015	120.0
2016	115.9
2017	112.0
2018	107.2

Foinse: An Roinn Airgeadais (Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2014)

Agus í á baint amach tríd an gcóimheas fiachais a chobhsú agus a laghdú, baineann ríthábhacht le hinbhuanaitheacht fiachais maidir leis an muinín atá ag infheisteoirí as Éirinn agus, ar deireadh, maidir le rochtain mhargaidh a choimeád ar bun. Is é an phríomhuirlis bheartais atá ar fáil don Rialtas maidir le hinbhuanaitheacht fiachais a áirithiú ná comhardú buiséid phríomhúil (comhardú buiséid nach gcuimsítear íocaíochtaí úis ann) a reáchtáil, comhardú atá mór go leor chun freastal ar aon bhearna atá ann idir an meánráta úis ar an stoc fiachais agus fás ainmiúil OTI. Tá an titim réamh-mheasta sa chóimheas FRG/OTI thar an tréimhse go 2018 bunaithe ar chomharduithe réamh-mheasta buiséid phríomhúil an Rialtais thar an tréimhse sin, faoi mar atá leagtha amach sa Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2014.


Mar a luadh cheana féin, is ionann FRG agus beart comhlán a fhágann nach féidir iarmhéideanna airgid ná sócmhainní airgeadais eile a fhritháireamh. Mar sin féin, cuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) tomhas ar an nGlanfhiachas Rialtais Ghinearálta (GFRG)<sup>3</sup> ar fáil, a ríomhtar trí luach na sócmhainní airgeadais a chomhfheagraíonn do chatagóirí dliteanas airgeadais ar cuid den Ollfhiachas Rialtais Ghinearálta iad a bhaint as an nGlanfhiachas Rialtais Ghinearálta. Measann CSO gurbh ionann an Glanfhiachas Rialtais Ghinearálta ag deireadh na bliana 2013 agus €161.2 billiún nó 98.3 faoin gcéad de OTI.

Measadh gurbh ionann meánaibíocht ualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus oifigiúil na hÉireann agus 12.5 bliain ag deireadh na bliana 2013<sup>4</sup>: ba é 7.3 bliain an figiúr inchoimparáide ag deireadh na bliana 2012. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ó dheireadh na bliana 2012 ar aghaidh eisiúint na mbannaí fadtéarmacha ráta chomhlúthaigh i mí Feabhra 2013 chun áit nóta gealltanais IBRC a ghlacadh. Léiríonn sé freisin na meánsintí seacht mbliana a rinneadh ar aibíocht iasachtaí na hÉireann ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM), rud a comhaontaíodh in 2013.

<sup>3</sup> CSO, Staitisticí Airgeadais Rialtais, Aibreán 2014

<sup>4</sup> Ós rud é nach socrófar na dátaí athbhreithnithe aibíochta a bhíonn ag iasachtaí aonair EFSM ach nuair a bheid siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta, is réamh-mheastachán é an meánfhigiúr ualaithe aibíochta 12.5 bliain ag deireadh na bliana 2013.

## Próifil Aibíochta Fhiachas Fadtéarmach Indíolta agus Oifigiúil na hÉireann ag Deireadh 2015



\*Chuir an Ríocht Aontaithe, an tSualainn agus an Danmhairg iasachtaí déthaobhacha ar fáil.

\*\*Léirítear in iasachtaí EFSF na síntí aibíochta a comhaontaíodh in 2013.

\*\*\*Tá iasachtaí EFSM faoi réir síneadh seacht mbliana freisin. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027. Mar sin féin, ní shocrófar na dátaí athbhreithnithe aibíochta a bhíonn ag iasachtaí aonair EFSM ach nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Léirítear bunaibíochtaí iasachtaí EFSM thuas.

Foinse: GBCN

## Toradh Fónaimh d'Fhiachas

Is iad bunchuspóirí GBCN i leith bainistiú fiach ná leachtacht leordhóthanach a chinntiú don Státhiste agus costais fónaimh d'fhiachas a bharrfheabhsú thar an meántéarma faoi réir leibhéal inghlactha riosca.

Ba é €7,324 milliún costas úis airgid an Fhiachais Náisiúnta a gearradh ar an Státhiste in 2013. Ba iad na míreanna eile a gearradh ar chostais as fónamh d'fhiachas an Státhiste ná cistí fiachmhúchta ar a raibh luach €625 milliún – go bunúsach, is ionann é sin agus athrú teicniúil ar an mbuiséad reatha a léirítear freisin mar fháltas sa bhuiséad caipítal – agus táillí agus speansais riaracháin €134 milliún.

Faoin mórthomhas Rialtais Ghinearálta, meastar gurbh ionann caiteachas úis sa bhliain 2013 agus €7,681 milliún<sup>5</sup>, thart ar €559 milliún faoi bhun an mheastacháin chomhfhreagraigh a rinneadh sa Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta i mí Aibreáin 2013.

<sup>5</sup> CSO, Fiachas agus Easnamh Bliantúil an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach, Aibreán 2014



## Margadh Bhanáí Rialtais na hÉireann

### Bannaí Tagarmhairc

Tá 11 bhanna tagarmhairc ag Éirinn agus tá aibíochtaí le sonrú sa chuar toraidh aníos go dtí 2025.

Bannaí Tagarmhairc Rialtais na hÉireann			
Banna	An Dáta Aibíochta	Gan Íoc Deireadh 2013 €m	Gan Íoc Deireadh Bhealtaine 2014 €m
Banna Státchiste 4.0% 2014	15 Eanáir 2014	2,746	0
Banna Státchiste 4.5% 2015	18 Feabhra 2015	3,630	2,230
Banna Státchiste 4.6% 2016	18 Aibreán 2016	10,169	10,169
Banna Státchiste 5.5% 2017	18 Deireadh Fómhair 2017	6,389	6,389
Banna Státchiste 4.5% 2018	18 Deireadh Fómhair 2018	9,256	9,256
Banna Státchiste 4.4% 2019	18 Meitheamh 2019	7,700	7,700
Banna Státchiste 5.9% 2019	18 Deireadh Fómhair 2019	6,767	6,767
Banna Státchiste 4.5% 2020	18 Aibreán 2020	11,809	11,809
Banna Státchiste 5.0% 2020	18 Deireadh Fómhair 2020	9,052	9,052
Banna Státchiste 3.9% 2023	20 Márta 2023	5,000	5,000
Banna Státchiste 3.4% 2024	18 Márta 2024	0	6,637
Banna Státchiste 5.4% 2025	13 Márta 2025	11,745	11,745

Foinse: GBCN

Léiríonn an t-athrú próifíle idir deireadh mhí na Nollag 2013 agus deireadh mhí na Bealtaine 2014 fuascailt bhanna Eanáir 2014 agus eisiúint nua bhanna 2024 i mí Eanáir 2014.

### Bannaí Amúchta

D'eisigh GBCN bannaí amúchta, a dhéanann íocaíochtaí bliantúla comhionanna thar a saolré, chun freastal ar riachtanais thionscal pinsean na hÉireann. Murab ionann agus bannaí caighdeánacha, nuair a dhéantar íocaíocht na príomhshuime ar aibíocht tar éis íocaíochtaí úis bhliantúil, íocann na bannaí amúchta nua suim chomhionann gach bliain thar shaolré an bhanna, a léiríonn gur fearr le scéimeanna pinsean agus le soláthraithe blianachtaí sruth leanúnach ioncaim a fháil.

Tá 10 mbanna amúchta ann, lena ngabhann tréimhsí aibíochta a mhairfidh go dtí an tréimhse idir 2027 agus 2047. Léiríonn na bannaí sin na riachtanais atá ag cistí pinsean bannaí ar théarmaí níos faide a bheith acu.

Mar aon leis na bunbhannaí amúchta arbh fhiú €1 billiún iad a díoladh in 2012, díoladh tuilleadh bannaí le linn 2013 ar bhonn teoranta fiosrú droim ar ais. Amhail deireadh mhí na Nollag 2013, bhí Bannaí Amúchta na hÉireann arbh fhiú €1.39 billiún iad fós gan íoc.

### Bannaí Ráta Chomhlúthaigh

Rinne GBCN Bannaí ainmniúla Ráta Chomhlúthaigh arbh fhiú €25 billiún iad a eisiúint an 8 Feabhra 2013. Malartaíodh na bannaí sin ar na Nótaí Gealltanais a bhí i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann. Tugtar sonraí faoi gach cineál banna sa tábla thíos.

Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh	
	Suim a bhí Gan Íoc 2013 €m
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2038	2,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2041	2,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2043	2,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2045	3,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2047	3,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2049	3,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2051	5,000
Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2053	5,034
<b>Iomlán</b>	<b>25,034</b>

Foinse: GBCN

## Láimhdeachas Bannaí Rialtais

Tháinig méadú suntasach ar láimhdeachas i mbannaí Rialtais na hÉireann le linn 2013 toisc gur fhill Éire ar eisiúint normálta mhargaidh. I gcomparáid le €64.7 billiún in 2012, ba é an láimhdeachas ainmniúil iomlán, mar a thuairiscigh Stocmhalartán na hÉireann é, ná €92.2 billiún in 2013. Ba i mí Eanáir a bhí an láimhdeachas míosúil ab airde in 2013 tar éis shindeacáitíú bhannaí 2017 ar chostas €2.5 billiún.

Ba é €75.7 billiún an láimhdeachas a tuairiscíodh don tréimhse idir mí Eanáir agus deireadh mhí Aibreáin 2014, méadú de níos mó ná €42 billiún ar an bhfigiúr don tréimhse chéanna in 2013. Léiríonn an ghníomhaíocht mhéadaithe i mbannaí Rialtais na hÉireann dúil níos láidre i measc infheisteoirí, raonta difríochta normalaithe tairisceana is ofrála agus eisiúint rialta.

Láimhdeachas Bannaí Rialtais			
Láimhdeachas de réir Míosa	2014 €m	2013 €m	2012 €m
Eanáir	36,039	14,827	13,152
Feabhra	12,037	5,422	4,904
Márta	15,388	7,815	3,736
Aibreán	12,248	5,593	2,269
Bealtaine	19,969	5,420	3,832
Meitheamh		6,792	2,312
Iúil		3,854	9,091
Lúnasa		5,477	3,676
Meán Fómhair		8,851	7,349
Deireadh Fómhair		7,822	6,354
Samhain		7,449	5,213
Nollaig		12,897	2,859
<b>Iomlán</b>	<b>95,681</b>	<b>92,218</b>	<b>64,748</b>

Foinse: Stocmhalartán na hÉireann

## Córas Príomhdhéileálaithe

Tá grúpa láidir Príomhdhéileálaithe ag margadh bhannaí Rialtais na hÉireann – bainc idirnáisiúnta infheistíochta a bhfuil réim acu ar fud an domhain den chuid is mó. Déanann gach ceann de na 18 bPríomhdhéileálaí atá aitheanta ag GBCN praghsanna leanúnacha dhá bhealach ar bhannaí tagarmhairc sainithe a dhéanamh in íosmhéideanna sonraithe agus laistigh d'uasraonta difríochta tairisceana is ofrála. Déanann roinnt stocbhróicéirí ordúithe cliant a mheaitseáil freisin.

Seo a leanas na Príomhdhéileálaithe:

- Barclays, Londain
- BNP Paribas, Londain
- Cantor Fitzgerald Ireland Limited, Baile Átha Cliath
- Crédit Agricole CIB, Londain

- Citigroup, Londain
- Davy, Baile Átha Cliath
- Danske Bank, Cóbanhávan
- Deutsche Bank, Frankfurt
- Goldman Sachs, Londain
- HSBC CCF, Páras
- ING Bank NV, Amstardam
- JP Morgan, Londain
- Merrill Lynch International, Londain
- Morgan Stanley & Co International plc
- Nomura International plc, Londain
- Royal Bank of Scotland, Londain
- Société Générale, Páras
- UBS Limited, Londain

Aithníodh Cantor Fitzgerald Ireland Ltd mar Phríomhdhéileálaí i mí Iúil 2013.

Tá na Príomhdhéileálaithe ina mbaill de Stocmhalartán na hÉireann, áit a bhfuil bannaí Rialtais na hÉireann liostaithe. Tá rochtain eisiach acu ar cheantanna bannaí GBCN agus is féidir leo leas a bhaint as saoráidí comhaontú athcheannaigh (iasachtaíocht chomhthabhairthe ghearrthéarmach) a sholáthraíonn GBCN i bhfoirm bhannaí Rialtais na hÉireann.

## Rátáil Chreidmheasa

San am i láthair, tá stádas grád infheistíochta ag Éirinn le gach ceann de na príomhghníomhaireachtaí rátála. Thug Fitch rátáil BBB+ d'Éirinn; atá ar an tríú heang is airde sa ghrád infheistíochta. Chuir Moody's Éire ar ais sa ghrád infheistíochta, agus rátáil Baa3 á tabhairt aige agus ionchas dearfach á chur aige ina leith i mí Eanáir 2014. Ba é sin an chéad uair a rinne Moody's Éire a uasghrádú ó mhí Iúil 2011 agus ba ghníomh suntasach é a raibh tionchar dearfach aige ar phraghsanna bhannaí na hÉireann. I mí na Bealtaine, rinne Moody's an rátáil a bhogadh suas dhá eang eile go Baa1, rud is comhionann leis an rátáil a thugann Fitch d'Éirinn faoi láthair. Rinne Standard & Poor's rátáil chreidmheasa cheannasaigh na hÉireann a uasghrádú go A- (ó BBB+) agus chuir sé ionchas dearfach i leith na tíre i mí an Mheithimh 2014.

## Rátálacha Creidmheasa Cheannasaigh na hÉireann\*

Gníomhaireacht Rátála	Rátáil fhadtéarmach	Rátáil ghearrthéarmach	Ionchas
Standard & Poor's	A-	a-2	Dearfach
Moody's	Baa1	P-2	Cobhsaí
Fitch Ratings	BBB+	F2	Cobhsaí
DBRS	A (íseal)	R-1 (íseal)	Cobhsaí
R&I	BBB+	a-2	Cobhsaí

\*Amháil an 30 Meitheamh 2014

Foinse: GBCN

## Clár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn

Ba ar an 15 Nollaig 2013 a tháinig deireadh oifigiúil le Clár trí bliana AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn, rud a ndeachthas isteach ann i mí na Samhna 2010. Fuarthas an íocaíocht amach dheiridh faoin gclár, íocaíocht arbh fhiú €800 milliún í, ó EFSM i mí an Mhárta 2014.

B'ionann dlíteanais faoi chlár AE/CAI ag deireadh mhí an Mhárta 2014 agus €68.2 billiún i dtéarmaí ainmniúla. B'ionann iasachtaí ó fhoinsí AE, iasachtóirí déthaobhacha ina measc, agus €45.7 billiún agus b'fhiú €22.5 billiún iad iasachtaí CAI. Ó thaobh comhluacha in euro de, b'ionann an costas éifeachtach measta iomlán ar iasachtaí a fuarthas faoi chlár AE/CAI agus 3.40 faoin gcéad ag deireadh mhí an Mhárta 2014.

### Dlíteanais faoi Chlár AE/CAI a bhí Gan Íoc ag Deireadh Mhárta 2014

Iasachtóir	Suím na hiasachta Ainmniúla €bn*
An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)	22.50
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF)	18.41
An Ríocht Aontaithe	3.83
An Danmhairg	0.40
An tSualainn	0.60
CAI**	22.45
<b>Iomlán</b>	<b>68.20</b>

\* Aistrítear comhluachanna in euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm an dáta tuairiscithe, agus tionchar na n-idirbheart fáilithe airgeadra san áireamh. Ba é €67.5 billiún an ghlanuim in euro a fuair an Státchiste, tar éis an figiúr sin a choigeartú chun eisiúint faoin bpar, asbhaint corrlaigh réamhíochta agus tionchar na n-idirbheart malairte eachtraí a chur san áireamh.

\*\*Ainmnítear iasachtaí CAI i gCearta Tarraingthe Speisialta (CTSanna), cúlsócmhainn idirnáisiúnta a chruthaigh CAI. Tá a luach bunaithe ar chiseán ceithre phríomhairgeadra idirnáisiúnta – is iad sin, an euro, yen na Seapáine, punt steirling agus dollar na Stát Aontaithe.

Foinse: GBCN

Ag cruinnithe de chuid Chomhairle na nGnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais (ECOFIN) / an Ghrúpa Euro i mí Aibreáin 2013, chomhaontaigh na hAírí i bprionsabal, faoi réir nósanna imeachta náisiúnta, síneadh 7 mbliana a chur le meánaibíocht ualaithe iasachtaí na hÉireann ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) agus ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) d'fhonn tacú le hiarrachtaí na hÉireann rochtain iomlán a athghnóthú ar an margadh agus dul amach go rathúil as clár AE/CAI.

Comhaontaíodh sonraí shintí iasachta EFSF i mí an Mheithimh 2013. Tar éis an chomhaontaithe sin, tá an chéad cheann d'iasachtaí EFSF le haibíú in 2029. Feidhmíonn EFSF córas comhthiomsaithe maoinithe, a fhágann nach bhfuil baint dhíreach ag iasachtaí le heisiúint.

Tá iasachtaí EFSM faoi réir síneadh 7 mbliana freisin. Toisc go ndéantar iasachtaí EFSM go comhuaineach le heisiúintí bannaí, ní shocrófar na dátaí athbheithnithe aibíochta beachta a bhíonn ag iasachtaí aonair EFSM ach amháin nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Is ag an am sin a chuirfidh EFSM oibríocht maoinithe i gcrích. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hiasachtaí aonair EFSM a shíneadh níos mó ná uair amháin chun go bhféadfaí an mheánaibíocht ualaithe a mhéadú.

## Feidhmeanna Eile

Chomh maith leis na croífheidhmeanna atá aige i ndáil le hairgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus fiach a bhainistiú, comhlíonann an Lucht Stiúirthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach de chuid GBCN roinnt feidhmeanna eile.

### An Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009

I mí na Nollag 2009, thug an Rialtas scéim nua ráthaíochta isteach a leanfadh an Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 ar mhaithe le foráil a dhéanamh do dhlíteanais bhainc a ráthú tar éis an 29 Meán Fómhair 2010 – ba é sin, an Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009 (an Scéim RDI). Cheap an tAire Airgeadais GBCN mar Oibreoir ar an Scéim RDI.

Foráiltear leis an Scéim RDI go bhféadfar ráthaíocht dho-chúlghairithe neamhchoinníollach Stáit de suas le haibíocht cúig bliana arna heisiúint ag forais rannpháirteacha a thabhairt do dhlíteanais incháilithe áirithe (lena n-áirítear taiscí) a fhad is nach bhfuil na dlíteanais sin clúdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí atá á hoibriú ag Banc Ceannais na hÉireann.

Ní mór na dlíteanais sin a bheith tabhaithe ag forais rannpháirteacha idir an dáta a ndeachaigh siad leis an Scéim agus an dáta ar scoireadh den Scéim. Cuireadh deireadh leis an Scéim RDI ag meán oíche an 28 Márta 2013.

Aon dlíteanais a ráthaíodh faoin Scéim roimh an 28 Márta 2013, beidh siad fós ráthaithe go dtí go dtiocfaidh siad in aibíocht. Amháil dáta scoir den Scéim RDI, ba í €75 billiún an tsuim iomlán a bhí clúdaithe faoin Scéim. Toisc gur lean fiachas agus taiscí le haibíú tar éis dheireadh na Scéime, b'fhiú €20 billiún na suimeanna a bhí ráthaithe ag deireadh mhí na Nollag 2013.

### Dlíteanais a bhí clúdaithe faoin Scéim RDI ag Deireadh 2013 €m

Fiachas Sínearach Neamhurráithe	10,816
Neamhthaisc	
Taisc	9,275
<b>Iomlán</b>	<b>20,091</b>

Foinse: GBCN

Spreag leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (IBRC) an 7 Feabhra 2013 éilimh faoin Scéim RDI. Córas faoi réir éileamh is ea an Scéim RDI (murab ionann agus Scéim Ráthaíochta Taiscí an Bhainc Ceannais). Agus í ina hOibreoir ar an Scéim RDI, bainistíonn GBCN éilimh arna gcur isteach i ndáil le dliteanais IBRC a bhí ráthaithe faoin Scéim. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin GBCN.

Cuimsíodh i ndliteanais ráthaithe IBRC bannaí agus taiscí incháilithe araon, a fhágann nach bhfuil siad clúdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí. Rinneadh dhá bhanna a bhí clúdaithe faoin Scéim RDI a aisíoc i mí an Mhárta 2013 agus b'fhiú €934 milliún san iomlán iad. Amhail mí na Bealtaine 2014, bhí thart ar €110 milliún íochta amach i ndáil le cuntais taisce. Leanann GBCN le comhordú a dhéanamh le Leachtaitheoirí Speisialta IBRC chun éilimh gan íoc a réiteach.

### Ráthaíocht Díorthach IBRC

Chuir an tAire Airgeadais Gníomhas Ráthaíochta i bhfeidhm an 29 Samhain 2010 chun gníomhaíocht díorthach áirithe a rinne Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh Teoranta, IBRC (faoi Leachtú Speisialta) anois, a chlúdach agus í ag iarraidh riosca bunráta úis agus airgeadra eachtraigh a bhainistiú ar a clár comhardaithe. Mar thoradh ar Leachtaitheoirí Speisialta a cheapadh chuig IBRC an 7 Feabhra 2013, rinne contrapháirtithe díorthacha a n-idirbhearta díorthacha gan íoc le IBRC a fhoirceannadh. I gcásanna nach raibh luachálacha díorthacha diúltacha clúdaithe cheana le comhthaobhacht ag an dáta foirceannta, bhí contrapháirtithe i dteideal éileamh a chur isteach i leith aon easnaimh faoin nGníomhas Ráthaíochta.

I mí an Mhárta 2013 rinne an Rialtas na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean chuig GBCN:

- i. éilimh ar íocaíocht a dheimhniú i ndáil leis an nGníomhas Ráthaíochta a rinne an tAire Airgeadais an 29 Samhain 2010; agus
- ii. suimeanna a íoc amach atá dlíte agus iníochta faoin nGníomhas Ráthaíochta.

Tá an próiseas sin thart anois, agus íocadh €37.5 milliún san iomlán le 10 gcontrapháirtí.

### An tSeirbhís Lárnach Cisteáin

Tógann Seirbhís Lárnach Cisteáin (SLC) GBCN taiscí ó chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit, ó údaráis rialtais áitiúil, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó bhoird oiliúna agus oiliúna agus tugann sí airleacain dóibh freisin. Is é an cuspóir atá ann ná malairt iomaíoch ar earnáil na baincéireachta a thabhairt do na comhlachtaí sin agus iad i mbun gnó cisteáin agus, dá bhrí sin, coigilteas a bhaint amach don Státchiste ag an am céanna. Ag deireadh na bliana 2013, b'ionann iasachtaí SLC do 18 gcomhlacht ainmnithe agus €37.4 milliún san iomlán. Cuireadh 166 taisce in SLC in 2013 agus ba é €29.3 milliún an meán-iarmhéid gan íoc ina leith.

### Ciste na gCuntas Díomhaoine

Faoin *Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001*, agus faoin *Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003*, déantar iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine le bainc, le cumainn foirgníochta agus leis An Post agus glanluach ina airgead ar pholasaithe áirithe árachais saoil a tharchur chuig an Stát ar bhonn bliantúil lena n-íoc amach chun críocha carthanachta nó ar mhaithe le leas an phobail. Is gnách gurb í an tréimhse faoi choinne díomhaoineas a shocrú ná 15 bliana ón idirbheart ba dheireanaí a thionscain an custaiméir. I gcás polasaithe árachais saoil lena ngabhann téarma sonraithe, is í an tréimhse ná cúig bliana tar éis dheireadh an téarma sin. Ráthaítear leis an reachtaíocht an ceart atá ag sealbhóirí cuntais agus polasaí a gcuid airgid a athéileamh ag aon am ar bith ó na forais airgeadais.

Ar feitheamh íoc amach, déanann GBCN bainistíocht ar an airgead i gCiste na gCuntas Díomhaoine. Bhí €185.5 milliún á bhainistiú ag GBCN ag deireadh na bliana 2013. Aistríodh €44.6 milliún chuig an gCiste in 2013, agus athéilíodh €19.5 milliún ó chuntais a bhí díomhaoine roimhe sin. B'ionann na híocaíochtaí amach ón gCiste agus €1.5 milliún in 2013.

### Gníomhaíochtaí Eile

Comhlíonann an Lucht Stiúirtheoireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach na feidhmeanna seo a leanas freisin:

- Seirbhísí cistíochta a chur ar fáil do CNP agus do GNBS araon;
- Seirbhísí cistíochta a chur ar fáil do Leachtaitheoirí Speisialta IBRC chun an clár comhardaithe a bhainistiú;
- Airgead a fháil ar iasacht thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe faoina Clár Páipéar Tráchtála Ilairgeadra dar luach €6 billiún;
- Dul i mbun oibríochtaí laethúla um bainistiú gearrthéarmach airgid le leibhéal iarmhéideanna airgid an Rialtais i mBanc Ceannais na hÉireann a rialú. Tugtar faoin obair sin mar chuid den bhainistíocht iomlán ar leachtacht i limistéar an euro ag an mBanc Ceannais Eorpach; agus
- An Ciste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe a infheistiú.

# An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ainmnítear GBCN mar Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus na feidhmeanna atá aici ó thaobh bainistíocht éileamh agus bainistíocht riosca á gcomhlíonadh aici, éilimh a tharmligear chuici faoin *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000*.

Seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag GÉS:

- A chinntiú go ndéantar dliteanas an Stáit i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine, agus speansais GÉS i ndáil lena mbainistiú, a choinneáil ag an leibhéal is ísle agus is féidir; agus
- Cláir oibre riosca dírithe ar dhíobháil phearsanta agus dhamáiste réadmhaoine a chur i bhfeidhm chun riosca dlíthíochta a mhaolú, in údarás Stáit agus frontair cúram sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú.

Clúdaítear faoi shainchúram GÉS éilimh a bhaineann le rioscaí díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí agus éilimh a bhaineann le húdaráis Stáit áirithe, lena n-áirítear an Stát féin, airí Rialtais, an tArd-Aighne, frontair chúram sláinte, Coimisinéir an Gharda Síochána, rialtóirí príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus eagraíochtaí éagsúla eile.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuir an Rialtas freagracht ar GÉS as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta a bhaineann le dhá tháirge íocshláinte, Celvepan agus Pandemrix, a ionghabháil. I mí Aibreáin 2014, rinneadh sainchúram GÉS a leathnú arís eile nuair a thug an Rialtas freagracht do GÉS as éilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine tríú páirtí a bhainistiú i ndáil le 61 comhlacht poiblí breise, rud a mhéadaigh líon na gcomhlachtaí poiblí atá faoi shainchúram GÉS ó 56 ceann go 117 ceann.

## Bainistíocht Éileamh

Ó thaobh bainistíocht éileamh de, is é an cuspóir atá ag GÉS ná éilimh a bhainistiú chun a chinntiú go gcoinneofar dliteanas an Stáit chomh híseal agus is féidir. Is iad seo a leanas na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis an méid sin:

- I gcásanna ina meastar go bhfuil an Stát faoi dhliteanas nó i gcásanna lena mbaineann cionroinnt dliteanas, is é an cur chuige lena nglacann GÉS ná éilimh den sórt sin a shocrú go dlúsúil, a mhéid is féidir, ar théarmaí córa réasúnta; agus
- I gcásanna ina ndéanann an Stát agóid go hiomlán i gcoinne an dliteanas, baintear leas as gach acmhainn is gá chun cosaint ar na héilimh sin.

Déanann an GÉS bainistíocht ar éileamh ón gcéad fhógra ina leith go dtí go réiteofar iad ar deireadh. Déantar éilimh a imscrúdú go críochnúil agus go tráthúil d'fhonn cinneadh a dhéanamh go luath maidir le dliteanas agus straitéis a éascú.

Sa bhliain 2013, réitigh GÉS 1,861 éileamh ar chostas €80.6 milliún agus fuair sí 2,242 éileamh nua. Ag deireadh na bliana 2013, bhí GÉS ag láimhseáil 6,188 éileamh, méadú 7.5 faoin gcéad ar an mbliain roimhe. B'ionann an dliteanas measta i leith gach éilimh ghníomhaigh agus €1.2 billiún, iad miondealaithe mar seo a leanas:

Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2013		
	Éilimh	Dlíteanas Measta Gan Íoc €m
Díobháil phearsanta (cliniciúil)	3,061	1,037
Díobháil phearsanta (neamhcliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí	3,127	186.7
<b>Iomlán</b>	<b>6,188</b>	<b>1,223.7</b>

Foinse: GBCN

## Éilimh Dhíobhála Pearsanta (Chliniciúla)


Déantar bainistíocht ar éilimh chliniciúla faoi roinnt scéimeanna ar leith atá á mbainistiú ag GÉS: Faoin scéim is mó – an Scéim Slánaíochta Cliniciúla – ghlac an Stát leis an bhfreagracht as éilimh faillí cliniciúla a shlánú agus a bhainistiú sa mhéid go mbaineann na héilimh sin le diagnóis, le cóireáil agus le cúram othar i bhfrontair chúraim shláinte poiblí.

Sa bhliain 2013, réitigh GÉS 419 éileamh díobhála pearsanta (cliniciúil) ar chostas €63 milliún.

Bhain GÉS coigilteas suntasach amach maidir le héilimh dhíobhála pearsanta (chliniciúla) a bhainistiú in 2013. Measadh i measúnú achtúireach neamhspleách go mbeadh €154 milliún ag teastáil in 2013 chun freastal ar an gcostas a bhainfeadh le héilimh a réiteach agus ar an gcostas a bhainfeadh le héilimh bheo leanúnacha a bhainistiú araon. Agus suimeanna a d'éirigh léi a aisghabháil ó thríú páirtithe á gcur san áireamh, b'ionann an glanchostas agus €119.7 milliún – coigilteas €34.3 milliún, nó 22 faoin gcéad.

Fuair GÉS 783 éileamh nua in 2013. Bhí éilimh a bhain le máinliacht agus le cnáimhseachas freagracht as thart ar leathchuid de na héilimh nua uile agus as trí cheathrú de dhliteanas réamh-mheasta na n-éileamh nua uile mar thoradh ar na hardluachanna a bhíonn ar éilimh a bhaineann le cnáimhseachas.

## Éilimh chliniciúla a fuarthas in 2013 – de réir speisialtacha



Foinse: GBCN

Ag deireadh na bliana 2013, bhí GÉS ag láimhseáil 3,061 éileamh cliniúil a raibh dliteanas measta €1 billiún ag baint leo, i gcomparáid le 2,652 éileamh gníomhach ag deireadh na bliana 2012.

Léiríonn an méadú sin líon mór éileamh a bhain le Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes agus le simfiseatóimí in 2013.

### Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes

I mí Iúil 2013, cheadaigh an Rialtas bunú Scéime nua a dearadh chun cúiteamh a íoc le hiarthair de chuid an Dr Neary (Cnáimhseoir Comhairleach) a fuair úfaireachtóime dhéthaobhach neamhriachtanach in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha. D'fhonn cáiliú le haghaidh sásaimh, ní mór go bhfuair na hiarratasóirí úfaireachtóime dhéthaobhach, nó gur baineadh an t-aon ubhagán feidhmiúil a bhí fágtha acu, agus iad 40 bliain d'aois nó níos sine. Ní mór gur fágadh an t-iarratasóir meanapásach díreach i ndiaidh na hobráide agus ní mór nach raibh aon údar leighis leis an obráid. D'iarr an tAire Sláinte ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát an Scéim a dhréachtú agus a riar.

Fuair GÉS céad iarratas i leith na Scéime agus tá 40 íocaíocht déanta aici go dtí seo. Diúltaíodh do 32 iarratas toisc nár chomhlíon na hiarratasóirí na critéir cháilitheachta. Tarraingíodh cúig iarratas siar. Tá 23 iarratas eile fós amuigh, ar feitheamh doiciméid tacaíochta a chur isteach. Rinneadh íocaíochtaí sásaimh idir €60,000 agus €100,000 le hiarratasóirí rathúla. Íocadh costais dlí agus/nó costais iarratas le roinnt iarratasóirí rathúla. Íocadh €3,500 in aghaidh an iarratasóra ar an meán ina leith sin. Roghnaigh roinnt iarratasóirí gan cúnamh dlí a lorg. Thug aturnae de chuid GÉS cúnamh do na hiarratasóirí sin. Táthar ag súil go gcuirfean an Scéim i gcrích faoi dheireadh shamhradh na bliana 2014.

### Cásanna Simfiseatóime

Rinne thart ar 200 bean éilimh in aghaidh ospidéal/aonaid mháithreachais chun damáistí a lorg i ndáil le hobráidí simfiseatóime a rinneadh idir 1945 agus 1982. Is obráid mháinliachta í simfiseatóime. Is gnách go ndéanann cnáimhseoirí í chun méid pheilibheas na máthar a mhéadú d'fhonn freastal ar bhreith clainne i gcás mionbhacainne. Maítear in éilimh na mban go ndearnadh na simfiseatóimí go héagórach agus/nó go ndearnadh iad gan toiliú cuí agus gur fhulaing siad fo-iarmhairtí fadtéarmacha dá mbarr. San am i láthair, tá GÉS ag láimhseáil thart ar 111 éileamh simfiseatóime.

### Costas na nÉileamh a Réitíodh

I gcomparáid le €56,000 in 2009, ba é €154,000 meánchostas na n-éileamh díobhála pearsanta (cliniúil) a réitíodh in 2013 (lenár áiríodh dámhachtainí/socraíochtaí agus costais ghaolmhara dlí agus costais ghaolmhara eile). Tháinig an méadú sin chun cinn go príomha mar gheall go ndearna an tAire Sláinte éilimh a bhain le 2,500 comhairleach, ar ghnách le heagraíochtaí cosanta leighis iad a láimhseáil roimhe, a ligean isteach i Scéim Slánaíochta Cliniciúla GÉS ó mhí Feabhra 2004 ar aghaidh. Mar thoradh air sin, bhí sé dosheachanta go mbeadh méadú suntasach ar líon agus ar dhéine na n-éileamh. I gcásanna cnáimhseacha, go háirithe iad siúd a bhaineann le gortú inchinne do naíonáin, is gnách nach réitítear an t-éileamh go dtí idir cúig bliana agus seacht mbliana tar éis an imeachta dhíobhálaigh ba chúis leis an éileamh.

Toisc eile a bhí taobh thiar den chostas in aghaidh an éilimh a bheith ní b'airde ná an meán ba ea an cinneadh a rinne an Ard-Chúirt, de bhun cás fásaigh in 2009, an leibhéal damáistí ginearálta a bhronntar i leith cásanna a bhaineann le díobhála tubaisteacha a mhéadú faoi 38.5 faoin gcéad, ba é sin, ó €325,000 go €450,000. Mhéadaigh costais táillí dlí i gcomhar leis an méadú ar chostais dámhachtainí/socraíochtaí. Léirítear sa tábla ar an gcéad leathanach eile costais a bhaineann leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS) amháin.

## Costas na n-éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a réitíodh 2009–2013

Gné Chostais	2009 €000	2010 €000	2011 €000	2012 €000	2013 €000
--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

## Costas na n-éileamh uile a réitíodh

Íocaíochtaí/socraíochtaí	13,150	30,161	36,630	35,630	36,430
Táillí dlí - GÉS	4,570	7,710	8,610	9,270	9,060
Táillí dlí - gearánaí	4,600	11,070	14,250	13,530	15,480
Eile	380	880	1,030	1,010	1,170
<b>Iomlán</b>	<b>22,700</b>	<b>49,821</b>	<b>60,520</b>	<b>59,440</b>	<b>62,140</b>

## Meánchostas in aghaidh an éilimh a réitíodh

Íocaíochtaí/socraíochtaí	33	68	87	87	90
Táillí dlí - GÉS	11	17	20	23	22
Táillí dlí - gearánaí	11	25	34	33	38
Eile	1	2	2	2	3
<b>Iomlán</b>	<b>56</b>	<b>113</b>	<b>143</b>	<b>145</b>	<b>154</b>

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhiúir iomlán.  
Foinse: GBCN

## Conas a Réitítear Éilimh


I gcásanna ina dtagann imscrúdú GÉS ar an gconclúid go dtiteann cuid den dliteanas nó an dliteanas ar fad ar an údarás ábhartha Stáit, féachann sí le héilimh a réiteach go gasta ar théarmaí córa réasúnacha. Má mheasann sí nach dtiteann aon dliteanas ar an Stát, is é beartas GÉS leas a bhaint as gach acmhainn is gá chun cosaint ar na héilimh sin.

Réitíonn GÉS formhór na gcásanna trí shocraíocht a idirbheartú, go díreach le foireann dlí an ghearánaí nó trí phróiseas eadrána: ní thagann éisteacht dhíospóidte sa chúirt chun cinn ach i níos lú ná 3 faoin gcéad de chásanna faillí cliniciúla a láimhseálann GÉS.

Molann GÉS eadráin mar mhalairt ar chóras sáraíochta na gcúirteanna maidir le cásanna faillí cliniciúla a réiteach. Sa bhliain 2013, réitigh GÉS 19 gcás faillí cliniciúla trí eadráin, figiúr arbh ionann é agus méadú faoi thrí ar fhiúir na bliana roimhe.

De réir mar a aibíonn punann na n-éileamh cliniciúil bliain i ndiaidh bliana, táthar ag súil go leanfaidh líon na réiteach comhaontaithe de bheith ag méadú mar chéatadán den iomlán, faoi mar a tharla idir 2009 agus 2013.

## Conas a réitíodh éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla idir 2009 agus 2013




De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhiúir iomlán.  
Foinse: GBCN

### Éilimh (Neamhcliniciúla) Dhíobhála Pearsanta agus Éilimh Dhamáiste Réadmhaoine Trú Páirtí

Le linn na bliana 2013, réitigh GÉS 1,442 éileamh díobhála pearsanta (neamhcliniciúil) agus éileamh damáiste réadmhaoine trú páirtí ar chostas €18 milliún.

Fuair GÉS 1,459 éileamh nua in 2013. Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna leis na héilimh sin: timpistí tráchta ar bhóithre; sciorthaí, tuislí agus titimí; agus díobhála a raibh duine ina gcúis leo. Bhí na catagóirí sin le chéile freagrach as thart ar 60 faoin gcéad de na héilimh nua a fuarthas agus bhí siad freagrach as céatadán den sórt céanna de dhliteanas réamh-mheasta na n-éileamh nua uile.


#### Éilimh dhíobhála pearsanta (neamhcliniciúla) agus éilimh dhamáiste réadmhaoine trú páirtí a fuarthas in 2013 – de réir príomhchúise



Foinse: GBCN

Tá éilimh ó dhaoine den phobal ar an gcatagóir is mó ó thaobh dliteanas poiblí de. Tá éilimh ó bhail foirne FSS ar an gcatagóir is mó ó thaobh dliteanas fostóra de.

#### Éilimh dhíobhála pearsanta (neamhcliniciúla) agus éilimh dhamáiste réadmhaoine trú páirtí a fuarthas in 2013 – de réir chatagóir an duine dhíobhálaíthe



Foinse: GBCN

Ag deireadh na bliana 2013, bhí GÉS ag láimhseáil 3,127 éileamh a raibh dliteanas measta €186.7 milliún ag baint leo. Tá líon na n-éileamh atá á láimhseáil cobhsaí nach mór ó 2011 i leith.

#### Costas na n-éileamh a Réitíodh

I gcomparáid le blianta roimhe, bhí méadú ar an meánchostas in aghaidh an éilimh in 2013. Tháinig an méadú sin as aibíocht éileamh FSS. Tarmilgeadh na héilimh sin chuig GÉS in 2010 (feic an tábla ar an gcéad leathanach eile). Rinneadh roinnt éilimh ardluacha FSS a réiteach sa bhliain 2013.



**Costas na n-éileamh díobhála pearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste trú páirtí a réitíodh 2009–2013**

Gné Chostais	2009 €000	2010 €000	2011 €000	2012 €000	2013 €000
--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

**Costas na n-éileamh uile a réitíodh**

Íocaíochtaí/socraíochtaí	8,136	7,225	5,972	6,634	10,526
Táillí dlí - GÉS	1,632	1,838	1,537	1,597	2,510
Táillí dlí - gearánaí	2,713	2,960	2,456	2,304	3,883
Eile	483	522	476	473	778
<b>Iomlán</b>	<b>12,964</b>	<b>12,545</b>	<b>10,441</b>	<b>11,008</b>	<b>17,697</b>

**Meánchostas in aghaidh an éilimh a réitíodh**

Íocaíochtaí/socraíochtaí	7	5	5	4	7
Táillí dlí - GÉS	1	1	1	1	2
Táillí dlí - gearánaí	2	2	2	2	3
Eile	0	0	0	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>10</b>	<b>10</b>	<b>9</b>	<b>7</b>	<b>12</b>

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhigiúr iomlán.

Foinse: GBCN

**Aistriú na nOspidéal Deonach chuig Clúdach Slánaíochta Stáit**

Amhail mí Aibreáin 2014, ní cheannaíonn Grúpa na nOspidéal Deonach (GOD) árachas tráchtála a thuilleadh chun a dhliteanas fostóra, a dhliteanas poiblí agus a nochtadh i leith damáiste réadmhaoinne a chlúdach. Ina ionad sin, is ar bhonn “íoc mar a théitear” a bhainistíonn GÉS na héilimh sin, ar aon dul le beartas an Rialtais coigilteas Stáitchiste a bhaint amach trí na héilimh sin a fhéinmhaoiniú in ionad préimheanna árachais a íoc.

Táthar ag súil go mbeidh costas íseal ag baint le héilimh GOD sa ghearrthéarma, faoi mar a tharla tar éis do FSS aistriú chuig clúdach slánaíochta Stáit sa bhliain 2010/2011. Idir na blianta 2010 agus 2013, d’íocadh FSS préimheanna arbh fhiú thart ar €84 milliún iad, cé nach raibh ach costas €10.8 milliún ar na héilimh iarbhír sa tréimhse chéanna. B’ionann é sin agus coigilteas sreafa airgid de thart ar €73 milliún. Bunaithe ar phróifíil reatha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar a dliteanas éileamh thar an chéad deich mbliana eile, táthar ag súil go mbainfear coigilteas €30 milliún ar a laghad amach don Stát trí na héilimh sin a bheith á mbainistiú ag GÉS.

Tá sé réamh-mheasta go soláthróidh aistriú GOD chuig slánaíocht Stáit coigilteas láithreach sreafa airgid €4 mhilliún don Stát agus, de réir mar a aibíonn an phunann éileamh, tá sé réamh-mheasta go soláthrófar coigilteas €2 mhilliún in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin.

**Tionscnaimh i ndáil le Coigilteas Costais**

Déantar scrúdú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí a íocfar le hionadaithe dlí na ngearánaithe agus, nuair is féidir é, déanann GÉS iarracht an laghdú is mó agus is féidir a bhaint amach ar chostais dlí trí idirbheartaíocht. Mura n-éiríonn le GÉS leibhéal na gcostas dlí a íocfar le hionadaithe dlí na ngearánaithe a aontú, is é an Máistir Fómhais a dhéanfaidh an cinneadh sin.

**Coigilteas Costais Dlí a Idirbheartaíodh**

	2011	2012	2013
Coigilteas iomlán a idirbheartaíodh	€6.9m	€7.9m	€8.3m

Foinse: GBCN

Téann GÉS go briomhar sa tóir ar gach deis chun airgead a ghnóthú de réir an dea-chleachtas éilimh agus an oiread atá ceadaithe de réir dlí. Sampla den sórt sin ná airgead a ghnóthú trí ranníocaíochtaí ó thríú páirtí/ó chomhchosantóir. Cibé acu trí bhreithiúnas na cúirte nó trí chomhaontú leis an tríú páirtí/leis an gcomhchosantóir, féadfaidh an tríú páirtí/comhchosantóir céatadán sonraithe rannaíochta i ndáil le héilimh áirithe a íoc le GÉS. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, féadfar cúiteamh a fháil ina iomláine ó thríú páirtí/ó chomhchosantóir.

Aisghabhálacha			
	2011	2012	2013
Aisghabhálacha iomlána	€15.2m	€3.9m	€1.7m

Foinse: GBCN

Agus í ag féachaint le táillí abhcóidí a laghdú, thug an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát cuireadh d'abhcóidí tairiscintí iomaíocha a chur isteach dá gcuid seirbhísí in 2012. Tagann an comórtas tairisceana sin sna sála ar an rath a bhí ar thionscnamh den chineál céanna de chuid GÉS in 2011, rud a laghdaigh costais na dtáillí a iocair le haturnaetha faoi 25 faoin gcéad.

Fuarthas tuairim is 1,000 tairiscint aonair ar fud sé phainéal agus dhá Chuaird dhéag ar fud na tíre mar fhreagairt don chomórtas tairisceana. Cuireadh na painéil nua abhcóidí i bhfeidhm i mí Eanáir 2013 agus táthar ag súil go mbainfidh siad coigilteas costas dlí de níos mó ná 25 faoin gcéad amach gach bliain.

## An tAonad um Chostais Díl

Sa bhliain 2012, chinn an Rialtas Aonad um Chostais Díl (ACD) a bhunú laistigh den Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Ar feitheamh achtú an Bhille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, bunaíodh ACD ar bhonn riaracháin chun breithniú a dhéanamh ar íocaíocht billí costas ó thríú páirtithe ar dheonaigh Binse Mahon agus Binse Moriarty costais dóibh.

Rinneadh thart ar 220 ordú costas i ndáil le Binse Mahon. Fuair ACD 104 éileamh costas roimh dheireadh mhí na Bealtaine 2014. Ba é €8.53 milliún an luach iomlán a bhí ar na héilimh sin. Rinneadh 73 éileamh astu sin, a raibh luach €3.53 milliún orthu, a idirbheartú agus a chomhaontú ar chostas €1.96 milliún gan cáin a áireamh, rud a sholáthair coigilteas de thart ar 44 faoin gcéad.

Rinneadh 125 ordú costas eile i ndáil le Binse Moriarty. Fuair ACD 27 éileamh costas roimh dheireadh mhí na Bealtaine 2014. Ba é €8.55 milliún an luach iomlán a bhí ar na héilimh sin. Rinneadh 24 éileamh astu sin, a raibh luach €2.86 milliún orthu, a idirbheartú agus a chomhaontú ar chostas €1.41 milliún gan cáin a áireamh, rud a sholáthair coigilteas de thart ar 50 faoin gcéad.

Leanann an tAonad um Chostais Díl ar aghaidh ag glacadh le cur chuige láidir i leith billí costas a bhainistiú agus a réiteach trí idirbheartaíocht agus, nuair is cuí, trí cháin a ghearradh ar an gcóras costas ar mhaithe le coigilteas suntasach a sholáthar don Státchiste.

## Bainistíocht Riosca

Is mór an “chruinne riosca” a ndéanann an Stát í a shlánú agus a ndéanann GÉS í a bhainistiú. Mar shampla, cuimsíonn sí breis agus 200,000 fostaí Stáit agus úsáideoirí uile na seirbhíse cúraim shláinte poiblí (bíonn tuairim is 7 milliún teagmháil ag an tseirbhís cúraim shláinte poiblí le daoine den phobal gach bliain). Cuimsíonn sé freisin seirbhísí poiblí lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde de bharr a gcineáil, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéal, pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar oibríochtaí thar lear, baill den Gharda Síochána atá ar dhualgas oibríochtaí, cigireachtaí custaim, seirbhísí práinnfhreagartha agus coimeád príosúnach.

Ó thaobh bainistíocht riosca de, is é an cuspóir atá ag GÉS, agus an dualgas reachtúil atá uirthi ina leith sin, ná cúnaimh agus comhairle a thabhairt d'údarás Stáit agus d'fhiontair chúram sláinte maidir le bearta a dhéanfar chun cosc a chur ar ghníomhartha nó ar neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le himeachtaí díobhálacha a bhaineann le díobháil phearsanta, le damáiste réadmhaoiné nó le faillí leighis as a bhféadfadh éilimh teacht chun cinn, nó chun minicíocht na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha sin a laghdú. Díríonn clár GÉS um bainistíocht riosca chliniciúil ar chomhoibriú le bainisteoirí riosca agus le pearsanra eile i bhfiontair chúram sláinte chun tacú le sábháilteacht othar. Díríonn an clár um bainistíocht riosca i ndáil le díobháil phearsanta agus damáiste réadmhaoiné ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'údarás de chuid an Stáit agus fiontair cúram sláinte taobh istigh dá théarmaí tagartha maidir le struchtúir bainistíocht riosca, foirgnimh a chothabháil, sábháilteacht dóiteáin, bainistíocht sláinte agus sábháilteachta agus comhshaoil.

Go sonrach, soláthraíonn GÉS raon seirbhísí praiticiúla comhairle agus bainistíochta riosca, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An Córas Náisiúnta um Bainistíocht Imeachtaí Díobhálacha (NAEMS) a óstáil, ar bunachar sonraí ar líne é a éascaíonn tuairisciú díreach imeachtaí díobhálacha údarás Stáit agus fiontair chúram sláinte;
- Anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le héileamh agus imeachtaí díobhálacha agus an anailís seo a sholáthar d'údarás Stáit agus fiontair cúram sláinte d'fhonn braislí riosca a aithint;
- Treoir maidir le bainistíocht riosca a fhoilsiú agus uirlisí praiticiúla i ndáil le bainistíocht riosca a sholáthar;
- Faisnéis agus oiliúint a sholáthar trí sheimineáir agus trí fhoilseacháin, lena n-áirítear suíomh Gréasáin agus nuachtlitreacha GÉS;
- Réitigh maidir le bainistíocht riosca a sholáthar go díreach d'údarás Stáit agus d'fhiontair chúram sláinte i ndáil le saincheisteanna riosca sonracha;

- Athbhreithnithe ar bhainistíocht riosca a chur i gcrích agus cabhrú le forbairt agus cur i bhfeidhm bhearta agus nósanna imeachta na n-údarás Stáit maidir le bainistíocht riosca;
- Tacú le cur chun feidhme mholtaí GÉS a eisítear d'údarás Stáit; agus
- Comhairle maidir le hárachas, le cúiteamh agus le dliteanas a chur ar údarás Stáit agus ar fhiontair chúram sláinte.

Gach bliain, cuireann GÉS clár oibre maidir le bainistíocht riosca dlíthíochta i gcrích in éineacht le cliaint ar údarás Stáit agus fiontair chúram sláinte iad. Déantar achoimre thíos ar roinnt mórthionscadail bhainistíochta riosca a cuireadh i gcrích le linn 2013.

### Nochtadh Oscailte

I gcomhar le FSS, rinne GÉS tionscadal suntasach um Nochtadh Oscailte a phiólótú in dhá mhórospidéal géarmhíochaine. Tionscadal atá dírithe ar an othar is ea sin, a fhéachann le cur chuige comhsheasmhach oscailte a bhunú i leith cumarsáid a dhéanamh le hothair agus lena dteaghlach nuair a théann rudaí amú i gcúram sláinte. Áirítear leis sin aiféala a chur in iúl faoin rud a tharla agus an t-othar a choinneáil ar an eolas. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé aiseolas ar imscrúduithe agus ar na bearta a dhéantar chun a chinntiú nach dtarlóidh an t-imeacht díobhálach arís.

Tar éis comhairliúcháin forleathan, d'fhoilsigh an tAire Sláinte an Beartas agus na Treoirí Náisiúnta um Nochtadh Oscailte ag seoladh náisiúnta i dTeach Farmleigh an 12 Samhain 2013.

Tá Nochtadh Oscailte i bhfeidhm i 47 fiontar cúram sláinte ar fud na tíre anois. Tá oiliúint ríomhfhoghlama á forbairt faoi láthair lena foilsíú ar chóras inlín FSS. Táthar tar éis meastóireacht fhoirmiúil sheachtrach a thosú ar an tionscadal piólótach.

### An Grúpa um Shábháilteacht Cuairteoirí faoin Tuath

Tá GÉS agus roinnt comhlachtaí Stáit atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar shéadchomharthaí náisiúnta, ar pháirceanna, ar thithe stairiúla, ar shuíomhanna áineasa agus ar uiscebhealaí inseolta intíre ar fud oileán na hÉireann, agus as beartas a fhorbairt ina leith sin, tar éis teacht le chéile i dtionscnamh nua chun feabhas a chur ar a shábháilte a bhíonn cuairteoirí ar a gcuid suíomhanna. Tá na comhlachtaí ina mbaill den Ghrúpa um Shábháilteacht Cuairteoirí faoin Tuath anois, ar eagraíocht trasteorann agus sa Ríocht Aontaithe anois é, agus a fhéachann le feabhas a chur ar rochtain shábháilte ar an tuath agus le feabhas a chur ar na céadta suíomh ar fud na tíre ar bhealach nach millfidh an tírdhreach ná an oidhreacht agus nach laghdóidh an fonn eachtraíochta agus taiscéalaíochta a bhíonn ar chuairoteoirí.

### An Córas Náisiúnta um Bainistíocht Imeachtaí Díobhálacha

Tá ceanglas dlíthiúil ar gach údarás Stáit agus ar gach fiontar cúram sláinte atá faoi shainchúram GÉS gach imeacht díobhálach a thuairisciú do GÉS. Chun an méid sin a éascú, is féidir gach imeacht díobhálach a bhaineann le díobháil phearsanta, le cúrsaí cliniciúla agus le damáiste réadmhaoine tríú páirtí a thuairisciú tríd an gCóras Náisiúnta um Bainistíocht Imeachtaí Díobhálacha atá bunaithe ar an nGréasán. Tá an córas á óstáil ag GÉS chun tairbhe na n-údarás Stáit agus na bhfiontar cúram sláinte atá faoina sainchúram. Tá NAEMS ar an bpríomhchóras taifeadta agus bainistíochta maidir le gach imeacht díobhálach a tharlaíonn sa chóras cúram sláinte poiblí.

Soláthraíonn bunachar sonraí NAEMS eochairfhaisnéis ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun cabhrú le rioscaí díobhála pearsanta, cliniciúla agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a aithint agus a bhainistiú. Cabhraíonn sé le GÉS drochthreochtaí agus drochphatrúin atá ag teacht chun cinn a aithint agus anailís a dhéanamh orthu agus cabhraíonn sé le himscrúduithe agus le bainistíocht a dhéanamh ar éilimh. Baineann achtúirí GÉS úsáid as an gcóras freisin chun ríomh a dhéanamh ar dhliteanais airgeadaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo faoi na scéimeanna éagsúla éileamh. Úsáideann údarás Stáit agus fiontair chúram sláinte a bhfuil rochtain acu ar thairseach Gréasáin NAEMS an córas chun sraitheanna imeachtaí díobhálacha a aithint agus chun anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna ar leibhéal áitiúil.

Chuir NAEMS taca faoi bhunú GÉS agus faoina scéimeanna éagsúla cúitimh. Chomh maith leis sin, tá sé ina chóras náisiúnta um thuairisciú agus bainistíocht imeachtaí díobhálacha, rud nach raibh le fáil san Eoraip roimhe sin.

I gcomhar leis an Roinn Sláinte, le FSS, le fiontair dheonacha shláinte, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, le hÓglaigh na hÉireann, leis an nGarda Síochána agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, chuir GÉS tús le tionscadal in 2013 chun NAEMS a uasghrádú go suntasach.

Agus an córas uasghrádaithe i bhfeidhm, beidh córas níos fearr um bainistíocht éileamh ar fáil do GÉS agus beidh córas úrscóthach ceann le ceann um bainistíocht imeachtaí díobhálacha ar fáil do chliantúdarás GÉS agus d'fhiontair shláinte araon. Tá uirlisí cumhachtacha tuairiscithe agus anailíse sonraí ag an gcóras, a fhágann go mbeifear in ann tuairisciú teagmhas tosaigh a dhéanamh, moltaí agus sannadh imscrúduithe a ghabháil agus na himscrúduithe sin a rianú go dtí go ndúnfar iad. Beidh sé ina réiteach náisiúnta, caighdeánaithe agus cost-éifeachtúil ar fud na gcomhlachtaí Stáit agus cuirfidh sé ar a gcumas imeachtaí díobhálacha a thuairisciú agus a bhainistiú.

Ba i mí an Mheithimh 2014 a tháinig an tionscadal i bhfeidhm i 117 ceann den 119 údarás Stáit atá faoi shainchúram GÉS. Tosaíodh ag cur an tionscadail i bhfeidhm i láithreacha cúram sláinte agus i Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mí an Mheithimh 2014 agus táthar ag súil go mbeidh an próiseas sin thart i ráithe 2 de 2015.

# NewERA

## Cúlra agus Feidhmeanna

I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú NewERA, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús, laistigh de GBCN. Baineann ról lárnach NewERA le maoinseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, ar straitéis chorpóraideach agus ar phleananna caipitil agus infheistíochta de chuid na n-aonán tráchtála Stáit seo a leanas:

- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL);
- Ervia (Bord Gáis Éireann [BGÉ] roimhe seo);
- EirGrid;
- Bord na Móna; agus
- Coillte.

Baineann ról NewERA freisin, nuair a iarrtar air, le comhairle a chur ar fáil maidir le sócmhainní Stáit a dhiúscairt nó a athstruchtúrú. Ina theannta sin, oibríonn NewERA le páirtithe leasmhara ábhartha chun tograí a fhorbairt le haghaidh infheistíochta san fhuinneamh, sa teileachumarsáid, in uisce agus san fhóraoiseacht chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht.

Foráiltear leis an mBille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 do na feidhmeanna atá ag GBCN i ndáil le NewERA a chur ar bhonn reachtúil.

## Maoiniú Airgeadais agus Comhairle Rialachais

Le linn na bliana 2013, lean NewERA ar aghaidh lena chlár struchtúrtha maidir le teagmháil a dhéanamh ar bhonn ráithiúil leis na haonán tráchtála stáit atá faoina shainchúram. Díríonn an teagmháil sin ar fheidhmíocht airgeadais na n-aonán sin a ghineann ioncam de thart ar €6 billiún in aghaidh na bliana agus a úsáideann caipiteal de thart ar €14 billiún.

## An Creat um Ionchais Scairsealbhoirí

I gcomhar le Ranna Rialtais ábhartha, d'fhorbair NewERA Creat um Ionchais Scairsealbhoirí, arb é is aidhm dó soiléire agus treoir a thabhairt do gach ceann de na haonán tráchtála Stáit maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, le cuspóirí beartais agus le ceanglais feidhmíochta agus tuairiscithe airgeadais an Rialtais.

Eisíodh litir Ionchais Scairsealbhoirí atá bunaithe ar an gCreat sin do Bhord BSL le linn 2013 agus tá sé beartaithe go n-eiseofar litreacha Creata do na haonán eile atá faoi shainchúram NewERA in 2014. Samhlaítear go dtabharfar na litreacha sin cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.

## Beartas Díbhinne

Rinne NewERA athbhreithniú ar bheartas díbhinne BSL agus chuir sé comhairle ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le beartas athbhreithnithe díbhinne, rud a d'fhógair BSL i mí Dheireadh Fómhair 2013. Samhlaítear sa bheartas athbhreithnithe go mbeidh méadú ar chóimheas fócaíochtaí amach díbhinne de chuid BSL ón mbliain 2015 ar aghaidh, agus tá sé mar aidhm 40 faoin gcéad de


bhrabús normalaithe tar éis cánach a íoc amach mar dhíbhinn faoin mbliain 2017, ag féachaint don rátáil chreidmheasa grád infheistíochta a bheidh ag BSL. Déanfaidh NewERA athbhreithniú ar an mbeartas díbhinne reatha atá ag gach ceann de na cuideachtaí eile tar éis do na hAirí ábhartha na litreacha Creata a eisiúint dóibh.

## Anailís Airgeadais

Thug NewERA anailís mhionsonraithe airgeadais agus moltaí d'Airí ábhartha maidir le hiarratais ar chomhairle a bhaineann le haonán tráchtála stáit. Tagann na hiarratais sin go príomha ó na dualgais reachtacha atá ar aonán tráchtála Stáit cead a lorg ón Aire (e.g. chun gur féidir le haonán iasacht a fháil) nó ón gCód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Le linn na bliana 2013, thug NewERA anailís mhionsonraithe airgeadais agus moltaí (nuair ba chú) d'Airí ábhartha maidir le 36 iarratas san iomlán a fuair sé ar chomhairle, lenar áiríodh iarratais maidir le maoiniú arbh fhiú €2.9 billiún é agus iarratais maidir le tionscadail chaiteachais chaipitil arbh fhiú €0.6 billiún é.


Is é seo a leanas forbhreathnú ar na hiarratais sin, iad miondealaithe de réir cuideachta agus catagóire:

### Iarratais de réir Cuideachta<sup>6</sup>



Foinse: GBCN

### Iarratais de réir Cineáil<sup>7</sup>



Foinse: GBCN

<sup>6</sup>Is fochuideachta de chuid Bhord Gáis é Uisce Éireann

<sup>7</sup>Cuimsíonn "eile" comhairle ar ábhair amháil pinsin agus bunú fochuideachtaí

## Forbhreathnú Airgeadais ar Phunanna

Le linn ráithe 4 de 2013, d'ullmhaigh NewERA Forbhreathnú Airgeadais ar Phunanna ar mhaithe le léargas a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais gach ceann de na haonáin tráchtála Stáit atá faoina shainchúram ag an dáta ar foilsíodh ráitis airgeadais bhliantúla ba dhéanaí na n-aonán sin<sup>8</sup>. Rinne sé forbhreathnú ar fheidhmíocht airgeadais na n-aonán sin ar bhonn comhcheangailte den chéad uair freisin. Tugadh an tuarascáil sin chun críche go luath sa bhliain 2014 agus eisíodh í do pháirtithe leasmhara ábhartha ina dhiaidh sin. Déantar achoimre thíos ar na príomhthomhais feidhmíochta airgeadais agus oibriúcháin a chuimsítear sa tuarascáil:

- Mhéadaigh láimhdeachas ó €5.6 billiún go €6.1 billiún sa bhliain airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí agus tuairiscíodh méadú ioncaim i gcás gach ceann de na haonáin;
- Bhí corrlaigh oibriúcháin choigeartaithe don tréimhse airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí ag an leibhéal ab airde ó 2008/09;
- Sa bhliain airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí, chaith na haonáin comhiomlán €1.25 billiún ar infheistíocht chaipitil, rud a fhágann go bhfuil €6.4 billiún san iomlán caite acu ina leith sin le cúig bliana anuas.
- Méadaigh glanfhíochas comhcheangailte ó €6.7 billiún go €6.8 billiún sa bhliain airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí, rud a thugann iolra tuillimh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchta de 3.7 uair agus glanlúdach úis de 4.6 uair. Agus an méadú €0.1 billiún ar ghlanfhíochas á chur i gcodarsnacht le hinfeistíocht chaipitil €1.25 billiún, feictear gur gineadh níos mó ná €1 billiún ó oibriúcháin na n-aonán comhcheangailte.
- Bhí glanghiaráil (gan dliteanais phinsean agus fostaithe) mar an gcéanna leis an bhfigiúr don bhliain airgeadais thuairiscithe roimhe;
- I gcomparáid leis an mbliain roimhe, bhí méadú 6.6 faoin gcéad ar an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid sa bhliain airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí, rud a bhí beagán níos airde ná an meánfigiúr stairiúil 5 bliana;
- B'ionann díbhinní €102 milliún a íocadh sa bhliain airgeadais thuairiscithe ba dhéanaí agus thart ar 1.5 faoin gcéad de ghlansócmhainní comhcheangailte, rud a bhí cothrom le ráta íocaíochta amach de 26 faoin gcéad de bhrabús tar éis cánach; agus
- Ba é 34 faoin gcéad an fás tuillimh choigeartaithe sa bhliain airgeadais ba dhéanaí. I gcodarsnacht leis sin, ba é an meánfhás tuillimh sna 5 bliana seo a chuaigh thart ná -1 faoin gcéad.

## Gníomhaíochtaí Eile

Ar iarratas an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rinne NewERA athbhreithnithe airgeadais ar an bPost agus ar RTÉ freisin. Díríodh san athbhreithniú ar an bPost ar a fheidhmíocht stairiúil agus ar na pleannanna atá aige don todhchaí. Rinneadh

anailís phiarchuideachta mar chuid den athbhreithniú freisin. San athbhreithniú ar RTÉ, anailísíodh an chuideachta ar bhonn grúpa agus rannach agus rinneadh cleachtadh tagarmharcála ar fheidhmíocht airgeadais RTÉ i gcoibhneas le piareagraíochtaí craolacháin.

## Athstruchtúrú agus Diúscairtí Sócmhainní Stáit

Fógraíodh cinneadh an Rialtais maidir le diúscairt sócmhainní Stáit i mí Feabhra 2012. Chinn an Rialtas go n-áireofaí sna roghanna diúscairta sócmhainní a bheadh le saothrú gnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann agus cuid de chumas giniúna cumhachta neamh-straitéisí BSL a dhíol. Chinn sé go ndéanfaí breithniú ar roinnt de na sócmhainní atá ag Coillte a dhíol freisin, gan díolachán talún san áireamh, agus ar an scairsheilbh atá fágtha ag an Stát in Aer Lingus Cpt a dhíol ar phraghas inghlactha nuair a bheidh tosca margaidh fabhrach ina leith sin.

### Ervia (BGÉ roimhe seo): Diúscairt an Ghnó Fuinnimh

Chuir NewERA comhairle airgeadais ar Ghrúpa Stiúrtha an Rialtais a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar dhíolachán ghnó fuinnimh BGÉ. Tar éis don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a fhógairt an 27 Samhain 2013 gur do-ghlactha a bhí na tairiscintí a fuarthas roimh an dáta sin, chuathas i dteagmháil arís eile le tairgeoirí. Cuireadh tairiscintí nua isteach ina dhiaidh sin lena bhain luach i bhfad níos fearr ar airgead. Rinneadh cuibhreannas a bhí comhdhéanta de Centrica plc, de Brookfield Renewable Power Inc agus de iCON Infrastructure a fhógairt an 12 Nollaig 2013 mar thairgeoir roghnaithe bunaithe ar an tairiscint athbhreithnithe a chuir sé isteach, rud a raibh luach frontair de suas le €1.1 billiún air.

Tá roghanna á scrúdú ag NewERA faoi láthair maidir le struchtúr corparáideach Ervia san fhadtéarma, cuideachta atá freagrach as gréasáin gháis agus as bonneagar uisce/fuíolluisce. Tabharfaidh sé tuairisc don Rialtas ina leith sin sa dara leath de 2014.

### BSL: Cumas Giniúna Cumhachta Neamhstraitéisí a Dhíúscairt

D'iarr an Rialtas ar BSL tograí a fhorbairt maidir le cuid dá chumas giniúna neamhstraitéisí a dhíol, agus ba é an cuspóir sonrach leis sin ná díbhinní speisialta ar fiú suas le €400 milliún iad a sholáthar don Rialtas faoi dheireadh na bliana 2014. Tá NewERA ag obair go dlúth le BSL agus le Grúpa Stiúrtha an Rialtais a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar na diúscairtí sin. Ag gníomhú dó sa cháil sin, déanann NewERA anailís ar thairiscintí a fhaightear agus tugann sé moltaí do na hAirí ábhartha maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart do na hAirí toiliú le díolachán ar leith ó thaobh airgeadais de.

I mí Feabhra 2013, rinneadh an scairsheilbh a bhí ag BSL in dhá ionad giniúna cumhachta, Marchwood Power Limited sa Ríocht Aontaithe agus Bizkaia Energia SL sa Spáinn, a aithint lena ndíol. Ba i mí na Samhna 2013 a rinneadh an scairsheilbh 50 faoin gcéad a bhí ag BSL in Marchwood Power Limited a dhíol le Munich Re, ar mórchuideachta árachais Eorpach é atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus fuarthas praghas

<sup>8</sup> Is iad seo a leanas dátaí na ráiteas airgeadais is déanaí: EirGrid – 30 Meán Fómhair 2012; Coillte, BGÉ agus BSL – 31 Nollaig 2012; Bord na Móna – 27 Márta 2013.

iomaíoch ina leith. Íocadh díbhinní arbh fhiú thart ar €153 milliún leis an Stát sa chéad ráithe de 2014 ó fháltais an díolacháin. Ba i mí na Bealtaine 2014 a rinneadh an scairseilbh in Bizkaia a dhíol le cleamhnaí de chuid ArLight Capital Partners LLC, ar gnólacht infheistíochta fuinnimh é atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, d'fhógair BSL go raibh sé ar intinn aige an dá stáisiún móna atá aige a dhíol, is iad sin, Cumhacht Uíbh Fhailí Thiar agus Cumhacht Loch Rí. Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas díolacháin don dá ionad sin i gcrích ag deireadh na bliana 2014.

### **Bord na Móna/Coillte: Cumasc Tairbhiúil**

I mí an Mheithimh 2013, d'fhógair an Rialtas nach rachadh sé ar aghaidh le cearta buainteoireachta i gCoillte a dhíol agus go n-athstruchtúrófaí an chuideachta ina ionad sin. Déanfaidh NewERA agus na Ranna ábhartha is páirtithe leasmhara maoirseacht ar an athstruchtúir sin agus áireofar an méid seo a leanas ann: cuíchóiriú oibríochtaí, díghiaráil airgeadais agus grinnscrúdú ar na roghanna diúscartha atá ann i gcás gníomhaíochtaí nach croíghníomhaíochtaí iad, mar shampla, teileachumarsáid agus gaoth. D'fhógair an Rialtas freisin go ndéanfaí anailís airgeadais chun a mheas conas éifeacht a thabhairt do chumasc tairbhiúil idir Coillte agus Bord na Móna. Is é an aidhm atá leis an gcumasc ná chuideachta thráchtála stáit a bheidh cuíchóirithe agus athdhírithithe a chruthú, a oibreoidh in earnáil an bhithfuinnimh agus in earnáil na foraoiseachta.

I gcomhar leis an dá chuideachta, chuir NewERA tuarascáil le chéile ar na costais agus ar na tairbhí airgeadais a bhaineann le cumasc idir Coillte agus Bord na Móna.

I mí an Mheithimh 2014, d'fhógair an Rialtas comhfhiontar idir Bord na Móna agus Coillte a dhíreodh ar na comhghníomhaíochtaí gnó atá ar bun acu sna réimsí seo a leanas: bithmhais, fuinneamh gaoithe, seirbhísí comhroinnte, agus áineas agus turasoireacht. Déanfaidh NewERA maoirseacht ar an bpróiseas cur chun feidhme ar mhaithe le héifeacht a thabhairt do chinneadh an Rialtais.

### **Gníomhaíochtaí chun Infheistíocht sa Bhoneagar Eacnamaíochta a Éascú**

Leanann NewERA de bheith ag obair leis na Ranna Rialtais ábhartha agus le páirtithe leasmhara eile ar thionscnaimh infheistíochta sna réimsí uisce, fuinnimh agus teileachumarsáide.

### **Uisce Éireann**

Le linn 2013, thug NewERA comhairle don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le gnéithe áirithe airgeadais a bhain le hUisce Éireann a bhunú. Áiríodh leis an gcomhairle sin:

- Múnla airgeadais ardleibhéil a fhorbairt, a bhí bunaithe ar ionchur ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó Uisce Éireann, chun cabhrú leis an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais mhaoinithe bhliantúla is dóigh a bheidh ag Uisce Éireann; agus

- Comhairle a thabhairt maidir le struchtúir chaipitil fhéideartha a chomhlíonann srianta éagsúla cuntasafóchta agus rátála creidmheasa.

### **Iarfheistiú Fuinnimh**

Is é atá i gceist le hiarfheistiú fuinnimh ná infheistiú a dhéanamh i bhfoirgnimh bhaile, phoiblí agus thráchtála d'fhonn cabhrú le hÉirinn an gealltanais a thug sí go laghdódh sí éileamh fuinnimh faoi 20 faoin gcéad faoin mbliain 2020 trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh. D'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (an Ciste) i gCáinainéis 2013, arb é an aidhm atá leis tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú san earnáil ghnó. Cuirfear an maoiniú ar fáil ar bhonn thráchtála.

Faoi mar a bhí fógartha ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, chuir an Rialtas in iúl go bhfuil sé beartaithe aige €35 milliún a sholáthar mar chaipiteal síl d'fhonn ciste €70 milliún a bhunú i gcomhar le hinfeistíocht ón earnáil phríobháideach. Chuir NewERA comhairle agus anailís fhairsing ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le bunú an Chiste.

Tar éis próiseas iomaíoch, is é Sustainable Development Capital LLP (SDCL), ar sainghnólacht chomhairleach airgeadais agus infheistíochta é a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe i Londain agus a bhfuil oifig aige i mBaile Átha Cliath, i Nua-Eabhrac agus in Hong Cong, a roghnaíodh mar chomhairleoir infheistíochta agus mar bhainisteoir ar an gCiste. Bainistíonn SDCL ciste éifeachtúlachta fuinnimh den chineál céanna sa Ríocht Aontaithe freisin.

Bhain an Ciste a chéad chéim tarraingtí anuas amach le déanaí, agus €35 milliún á ghnóthú aige. Fuarthas ceangaltas caipitil €17.2 milliún ón Rialtas, mar aon le caipiteal earnála príobháidí ó London & Regional Properties (€12.8m) agus ó Glen Dimplex Group (€5m). Bunaithe ar mhéid ciste €70 milliún, táthar ag súil go soláthróidh an Ciste maoiniú gearrálte de suas le €300 milliún thar na trí bliana atá romhainn.

### **Teileachumarsáid**

Le linn na bliana 2013, bhí NewERA ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha ardleibhéil a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. I mí Aibreáin 2014, d'fhógair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha gur thug an Rialtas ceangaltas do mhórhíneadh starrach an ghréasáin teileachumarsáide i dtreo thuath na hÉireann, agus snáthín ina bhunchloch dá infheistíocht. Is é an aidhm atá leis an tionscadal ná freastal ar na codanna uile sin d'Éirinn nach féidir leo seirbhísí leathanbhanda ardluais a fháil faoi láthair. Táthar ag leanúint le hobair mhionsonraithe phleanála a dhéanamh chun an tionscadal a sholáthar. Tá sé i gceist straitéis chuimsitheach cur chun feidhme a fhoilsiú níos déanaí in 2014.

# An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Is é Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a rialaíonn an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Ciste). Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna trí GBCN, ar bainisteoir an Chiste í. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina bhall *ex officio* den Choimisiún. Foilsíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil agus cuntais mhionsonraithe ar leith.

## Creat Reachtach agus Oibriúcháin

Tá athrú suntasach tagtha ar chreat reachtach agus oibriúcháin CNP ó bunaíodh an Ciste in 2001 agus cuspóir reachtúil aige freastal an oiread agus is féidir ar na costais a bhainfidh le leas sóisialach agus le pinsín seirbhíse poiblí ó 2025 ar aghaidh. De réir an chuspóra sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún sócmhainní an Chiste a infheistiú chun an t-uastoradh airgeadais iomlán a áirithiú, ag féachaint dá chuspóir agus do leibhéal inghlactha riosca. Ba trí phunann éagsúlaithe dhomhanda a cuireadh an straitéis infheistíochta sin chun feidhme, punann a chuimsíonn cothromais luaithe, bannaí, réadmhaoin, cothromas príobháideach, tráchtearraí agus cistí dearbhthorthaí.

In 2009 agus in 2010, infheistíodh sócmhainní de chuid an Chiste ar bhí €10.7 billiún iad i mBanc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann. Infheistíodh €10 billiún eile in 2011 mar chuid de chlár AE/CAI. Ar aon dul leis an mbunchuspóir reachtúil atá aige, leanann an Coimisiún leis an gcuid eile den Chiste a bhainistiú.

I mí Mheán Fómhair 2011 d'fhógair an Rialtas go bhfuil sé beartaithe aige acmhainní faoi thionscnamh an Chiste Infheistíochta Straitéisí a dhíríú ar infheistíocht tháirgiúil i ngeilleagar na hÉireann tar éis athruithe cuí a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear an Ciste.

Ag teacht sna sála air sin, fógraíodh tograí reachtaíochta i mí an Mheithimh 2013 lena mbunófaí Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ), rud a chomhghabhfaidh an Ciste ina iomláine agus a mbeidh sainordú reachtúil aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. Foilsíodh an reachtaíocht sin i mí na Bealtaine 2014. Is é a bheidh i gceist le bunú CISÉ ná an Coimisiún a dhíscaoileadh agus Bord agus Coiste Infheistíochta nua GBCN a chruthú chun maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh air. Beidh infheistíochtaí dírithe an Chiste i mBanc na hÉireann agus in AIB i seilbh CISÉ freisin.

## An Straitéis um Chaomhnú Caipitil

I bhfianaise na n-athruithe a bhí beartaithe ar shainordú infheistíochta an Chiste, d'aithin an Coimisiún in 2011 go raibh gá lena chinntiú go mbeadh acmhainní ar fáil nuair a d'fhorbrófaí nó nuair a d'fhoineofaí deiseanna cuí infheistíochta tráchtála in Éirinn. Ag an am céanna, bhí sé riachtanach cumas an Chiste a choimeád ar bun maidir le páirt a ghlacadh i ngnóthachain dá n-éireadh le margaí cothromais, de réir na straitéisí infheistíochta a forbraíodh chun a shainordú reachtúil reatha a chur chun feidhme.

I mí an Mheithimh 2011, ghlac an Coimisiún le 'Straitéis um Chaomhnú Caipitil' ar mhaithe le cothromaíocht chuí idir na cuspóirí sin, i dtuairim an Choimisiúin, a bhaint amach. Ba é an tionchar a bhí ar an straitéis ná gur laghdaíodh nochtadh an Chiste i leith cothromais ar an taobh thíos trí roghanna a cheannach agus trí nochtadh laghdaithe i leith cothromas. Coigeartaíodh cur chun feidhme na straitéisí le himeacht ama chun praghsáil mhargaidh agus an tréimhse ama is dóigh a bheidh ag teastáil chun an sainordú a athrú a léiriú.

Cuireadh dlús le diúscairt phunanna réadmhaoin agus chothromais phríobháidigh an Chiste ar mhaithe le leachtacht a fheabhsú. Mar chuid den obair sin, díoladh leasanna cothromais dhomhanda phríobháidigh de thart ar €800 milliún i mí na Nollag 2013 tar éis próiseas iomaíoch díolacháin.

## Nuashonrú maidir leis an bPunann agus maidir le Feidhmíocht

Tuairiscíonn an Ciste ar thrí leibhéal a áiríonn (i) an Phunann Lánroghnach (a bhfuil freagracht ar an gCoimisiún as a cuid infheistíochta), (ii) an Phunann faoi Threoir (ina ndéantar infheistíochtaí beartais phoiblí le hordú an Aire Airgeadais), agus (iii) an Ciste Iomlán. Ag deireadh na bliana 2013, b'ionann luach iomlán an Chiste agus €19.9 billiún. Bhí luach €6.8 billiún ar an bPunann Lánroghnach agus bhí luach €13.1 billiún ar an bPunann faoi Threoir.

### Punann Lánroghnach

Thuill an Phunann Lánroghnach toradh 6.4 faoin gcéad in 2013. Mhéadaigh luach an Chiste faoi €742 milliún le linn na bliana, lena áiríodh ioncam díbhíne €340 milliún a aistríodh ón bPunann faoi Threoir.

Mar gheall ar chur chun feidhme na Straitéisí um Chaomhnú Caipitil ó mhí an Mheithimh 2011 i leith, ní tomhas oiriúnach ar fheidhmíocht choibhneasta é tagarmharc fadtéarmach an Chiste a thuilleadh, mar nár cuireadh gné um chaomhnú caipitil san áireamh ann.

Sa chomhthéacs sin, is tomhas níos oiriúnaí é dara tagarmharc an Chiste – is é sin, an meánchostas ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann – agus sháraigh an Ciste an tagarmharc sin faoi 3.8 faoin gcéad in 2013. Ó mhí an Mheithimh 2011 go deireadh mhí na Nollag 2013, ba é feidhmíocht an Chiste ná 6.7 faoin gcéad in aghaidh na bliana. Ba é 4.8 faoin gcéad an meántoradh ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann thar an tréimhse chéanna.

Leithdháileadh Sócmhainní na Punainne Lánroghnaí ag Deireadh 2013		
	Luacháil €m	% den Phunann Lánroghnach
Cothromas Mórchaidhpe	1,039	15.2
Cothromas Beagchaidhpe	330	4.8
Cothromas Margaí atá ag Teacht Chun Cinn	332	4.9
<b>Cothromas Luaite Iomlán</b>	<b>1,701</b>	<b>24.9</b>
<b>Luach na gCéadroghanna ar Chothromas a Dhíol</b>	<b>70</b>	<b>1.0</b>
Bannaí Rialtais Limistéar an Euro	–	0.0
Bannaí Boilsciú-Nasctha Limistéar an Euro	130	1.9
Bannaí Corparáide	546	8.0
Fiachas Eile	194	2.8
Infháiltais Fhadtéarmacha	343	5.0
Airgead agus Coibhéisí Airgid	2,438	35.7
<b>Sócmhainní Iomlána Airgeadais</b>	<b>3,651</b>	<b>53.5</b>
Cothromas Priobháideach	134	2.0
Réadmhaoín	347	5.1
Tráchtarraí agus Foraoiseacht	336	4.9
Bonneagar	341	5.0
Cistí Dearbhthorthaí	246	3.6
<b>Sócmhainní Iomlána Eile</b>	<b>1,405</b>	<b>20.6</b>
<b>Punann Lánroghnach Iomlán</b>	<b>6,827</b>	<b>100.0</b>

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhiúir iomlán.

Foinse: GBCN

### Punann faoi Threoir

Ó 2009 i leith, infheistíodh sócmhainní de chuid an Chiste arbh fhiú €20.7 billiún iad in AIB agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais ar chúiseanna beartais phoiblí. Ag deireadh na bliana 2013, ba é scairseilbh an Chiste in AIB agus i mBanc na hÉireann ná 99.8 faoin gcéad agus 14.1 faoin gcéad faoi seach. Bhí luach €13.1 billiún ar Phunann faoi Threoir an Chiste ag deireadh na bliana (ar méadú €4.5 billiún é ar an luach €8.6 billiún a bhí uirthi ag deireadh na bliana 2012). Ag deireadh na bliana 2013, bhí an Phunann faoi Threoir comhdhéanta de ghnáthscaireanna agus de scaireanna tosaíochta araon in AIB, agus luach €10.0 billiún orthu, agus de ghnáthscaireanna i mBanc na hÉireann, agus luach €1.1 billiún orthu. Áiríodh inti freisin fáiltas airgid €1.9 billiún ó na scaireanna tosaíochta a bhí ag an gCiste i mBanc na hÉireann a dhíol agus a fhuascailt i mí na Nollag 2013.

Ós rud é nach bhfuil infheistíocht scaireanna tosaíochta an Chiste in AIB liostaithe agus nach bhfágann an ghnáth-scairseilbh atá aige ach comhlúthacht phoiblí 0.2 faoin gcéad, rinne an Coimisiún gnólacht seachtrach airgeadais chorparáidigh a fhostú, faoi mar a tharla i mblianta roimhe, chun luacháil mhargaidh chóir neamhspleách amhail an 31 Nollaig 2013 a chur ar fáil ar mhaithe leis na hinfeistíochtaí sin a luacháil de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coiteann leo. Tar éis an chleachtaidh sin, luacháladh na gnáthscaireanna in AIB ar 1.25 cent in aghaidh na scaire agus luacháladh na scaireanna tosaíochta in AIB ar 100 faoin gcéad den chostas.

Bhí gnáth-scairseilbh an Chiste i mBanc na hÉireann luacháilte ar an bpraghas margaidh de 25.2 cent in aghaidh na scaire amhail an 31 Nollaig 2013.

B'íonann toradh na Punainne faoi Threoir in 2013 agus 57.6 faoin gcéad. I dteannta an athraithe ar luachanna na ngabháltas in AIB agus i mBanc na hÉireann, cuimsítear sa toradh sin freisin fáiltas ó fhuascailt agus ó dhíolachán scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann.

Infheistíochtaí Baincéireachta atá Déanta ag CNP ó Bunaíodh é				
	Infheistíocht bhunaidh €bn	Airgead atá faighte go dtí seo €bn	Luach ag deireadh 2013 €bn	Iomlán (ioncam agus luach) €bn
Scaireanna Tosaíochta	1.8	3.2	–	3.2
Gnáthscaireanna	2.9	1.0	1.1	2.2
<b>Banc na hÉireann</b>	<b>4.7</b>	<b>4.2</b>	<b>1.1</b>	<b>5.4</b>
Scaireanna Tosaíochta	3.5	0.0	3.5	3.5
Gnáthscaireanna	8.7	–	6.5	6.5
Ranníocaíocht Chaipitil	3.8	–	–	–
<b>AIB</b>	<b>16.0</b>	<b>0.0</b>	<b>10.0</b>	<b>10.1</b>
<b>Infheistíochtaí Bainc Iomlána</b>	<b>20.7</b>	<b>4.2</b>	<b>11.2</b>	<b>15.4</b>
<b>Airgead</b>			<b>1.9</b>	
<b>Punann Iomlán faoi Threoir</b>			<b>13.1</b>	

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhiúir iomlán.

Foinse: GBCN



Ag deireadh na bliana 2013, b'fhiú €15.4 billiún an luacháil €11.2 billiún, in éineacht le hairgead €4.2 billiún a fuarthas (ar tarchuireadh cuid de chuig an Stáitchiste faoi Threoir Aireachta agus ar aistríodh cuid de chuig Punann faoi Threoir an Chiste) ó bunaíodh an Ciste (laghdú 26 faoin gcéad ar an mbuninfheistíocht €20.7 billiún).

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léirítear sna figiúirí thuas ach infheistíochtaí CNP in AIB agus i mBanc na hÉireann. Ní léirítear iontu iomláine staid airgeadais an Stáit i ndáil le bainc Éireannacha.

### Ciste Iomlán

Chláraigh an Ciste Iomlán, a chuimsíonn an Phunann faoi Threoir agus an Phunann Lánroghnach araon, toradh 35.4 faoin gcéad in 2013.

### Infheistíocht in Éirinn

Ar feitheamh bhunú reactúil CISÉ, chinn an Coimisiún go bhféadfaí suas le 20 faoin gcéad den Chiste a leithdháileadh ar infheistíochtaí in Éirinn, rud a chuirfeadh ar chumas an Chiste leas a bhaint as deiseanna tarraingteacha infheistíochta agus a chinntiú ag an am céanna gur laistigh de theorainneacha inghlactha a bheadh an riosca comhchruinnithe a bhainfeadh le leibhéal méadaithe infheistíochta in Éirinn.

Amhail an 31 Nollaig 2013, ba é €1,252 milliún an tsuim iomlán a gealladh d'infheistíochtaí a thiofadh faoi thionscnamh an Chiste Infheistíochta Straitéisí.

Áirítear leis sin:

- €375 milliún do thrí chiste fhadtéarmacha a chuirfidh cothromas, creidmheas agus infheistíocht athstruchtúraithe / téarnaimh ar fiú €850 milliún iad ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) Éireannacha agus do chorparáidí lármhéide Éireannacha;
- Ranniocaíocht \$50 milliún le Ciste Teicneolaíochta €100 milliún na Síne-na hÉireann chun infheistiú i gcuideachtaí teicneolaíochta Éireannacha atá ag fás go tapa agus a bhfuil láithreach shuntasach nó leas straitéiseach acu sa tSín agus chun infheistiú i gcuideachtaí teicneolaíochta Síneacha atá ag fás go tapa agus a bhfuil láithreach shuntasach nó leas straitéiseach acu in Éirinn;
- Saoráid idirlinne dhá bhliain, ar fiú €250 milliún í, ar théarmaí tráchtála le hUisce Éireann chun tús an chláir mhéadraithe agus costais bhunaithe Uisce Éireann a mhaoiniú; agus
- Soláthar saoráidí creidmheasa teannta chun gur féidir leis an tionscadal CPP do na bóithre N11/N7 leanúint ar aghaidh le maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

Agus cistí á leithdháileadh lena n-infheistiú in Éirinn, cuid de chuspóir an Chiste é infheistiú caipitil tríú páirtí a spreagadh in Éirinn, rud a mhéadóidh an méid infheistíochta is féidir a bhaint amach ó acmhainní teoranta an Chiste. Bhí méid iomlán an tionscadail a 2.1 oiread níos mó ná ceangaltas an Chiste amhail an 31 Nollaig 2013.

#### Ceangaltas faoi Thionscnamh an Chiste Infheistíochta Straitéisí ag Deireadh 2013

	Caipiteal CNP a bhí Dílsithe €m	Caipiteal 3ú Páirtí a bhí Dílsithe €m	Méid Iomlán an Tionscadail in Éirinn €m	Iolra de Mhéid Iomlán an Tionscadail i gcoibhneas le Ceangaltas CNP
Ciste Cothromais FBM – Better Capital	50	50	100	2.0x
Ciste Cothromais FBM – Carlyle Cardinal	125	125	250	2.0x
Ciste Creidmheasa FBM – BlueBay	200	250	450	2.3x
Ciste Teicneolaíochta na Síne-na hÉireann	72*	36	72	1.0x
Ciste Nuálaíochta Éireann	125	125	250	2.0x
Cistí Áitiúla Caipiteal Síil agus Fiontair	81	320	401	5.0x
Silicon Valley Bank	36*	72	72	2.0x
Uisce Éireann	250	–	250	1.0x
Ciste Bhonneagar na hÉireann	250	66	316	1.3x
Cistí Foraoiseachta Éireann	30	187	217	7.2x
Beart Scoileanna 3 - Tionscadail CPP (Saoráid teannta)	14	121	121	8.6x
N11 - Tionscadal CPP (Saoráid teannta)	18	165	165	9.1x
<b>Dílsithe</b>	<b>1,252</b>	<b>1,517</b>	<b>2,664</b>	<b>2.1x</b>

\*I gcás Chiste Teicneolaíochta na Síne-na hÉireann agus Silicon Valley Bank araon, rinne CNP ceangaltas €36m (€72m san iomlán) i gcistí domhanda mar chuid den mhórchaidreamh le tríú páirtithe. Níl na ceangaltas sin san áireamh sna figiúirí maidir le méid iomlán an tionscadail in Éirinn.

De bharr slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí don fhigiúr iomlán.

Foinse: GBCN

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) an 1 Eanáir 2003 le comhairle airgeadais a sholáthar d'údarás Stáit a bhíonn ag tabhairt faoi thionscadail mhóra infheistíochta poiblí ar a mbíonn luach caipitil os cionn €20 milliún. Rinneadh a sainordú a leathnú ina dhiaidh sin chun freagracht iomlán a thabhairt di as na tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) uile a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas earnáil an iompair agus earnáil na n-údarás áitiúil. Comhlíonann sí a cuid feidhmeanna trí GBCN. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina Chathaoirleach *ex officio* ar GAFN. Is stiúrthóir le GBCN é an Phríomhfheidhmeannach ar GAFN.

Ceanglaítear ar GAFN tuarascáil bhliantúil agus cuntais ar a cuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais, rud a fhoilsítear ar leithligh.

## An Clár Spreagthaí Bonneagair

I mí Iúil 2012 d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin TD, thar ceann an Rialtais Clár Spreagthaí Bonneagair arbh fhiú €2.25 billiún é, lena n-áireofaí tionscadail arbh fhiú €1.4 billiún iad a sholáthraí i bhfoirm comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPP).

Tá an infheistíocht CPP atá beartaithe á díriú ar thionscadail a thugann aghaidh ar eochair-riachtanais bhonneagair agus atá ar aon dul leis na tosaíochtaí a aithnítear i gCreat Infheistíochta an Rialtais, lena gcuimsítear oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus iompar. Beidh GAFN freagrach as trí tionscadal CPP a sholáthar don oideachas, as tionscadal CPP amháin a sholáthar don tsláinte agus as tionscadal CPP amháin a sholáthar don dlí agus ceart, tionscadail ar a mbeidh luach caipitil iomlán de thart ar €650 milliún. Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as na tionscadail éagsúla CPP do na bóithre a cheannach, ar luach de thart ar €750 milliún. Is í GAFN an comhairleoir airgeadais ar fud an chláir iomláin CPP.

Táthar ag súil go dtiocfaidh an maoiniú do na tionscadail CPP sin ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean/ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, ó bhainc intíre agus idirnáisiúnta agus ó infheisteoirí institiúideacha. Ní cuid den chlár infheistíochta reatha atá á mhaoiniú ag an Stáitchiste é an caiteachas caipitil atá beartaithe faoin bpacáiste spreagthaí.

D'éirigh leis an gcéad chlár a seoladh faoin gclár spreagthaí – an tionscadal CPP do na bóithre N17/N18 (stráice mótarbhealaigh atá 57 ciliméadar ar fad agus a nascann an Gort agus an Tuaim i nGaillimh) – céim na dtarraingtí anuas a bhaint amach i mí Aibreáin 2014. Sholáthair BEI €144 milliún den lánriachtanas maoinithe €290 milliún a bhí ag an tionscadal. Ba iad infheisteoirí tráchtála agus institiúideacha a sholáthair an chuid eile den mhaoiniú, lena n-áireodh Natixis agus Société Générale, ar bainc Fhrancacha iad, Argæes, ar árachóir Beilgeach é, agus Banc na hÉireann. Tá an tionscadal sin ar an gceann is mó sa chlár spreagthaí go dtí seo. Chomh maith leis sin, is é

an chéad chomhpháirtíocht phríobháideach poiblí é a fuair maoiniú fiachais ó infheisteoirí institiúideacha ó thús na géarchéime airgeadais. Táthar ag súil go gcruthófar níos mó ná 450 post tógála le linn chéim na tógála. Tá comórtais ar siúl anois do na tionscadail eile ar fad sa chlár spreagthaí. Taobh amuigh den chlár spreagthaí, tá 15 tionscadal scoileanna nach tionscadail CPP iad á soláthar ag GAFN thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá luach comhcheangailte de thart ar €80 milliún ar na tionscadail sin. Bronnadh trí chonradh "Dearaidh agus Tógála" ag tús na bliana 2014 agus tá tógáil ar siúl anois ag gach ceann de na láithreáin.

## Teagmháil le Infheisteoirí, Maoinitheoirí, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Ionchasacha

Chuaigh GAFN i dteagmháil go gníomhach le hurraitheoirí, le soláthraithe cothromais, le conraitheoirí, le soláthraithe seirbhíse gairmiúla agus le maoinitheoirí tionscadal féideartha idirnáisiúnta agus intíre chun feasacht a fhorbairt ar an gClár Spreagthaí Bonneagair agus chun tacaíocht a chothú dó. Comhartha láidir go bhfuil spéis athnuaite idirnáisiúnta i margadh CPP na hÉireann is ea an rannpháirtíocht a bhí ann i measc infheisteoirí institiúideacha i dtionscadal bhóithre an N17/N18 (an Gort-Tuaim).

I gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'fhreastail GAFN ar bhabhtaí plé idir BEI agus roinnt Ranna Rialtais i ndáil le hiasachtaí díreacha a sholáthar don Stáitchiste. Tá iasachtaí díreacha ar fiú €450 milliún san iomlán iad ceadaithe ag BEI don Stáitchiste ó mhí Iúil 2012, figiúr ina gcuimsítear: €100 milliún i mí Iúil 2012 agus €100 milliún i mí an Mheithimh 2013 i gcomhair tionscadail thraidisiúnta tógála scoileanna (nach tionscadail CPP iad), €100 milliún i mí na Samhna i gcomhair tionscadail uisce/fuíolluisce, agus €150 milliún i mí Eanáir 2014 chun Luas, an córas iarnróid éadroim i mBaile Átha Cliath, a shíneadh.

I mí Eanáir 2014, síníodh saoráid iasachta €41 milliún idir Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa agus Éire, a mhaoineodh suas le 50 faoin gcéad de thionscadal Phríosún Chorcaí agus den tSaoráid Náisiúnta um Choinneáil Leanáí.

## Soláthar agus Cur i gCrích Tionscadal – Príomhfhorbairtí

### Oideachas

Rinne GAFN an conradh CPP do Bheart Scoileanna 3 a dheonú do BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperatie an 9 Samhain 2012, ar comhthionscnamh é idir BAM PPP agus PGGM, riarthóir cistí pinsean atá lonnaithe san Ísiltír. Chuir BEI agus Banc na hÉireann maoiniú ar fáil, agus saoráid chreidmheasa teannta á cur ar fáil ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ba de réir sceidil in 2013 agus in 2014 a cuireadh gach ceann de na hocht scoil faoin mbeart seo i gcrích. Agus 5,700 áit

scoile á gcur ar fáil acu, tá na scoileanna sin lonnaithe sna contaetha seo a leanas: Gaillimh, Dún na nGall, Liatroim, Luimneach, an Iarmhí agus Loch Garman.

Rinneadh an ceathrú agus an cúigiú beart de thionscadail CPP tógála scoileanna a sheoladh ag an am céanna in 2013. Fógraíodh an tairgeoir roghnaithe do Bheart Scoileanna 4 – a bhfuil ceithre scoil ann – i mí an Mheithimh 2014 agus meastar go gcuirfear tús leis na scoileanna sin a thógáil roimh dheireadh na bliana. Meastar go bhfógrófar an tairgeoir roghnaithe do Bheart Scoileanna 5 – a bhfuil sé scoil ann – i ráithe 1 de 2015 agus go gcuirfear tús leis an tógáil i ráithe 3 de 2015. Táthar ag súil go gcruthófar suas le 1,000 post tógála le linn chéim thógála an dá thionscadal.

Tá dhá fhoirgneamh ollscoile a fhorbairt mar chuid de champas nua lár na cathrach d’Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin ar cheann de na mórtionscadail CPP sa chlár spreagthaí. Tá trí iarrthóir gearrliostaithe ag GAFN agus tá súil go bhfógrófar an tairgeoir roghnaithe i ráithe 3 de 2015. Tá tógáil fhoirgnimh na Cearnóige Láir agus na Cearnóige Thoir le bheith críochnaithe go luath sa bhliain 2018. Táthar ag súil go gcruthófar suas le 1,500 post le linn chéim na tógála.

### Bóithre

I mí Aibreáin 2013, rinneadh an conradh do Thionscadal CPP an N11/N7 (stráice atá 50 km ar fad ar ghréasán bhóthar an N11 agus acomhal saorshreafa Chroisire an Fhearainn Nua ar an N7) a bhronnadh ar an gcuibhreannas comhfhiontair idir BAM PPP agus PGGM Infrastructure Cooperatie, soláthraí pinsean atá lonnaithe san Ísiltír. Chuir BEI agus Banc na hÉireann maoiniú ar fáil, agus saoráid chreidmheasa teannta á cur ar fáil ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ba í GAFN an comhairleoir airgeadais don tionscadal sin. Tá obair thógála ar siúl faoi láthair agus tá sí le bheith críochnaithe in 2015.

### Sláinte

Tá GAFN ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun suas le 14 Ionad Cúraim Phríomhúil réigiúnacha a sholáthar. Ba i mí na Nollag 2013 a cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair do thionscadal CPP na nIonad Cúraim Phríomhúil agus gearrliostaíodh trí chuibhreannas ina leith i mí an Mheithimh 2014. Tá sé beartaithe faoi láthair go mbainfear céim na dtarraingtí anuas amach i ráithe 3 2015.

### Dlí agus Ceart

Is é atá i mBeart CPP na gCúirteanna ná seacht dteach cúirte réigiúnacha, a chuimsíonn meascán d’fhoirgnimh nua theach cúirte i nDroichead Átha, i Leitir Ceanainn, i Luimneach agus i Loch Garman agus d’oibreacha athchóirithe/sínidh ar thithe cúirte atá ann cheana i gCorcaigh, ar an Muileann gCearr agus i bPort Láirge. Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair i mí Aibreáin 2014 agus tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar na léirithe spéise a fuarthas i mí an Mheithimh.

### An Tionscnamh “Buail leis an gCeannaitheoir”

Mar chuid de thionscnamh a bhfuiltear ag obair air le Fiontraíocht Éireann faoin gclár iomlán, cuireadh sraith imeachtaí “Buail leis an gCeannaitheoir” ar siúl ar fud na tíre, agus deis á tabhairt acu do chuideachtaí beaga agus meánmhéide in earnáil na tógála bualadh go díreach le hionadaithe ó na cuibhreannais a bhí ag cur tairiscintí isteach i gcomhair na dtionscadal. Tá freastal déanta ag 300 cuideachta ar na hócáidí sin go dtí seo. Tá sé beartaithe tuilleadh ócáidí den sórt sin a reáchtáil sa dara leath de 2014 agus in 2015.

### Ilghnéitheach

Cuireann GAFN seirbhísí riaracháin chonartha ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna ar thionscadail CPP atá i bhfeidhm cheana. Ina theannta sin, cuireann GAFN seirbhísí comhairleacha airgeadais ad hoc ar fáil do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí Rialtais éagsúla maidir le tionscadail CPP atá críochnaithe (e.g. athbhreithniú ar an innéacsú ar íocaíochtaí an mhuirir aonadaigh, athbhreithniú ar athmhaoiniú iasachtaí agus ar athstruchtúrú fiachais), agus maidir le tionscadail eile lena mbaineann ceangaltas fadtéarmach cistí poiblí.

# An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Cuireadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) ar bun go foirmiúil i mí na Nollag 2009 mar cheann de na tionscnaimh ar ghlac an Rialtas leo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincéireacht na hÉireann, géarchéim a tháinig chun cinn mar thoradh ar iasachtaíocht iomarcach leis an earnáil réadmhaoin, go háirithe idir na blianta 2003 agus 2007. Ghnóthaigh sí sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) mar mhalairt ar urrúis faoi ráthaíocht an Rialtais a d'eisigh siad go díreach chuig cúig fhoras rannpháirteacha, ba iad sin, Banc-Aontas Éireann, an Banc Angla-Éireannach, Banc na hÉireann, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann agus Cumann Foirgníochta an EBS.<sup>9</sup>

Is é cuspoir tráchtála GNBS, faoi Alt 10 d'Acht GNBS, an toradh airgeadais is fearr a bhaint amach, chomh fada agus is féidir, don Stát, ag féachaint don chostas don Státchiste a bhaineann le sócmhainní bainc a fháil agus le déileáil le sócmhainní bainc, do chostas caipitil GNBS agus do chostais eile.

Fónann GNBS mar aonán neamhspleách tráchtála agus tá a bord féin aici atá ceaptha ag an Aire Airgeadais agus lena n-áirítear, *ex officio*, Príomhfheidhmeannach GBCN agus Príomhfheidhmeannach GNBS. Tá gach ball foirne de chuid GNBS fostaithe ag GBCN agus tá siad sannta ag GBCN do GNBS.

Ceanglaítear ar GNBS tuarascáil bhliantúil agus cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad sin ar leithligh. Chomh maith leis sin, cuireann GNBS tuarascálacha ráithiúla airgeadais faoi bhráid an Aire agus leagtar faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais iad. Freastalaíonn an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí, ar an gComhchoiste um Airgeadas, Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus ar choistí ábhartha eile san Oireachtas, agus tugann siad fianaise dóibh nuair a iarrtar orthu.

## Dul chun cinn go dtí seo

Ba é a bhí i gceist leis an gcéad chéim d'obair GNBS ná talamh agus forbairt agus iasachtaí gaolmhara ar a raibh luach ainmiúil €74.2 billiún a luacháil agus a aistriú. Agus na hiasachtaí sin á gceannach aici, d'eisigh GNBS fiachas sinsearach agus fofhiachas arbh fhiú €31.8 billiún iad, figiúr a léirigh mórinstéalladh leachtachta ag am a bhí rithábhachtach maidir le córas baincéireachta na hÉireann a athstruchtúrú.

Tá an-dul chun cinn déanta ag GNBS maidir leis an sainordú príomhúil tráchtála a tugadh di le reacht, is é sin, an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát ó na hiasachtaí atá gnóthaithe aici agus ó na sócmhainní a urraíonn iad. Tá an dul chun cinn sin le feiceáil sa bhrabús agus sna sreafaí airgid atá á nginiúint ag GNBS. Den tríú bliain as a chéile, agus beag beann ar an mbeartas stuama bearnaithe atá i réim, thuairiscigh GNBS brabús, tar éis cánach agus bearnú, de níos mó ná €200 milliún in 2013. Thuairiscigh sí sreafaí airgid láidre leanúnacha freisin. Ó bunadh na Gníomhaireachta go

deireadh na bliana 2013, bhí €15.1 billiún i bhfoirm fáltas féichiúnaithe (fáltas ó dhiúscairtí sócmhainní agus fáltas eile) ginte ag GNBS.

Mar gheall ar an bhfeidhmíocht láidir airgid a bhí aici, bhí GNBS in ann an chéad gharspriosc d'aisíocaíocht fiachais a bhí aici a chomhlíonadh – ba é sin, €7.5 billiún nó 25 faoin gcéad dá fiachas sinsearach a aisíoc faoi dheireadh na bliana 2013. Bhí comhlíonadh na sprice sin ina ghné thábhachtach den dul chun cinn atá á dhéanamh ag Éirinn maidir le dliteanais theagmhasacha an Stáit a laghdú. Chabhraigh sé freisin le cur ar chumas na hÉireann dul amach as clár AE/CAI ag deireadh na bliana 2013.

Is é an phríomhdhóigh ar éirigh le GNBS airgead a ghiniúint ná réadmhaoin agus sócmhainní eile a bhí i seilbh a féichiúnaithe agus a glacadóirí a dhiúscairt agus a hiasachtaí a dhiúscairt. Ó bunadh na Gníomhaireachta go deireadh na bliana 2013, bhí €10.9 billiún ginte ag GNBS i bhfoirm fáltas diúscairt. Bhain thart ar 68 faoin gcéad de na fáltas sin le sócmhainní a dhíol sa Bhreatain, go háirithe i Londain, a léirigh láidreacht leanúnach an mhargaidh sin ó 2009 i leith. Mar gheall ar an téarnamh suntasach sa mhargadh réadmhaoin in Éirinn ó lár na bliana 2013 i leith, cuireadh ar chumas GNBS an sreabhadh acmhainní a bhí ar fáil lena ndíol a mhéadú, lena áiríodh roinnt punanna ollmhóra iasachtaí agus réadmhaoin a tharraing aird mórcheannaitheoirí institiúideacha.

Soláthraíonn GNBS maoiniú freisin chun luach na sócmhainní faoi rialú a féichiúnaithe agus a glacadóirí a fheabhsú.

Faoi dheireadh na bliana 2013, bhí maoiniú forbartha arbh fhiú níos mó ná €1 billiún é faofa aici do thionscadail in Éirinn. Tá níos mó ná €600 milliún den airgead sin tarraingthe anuas cheana féin. Tá tiomantas tugtha ag GNBS maoiniú forbartha iomlán €2.5 billiún a thabhairt ar aghaidh do thionscadail Éireannacha roimh dheireadh na bliana 2016.

Féachann GNBS freisin le rannchuidiú mór a dhéanamh le geilleagar na hÉireann. Áirítear leis sin an 15,000 post a dtacaíonn sí leo go díreach in Éirinn i ngnóthais trádála atá nasctha lena hiasachtaí; an obair a dhéanann sí le GFT Éireann maidir le réadmhaoin oiriúnacha tráchtála a aithint chun freastal ar riachtanais infheistíochta díri eachtraí; agus an tacaíocht a thugann sí do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide in earnáil an mhiondíola tríd an tionscnamh um laghdú cíosa. Tá GNBS i dteagmháil go réamhghníomhach le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí eile poiblí maidir leis an riachtanas talún agus réadmhaoin a d'fhéadfadh bheith acu. I dtaca leis sin, d'aithin GNBS níos mó ná 4,600 réadmhaoin chónaithe atá ar fáil agus a d'fhéadfadh bheith oiriúnach do sholáthar tithíochta sóisialta.

## Na Seirbhísí a Sholáthraíonn GBCN do GNBS

Faoi Alt 41 d'Acht GNBS, soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta do GNBS, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, TF, riosca margaidh, próiseáil idirbheart agus seirbhísí cistíochta. Déanann GNBS aisíocaíocht do GBCN as costas na seirbhísí seo ab ionann agus €41m in 2013 (costais bhall foirne san áireamh). Faoi dheireadh na bliana 2013 shann GBCN 331 ball foirne do GNBS, baill foirne a raibh taithí fhairsing agus saineolas fairsing acu ar réimsí an iasachtaíthe, na maoin, na cuntasáíochta, an dlí, na baincéireachta agus an chreidmheasa.

<sup>9</sup> Rinneadh Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann a chumas i mí Iúil 2011 agus tugadh Corparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC) mar ainm ar an mbanc nua i mí Dheireadh Fómhair 2011. Ceapadh Leachtaitheoirí Speisialta do IBRC i mí Feabhra 2013. Cheannaigh Banc-Aontas Éireann Cumann Foirgníochta an EBS i mí Iúil 2011.

# Rialachas

## Struchtúr Tuairiscithe agus Rialachais

Is comhlacht reachtúil í GBCN a bunaíodh faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990*.

Níl bord ag GBCN agus tá freagracht reachtúil ar an bPríomhfheidhmeannach as leanúint ar aghaidh de bheith ag bainistiú agus ag rialú riarachán agus ghnó na Gnóimhaireachta i gcoitinne. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Príomhfheidhmeannach. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach go díreach don Aire Airgeadais maidir leis na feidhmeanna atá ag GBCN i ndáil le maoiniú agus bainistiú fiach, leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus le NewERA. Foráiltear sa reachtaíocht lena rialaítear GBCN do Choiste Comhairleach agus do Choiste Beartais na Gnóimhaireachta um Éilimh ar an Stát.

Tá a mbord féin ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Bunaíodh iad go léir faoina gcuid reachtaíocht rialaithe féin. Feidhmíonn GBCN mar choiste feidhmiúcháin i leith CNP agus GAFN. Sannann sí baill foirne do GNBS agus soláthraíonn sí seirbhísí gnó agus tacaíochta agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS. Cuimsítear faisnéis atá sonrach do Bhord GNBS, do Bhord GAFN agus do Choimisiún CNP i dtuascálacha bliantúla gach ceann de na comhlachtaí sin. Is comhalta *ex officio* de Choimisiún CNP agus de bhord GNBS é Príomhfheidhmeannach GBCN chomh maith le bheith ina Chathaoirleach *ex officio* ar GAFN.

### An Bille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014

Nuair a achtófar é, déanfar leis an mBille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), a foilsíodh i mí na Bealtaine 2014, struchtúir rialachais GBCN a chuíchóiriú agus a shimpliú ionas go mbeidh sí in ann glacadh le cur chuige níos comhtháite i leith chomhlíonadh a feidhmeanna. Athbhunófar an Ghníomhaireacht mar chomhlacht a mbeidh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile aici, daoine a mbeidh freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann de na feidhmeanna atá ag GBCN (seachas GNBS a leanfaidh lena bord ar leith féin a bheith aici). Déanfar an Coiste Comhairleach, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, Bord na Gnóimhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus Coiste Beartais na Gnóimhaireachta um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh. Foráiltear leis an mBille freisin don méid seo a leanas:

- na feidhmeanna atá ag GBCN i ndáil le NewERA a chur ar bhonn reachtúil;
- Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann a dhéanamh de CNP, a mbeidh sainordú aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a cheapfar chun tacú le gnóimhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn;
- an fheidhm atá ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le costais dlí a chur ar bhonn reachtúil; agus
- na feidhmeanna atá ag GAFN a aistriú chuig GBCN.

## An Coiste Comhairleach

Tugann an Coiste Comhairleach cúnaimh agus comhairle do GBCN maidir leis na ceisteanna sin a chuireann GBCN faoina mbráid chun na críche sin. Cuireann siad comhairle ar an Aire Airgeadais freisin maidir le téarmaí agus le coinníollacha an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair).

D'fhonn feabhas a chur ar rialachas corparáideach GBCN, chomhaontaigh an Coiste Comhairleach go dtabharfadh siad comhairle fhoirmiúil don Phríomhfheidhmeannach ar liosta sonraithe saincheisteanna ar bhonn leanúnach. Tá an liosta sin bunaithe ar ábhair a bhforchoimeádaí lena gcinneadh ag an mBord de ghnáth agus tá sé mar seo a leanas:

- Beartas um Maoiniú agus Bainistiú Fiach;
- Spriocanna agus Cuspóirí na Feidhme Gnó;
- Leibhéil Údaráis Tharmilgthe;
- Luach Saothair;
- Measúnú Feidhmíochta Ardbhainistíochta agus Pleanáil um Chomharbas;
- Leasuithe Suntasacha ar Shochair Phinsin na Foirne;
- Beartais agus Pleananna Corparáideacha;
- Beartas um Bainistíocht Riosca;
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais;
- Tuascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla GBCN;
- Ceapachán Gnólachta d'Iniúchadh Inmheánach;
- Maoirsiú ar Choiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Choiste);
- Buiséad Oibre; agus
- Comhlíonadh Ceanglas Reachtúil agus Rialála ag GBCN.

Is éard atá sa Choiste Comhairleach suas go seachtar comhaltaí a cheap an tAire Airgeadais. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 30 Meitheamh 2014:

**Willie Walsh – Cathaoirleach** (Ceaptha ón 11 Samhain 2013)

**Brendan McDonagh** (Ceaptha ón 1 Meán Fómhair 2010)

**John Moran** (Ceaptha ón 6 Márta 2012)

**Tytti Noras** (Athcheaptha ón 1 Lúnasa 2010)

**Donald C Roth** (Athcheaptha ón 1 Eanáir 2014)

Tháinig an Coiste Comhairleach le chéile cúig huaire in 2013. Thug comhaltaí an Choiste comhairle do GBCN ar bhonn leanúnach le linn na bliana freisin.

Coiste Comhairleach GBCN – Freastal ar Chruinnithe 2013	
Comhalta Coiste	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Willie Walsh	1/1(p)
Brendan McDonagh	5/5
John Moran	5/5
Tytti Noras	5/5
Donald C Roth	5/5

tagraítear le (p) don líon cruinnithe a rabhthas in ann freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin.

Foinse: GBCN

## Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Tugann Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát comhairle do GBCN maidir le beartas agus le nósanna imeachta a bhaineann le feidhmíocht na bhfeidhmeanna atá aici i ndáil leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Is éard atá sa Choiste seachtar comhaltaí ar cheap an tAire Airgeadais iad. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 30 Meitheamh 2014:

**Noel Whelan – Cathaoirleach** (athcheaptha an 1 Iúil 2012)  
*Leas-Uachtarán agus Déan Emeritus, Ollscoil Luimnigh*

**Tony Delany** (Ceaptha ón 22 Feabhra 2010)  
*Iar-Stiúrthóir um Éilimh le Norwich Union/Hibernian Insurance*

**Charlie Hardy** (Ceaptha ón 1 Iúil 2012 go dtí an 15 Samhain 2013)  
*Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte*

**Mary Jackson** (Ceaptha ón 1 Nollaig 2013)  
*Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte*

**Christopher Moore** (Ceaptha ón 22 Feabhra 2010)  
*Briogáidire-Ghinearál (Ar Scor)*

**Niamh Moran** (Ceaptha ón 10 Márta 2010)  
*Aturnae, Carmody Moran, Aturnae*

**Fachtna Murphy** (Ceaptha ón 1 Iúil 2012)  
*Iar-Choimisinéir an Gharda Síochána*

**Wendy Thompson** (Ceaptha ón 1 Iúil 2012)  
*Bainisteoir Árachais agus Dlíthíochta, an Ghníomhaireacht um Fháil Iamróid*

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2013.

Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát – Freastal ar Chruinnithe 2013	
Comhalta Coiste	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Noel Whelan	4/4
Tony Delany	4/4
Charlie Hardy	1/3(p)
Mary Jackson	1/1(p)
Christopher Moore	4/4
Niamh Moran	4/4
Fachtna Murphy	4/4
Wendy Thompson	4/4

tagraíonn (p) don líon cruinnithe a rabhthas in ann freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin/scoir.

Foinse: GBCN

## Coistí Eile

Bhunaigh an Coiste Comhairleach dhá choiste, agus tá téarmaí foirmiúla tagartha acu araon.

### An Coiste Iniúchta

Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar na córais iniúchta inmheánaigh agus rialaithe, ar an gceann bainistíochta riosca, ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar na ráitis bhliantúla airgeadais de chuid GBCN. Tá rochtain iomlán neamhsrianta ar an gCoiste ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCeann Rialaithe agus ag an gCeann Comhlíonta. Is ionann an Coiste agus Coiste Iniúchta GAFN freisin. Tá coistí iniúchta ar leith ag Coimisiún CNP agus ag GNBS.

Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 30 Meitheamh 2014:

### Brendan McDonagh – Cathaoirleach

**Gerry Murray**  
*Comhalta de Bhord GAFN*

**Michael O’Grady**  
*Comhalta Seachtrach*

## Coiste Luach Saothair

Déanann an Coiste Luach Saothair moltaí don Choiste Comhairleach maidir le luach saothair Phríomhfheidhmeannach agus ardbhainistíocht GBCN agus maidir le polasaí ginearálta an luacha saothair in GBCN. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 30 Meitheamh 2014:

### Don Roth – Cathaoirleach

(Comhalta thar an tréimhse iomlán agus Cathaoirleach ón 25 Márta 2014)

### Paul Carty

Cathaoirleach Choimisiún CNP

### Frank Daly

Cathaoirleach Bhord GNBS

### Brendan McDonagh

Willie Walsh (ón 11 Samhain 2013)

## Cóid Rialachais Chorpáidigh

Tá Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach ina bhfuil bord stiúthóirí, ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, agus foireann agus baill foirne bainistíochta feidhmiúcháin a chuireann na feidhmeanna a dtarlaimheann an Bord chucu i gcrích. Tá an Cód á chur chun feidhme ag GBCN, agus é curtha in oiriúint dá struchtúr rialachais ar leith. I measc na nithe a bhíonn i gceist leis sin, iarrann an Príomhfheidhmeannach comhairle go foirmiúil ón gCoiste Comhairleach ar bhonn leanúnach maidir le hábhair a bhíonn teoranta dá gcinneadh ag an mBord de ghnáth.

Tá coid chleachtas ghnó i bhfeidhm do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh agus Choiste Beartais na Gnómháireachta um Éilimh ar an Stát agus d'fhostaithe GBCN. Táthar ag súil go n-áiritheoidh baill agus fostaithe an Choiste go bhfuil gach ceann dá ngnómháochtaí á rialú ag na caighdeáin eiticiúla atá léirithe sa chód ábhartha. Ullmhaíodh coid ar leith i gcomhair fostaithe a shanntar do GNBS, a léiríonn ceanglais shonracha Acht GNBS.

Is comhlacht forordaithe poiblí GBCN chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Ina theannta sin tá riachtanais ar leith um nochtadh leasa faoi Acht CNP, faoi Acht GAFN agus faoi Acht GNBS.

## Iníúcháirí

De réir ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iníúchadh ar GBCN. Tá feidhm iníúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag GBCN. Cuireann gnólacht seachtrach iníúcháirí leis an obair sin. Is iad PricewaterhouseCoopers a thugann faoin obair iníúchta inmheánaigh sin faoi láthair.

## Soláthar Foirne agus Luach Saothair

Tháinig méadú suntasach ar líon na mball foirne in GBCN ó dheireadh na bliana 2009 mar gheall ar na nithe seo a leanas: gnómháochtaí breise a d'iarr an Rialtas ar GBCN a chur i gcrích thar an tréimhse; GNBS, feidhmeanna córais bhaincáireachta an Aire Airgeadais agus NewERA. D'ardaigh an líon foirne ó 169 duine ag deireadh na bliana 2009 go 657 duine ag deireadh na bliana 2013.

Tá GNBS freagrach as an gcuid is mó den mhéadú i líon na mball foirne sa tréimhse seo. Is fostaithe GBCN iad gach ball foirne de GNBS agus sanntar iad do GNBS faoi alt 42 den *Acht fán nGnómháireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009*.

Seachas líon beag ball foirne atá athshannta ó fheidhmeanna eile laistigh de GBCN, tá baill foirne atá sannta do GNBS fostaithe ar chonarthaí sainchuspóra – mairfidh a bhfostaíocht chomh fada agus a bheidh gá ag GNBS lena bhfeidhm ar leith. Déanann GNBS aon chostais a thabhaíonn GBCN mar gheall ar bhaill foirne a shannadh agus ar sheirbhísí a chur ar fáil do GNBS a aisíoc le GBCN.

Tar éis tarmligeann feidhmeanna córais bhaincáireachta chuig GBCN a aisghairm ón 5 Lúnasa 2011, cuireadh foireann bhaincáireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais.

### Foireann GBCN ag Deireadh 2013

Maoiniú agus Bainistiú Fiach	15
An Ghnómháireacht um Éilimh ar an Stát	77
NewERA	13
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	15
An Ghnómháireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	52
An Ghnómháireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	331
An tAonad Baincáireachta (ar iasacht ag an Roinn Airgeadais)	14
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca	98
Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha	10
Dlí, Rialú agus Comhlíonadh	18
Eile	14
<b>Iomlán</b>	<b>657</b>

Foinse: GBCN

Is é is aidhm do mhúnla gnó GBCN ná tacaíocht a thabhairt don Ghníomhaireacht agus í ag gníomhú go tráchtálach chun a cuspóirí gnó a bhaint amach. Faoi mhúnla gnó GBCN, níl aon ghráid ghinearálta phá ann agus tá baill foirne fostaithe ar bhonn conarthaí a idirbheartaítear ina n-aonair faoi rún. A bhfuil leis an múnla gnó sin, tá GBCN in ann dul san iomaíocht leis an earnáil phríobháideach chun baill foirne ag a bhfuil sainscileanna agus scileanna a bhfuil an-tóir orthu a mhealladh agus a choinneáil – go háirithe agus iad i lár a ngairmeacha. Bhí sé sin rithábachtach maidir le cur ar chumas GBCN ceapadh a dhéanamh ar bhaill foirne, ag a bhfuil an saineolas gairmiúil atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na feidhmeanna nua ar shann Rialtais éagsúla di.

Tuarastail GBCN de réir Banda Tuarastail ag Deireadh 2013			
	GBCN (GNBS roimhe seo)	GNBS	Iomlán
Suas go €50,000	100	39	139
€50,001 go €75,000	112	99	211
€75,001 go €100,000	50	83	133
€100,001 go €125,000	26	54	80
€125,001 go €150,000	13	36	49
€150,001 go €175,000	11	11	22
€175,001 go €200,000	5	5	10
€200,001 go €225,000	1	0	1
€225,001 go €250,000	2	1	3
€250,001 go €275,000	4	1	5
€275,001 go €300,000	0	0	0
€300,001 go €325,000	1	0	1
€325,001 go €350,000	0	0	0
€350,001 go €375,000	0	1	1
€375,001 go €400,000	0	1	1
€400,001 go €425,000	1	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>326</b>	<b>331</b>	<b>657</b>

Nótaí:

1. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhíse poiblí i bhfeidhm i gcás fhostaithe GBCN.
2. Beidh feidhm ag na laghduithe pá dá bhforáiltear san *Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2013* a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2013, maidir le foireann GBCN. Léirítear na laghduithe sin sa tábla thuas.

Foinse: GBCN

Cuirtear foráil maidir le pá a bhaineann le feidhmíocht san áireamh i dtéamaí conartha na bhfostaithe den chuid is mó, chun struchtúir luach saothair sna hearnálacha sin óna n-earcaíonn GBCN a léiriú. Mar sin féin, ní dharna GBCN íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ach le 11 bhall foirne don bhliain 2013. B'ionann na híocaíochtaí agus €76,500 san iomlán. Níor íocadh aon íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le haon fhostaí a thuill tuarastal thar €200,000.

Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GBCN leagtha amach sna Ráitis Airgeadais (feic leathanach 77). Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GNBS agus Phríomhfheidhmeannach GAFN leagtha amach i Ráitis Airgeadais na gcomhlachtaí sin.

## Úsáid Fuinnimh

Oibríonn GBCN i bhFoigineamh an Stáitchiste ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, áit a léasaíonn sé spás ar cheithre urlár. In 2013, d'úsáid GBCN 1,578,651 kWh de leictreachas, arb ionann é agus meánúsáid 2,631 kWh in aghaidh an fhostaí. Cuirtear é sin i gcomparáid le meánúsáid 2,921 kWh in aghaidh an fhostaí in 2012 – is é sin, laghdú 10 faoin gcéad in aghaidh an fhostaí.

Is é an tiarna talún a chuireann an t-aerchóiriú ar fáil san fhoigineamh agus tá sé á thiomáint ag gás nádúrtha.

## Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2013

In 2013, thug GBCN faoi raon tionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh:

- An clár maidir le feistis solais reatha a bhaint ó áiteanna a bhí áitithe cheana féin a chur i gcrích agus feistis solais nua a choigllíonn fuinneamh a shuiteáil;
- An clár maidir le braiteoirí a shuiteáil ar gach soláthar uisce a chur i gcrích; agus
- An t-aonad fuaraithe reatha a bhaint as an gcóras aerchóirithe agus aonad atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, agus lena laghdaítear an méid fuinnimh a úsáidtear faoi 27 faoin gcéad, a chur ina áit.

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2014

Tá sé ar intinn ag GBCN feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú arís eile in 2014 trí na haonaid láimhseála aeir a uasghrádú ar gach urlár atá á áitiú ag GBCN i bhFoigineamh an Stáitchiste agus trí shuirbhé fuinnimh a dhéanamh ar na seomraí cumarsáide TF d'fhonn bearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach nuair is féidir.





# Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir  
Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

Ráiteas ar Fhreagrachtaí GBCN	42
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	43
Fiachas Náisiúnta na hÉireann	45
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin	67
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	85
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	91
An Cúlchiste Mionchoigiltis	97
An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	99
Ciste na gCuntas Díomhaoin	107

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí GBCN

Ceanglaítear leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”) ráitis airgeadais a ullmhú i leith a hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ní mór don Ghníomhaireacht:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé neamhchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadas na Gníomhaireachta, a cistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tugaim aird ar an bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Rinne mé roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chúí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orm maidir le feidhmiú mo fhreagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Gníomhaireacht”) chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar seo a leanas:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an bhforas a shainaithint;
- an chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas GBCN a mheas i ndáil le rioscaí a bhíonn i gceist a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Príomhfheidhmeannach a athbhreithniú agus a chomhaontú leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann comhlíonadh airgeadais i gcoinne réamhaisnéise;
- socrú spriocanna chun comhlíonadh airgeadais agus comhlíonadh eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe soiléire faoi infheistíocht chaipitiúil;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar an riosca a bhfuil an Gníomhaireacht nochtá dó, agus tá pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Tugann an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí tacaíocht d'anailís ar riosca agus do na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach agus déanann Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta an anailís seo a fhaomhadh. Uair sa bhliain ar a laghad, soláthraíonn an tIniúcháir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta agus do Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta. Áirítear leis an tuarascáil tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh faoi leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Cuirtear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Gníomhaireacht ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar an eolas trí obair an iniúcháir inmheánaigh, ag na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Gníomhaireacht atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus trí thuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna mé, mar Phríomhfheidhmeannach, agus comhairle glactha agam ó Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
30 Meitheamh 2014



# Ráitis Airgeadais Fhíachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	46
Beartais Chuntasaíochta	48
Ráiteas ar Fhónamh Fíachais	49
Ráiteas ar Fhíachas Náisiúnta	50
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhíachais Náisiúnta	51
Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhíachas Náisiúnta	52
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	53–65

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an ráiteas ar fhónamh fiachais, an ráiteas ar fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar shreabhadh airgid an fhiachais náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht san fhiachas náisiúnta agus na nótaí gaolmhara. Réitíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna fhorordú faoi alt 12 den Acht agus ar an mbonn atá leagtha amach i mír (b) de na beartais chuntasaíochta.

## Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go gcuirtear an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag deireadh na bliana agus costas seirbhíse fiachais don bhliain i láthair mar is ceart iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCaihteáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticíúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

## Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtá sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaíse nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an cuí í iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh na gcúinsí de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nocht go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Léim an t-eolas atá i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainiú. Má thagaim ar an eolas faoi mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, cuirtear i láthair mar is ceart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart san fhoirm arna fhorordú faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, agus ar an mbonn atá leagtha amach i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta, an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2013 agus an costas seirbhíse fiachais don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta i dtaca leis an bhfiachas náisiúnta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2014



## Beartais Chuntasaíochta

### (a) Cúlra

Faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Gníomhaireacht”) feidhmeanna iasachta agus bainistíochta Fiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Leagtar amach ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 49 go 65. Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Áirítear le ráitis airgeadas an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochtá i ndáil le Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta, Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh), Cuntas Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh), Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce agus Cuntas ar Stoc ar Glacadh Leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis. Cuireadh na cuntais sin i láthair ar leithligh roimh na ráitis airgeadais do 2012. Ós rud é gur cuntais oibríochtúla iad a socraíodh chun críocha sonracha, ní áirítear a n-iarmhéideanna airgid le hiarmhéid Chuntas an Stáitchiste arna tuairisciú faoi Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile sa Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta.

### (b) Bonn na Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil a úsáidtear mar bhonn tomhais seachas má luaitear a mhalairt. Aithnítear idirbhearta agus úsáid á baint as bonn airgid na cuntasaíochta.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar an tsuim iomlán de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana, lúide airgead agus sócmhainní airgeadais eile atá ar fáil ar fáil d’fhuascailt na ndlíteanas sin ag an dáta céanna. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí sin sna ráitis airgeadais seo.

### (c) Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 an tréimhse tuairiscithe.

### (d) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### (e) Fáltais agus Íocaíochtaí

Is ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar an íocaíocht a thaifeadtar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Stáitchiste, trí Chuntais Imreítigh Airgeadra Eachtraigh agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (“CFSC”).

### (f) Luacháil Dlíteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifeadadh ag parluach infhuascailte.

### (g) Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d’fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d’fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

### (h) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra eachtrach go euro de réir an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhearta. Aistrítear dlíteanais agus sócmhainní in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

### i) Próifíl Aibíochta

Is ionann Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos mó ná bliain amháin aige, agus is ionann Fiachas Gearthéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos lú ná bliain amháin aige.

## Ráiteas ar Fhónamh Fiachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Ús íoctha			
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach	2	7,075,211	5,481,813
Fiachas Gearrthéarmach	3	25,245	38,881
Scéimeanna Coigilteas Stáit	4, 10	349,952	283,502
Gluaiseachtaí Eile	5	(993)	3,288
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	624,552	645,681
Táillí agus Speansais	7(a)	96,463	104,002
Speansais na Gnómhaireachta	7(b)	37,938	40,077
Ús a fuarthas ar Thaisc, ar Bhillí Stáitchiste agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile		<u>(125,204)</u>	<u>(128,818)</u>
<b>Costas Iomlán Fónaimh d'Fhiachas</b>	1	<b><u>8,083,164</u></b>	<b><u>6,468,426</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gnómhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

30 Meitheamh 2014

## Ráiteas ar Fhíachas Náisiúnta

31 Nollaig

	Nóta	2013 € milliún	2012 € milliún
<b>Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach</b>	8(a)		
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	8(b)	111,007	87,853
Láithrithe Príobháideacha		602	602
Nótaí Meántéarmacha		65	65
Iasachtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta		100	100
Maoiniú Chlár AE/CAI	8(c)	66,942	55,898
Iasachtaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha Eile		<u>5</u>	<u>5</u>
		178,721	144,523
<b>Fiachas Gearrthéarmach</b>			
Páipéar Gearrthéarmach	9	2,645	2,690
Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire			
Airgeadais	17	<u>676</u>	<u>786</u>
		3,321	3,476
<b>Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>			
Cairteacha Coigiltis		6,002	4,791
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta		1,752	1,001
Bannaí Coigiltis		5,342	5,568
Tráthchoigiltí		476	472
Stampaí Coigiltis		2	2
Duaisbhannaí		<u>1,932</u>	<u>1,649</u>
	10	<u>15,506</u>	<u>13,483</u>
		197,548	161,482
Lúide: Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile	11	<u>(23,601)</u>	<u>(23,850)</u>
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	14	<b><u>173,947</u></b>	<b><u>137,632</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

30 Meitheamh 2014

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhíachais Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Gluaiseacht in Iarmhéideanna Stáitchiste:</b>			
Iarmhéid Tosaigh sa Chuntas Stáitchiste	11	15,279,782	13,098,521
Taiscí, Billí Stáitchiste agus Sócmhainní Airgeadais Eile	18	(10,597,868)	(3,977,042)
Gníomhaíocht Iasachta (féach thíos)		<u>36,287,560</u>	<u>24,110,031</u>
		40,969,474	33,231,510
Easnamh Stáitchiste		(11,503,359)	(14,891,728)
Dlíteanas Nótaí Gealltanais IBRC a scaoileadh trí			
Bhannaí Rialtas na hÉireann a Eisiúint	24	<u>(25,034,000)</u>	<u>(3,060,000)</u>
Iarmhéid Deiridh sa Chuntas Stáitchiste	11	<u><b>4,432,115</b></u>	<u><b>15,279,782</b></u>

	Fáltais <sup>1</sup> €000	Íocaíochtaí <sup>1</sup> €000	2013 Glan €000	2012 Glan €000
<b>Gníomhaíocht Iasachta<sup>2</sup></b>				
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar				
Stocmhalartán na hÉireann	39,193,800	(15,820,893)	23,372,907	1,978,842
Iasachtaí BEI	-	-	-	100,000
Maoiniú Chlár AE/CAI	22,844,050	(11,797,165)	11,046,885	21,235,237
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	-	(126)	(126)	(126)
Páipéar Tráchtála	31,941,267	(31,986,292)	(45,025)	(229,565)
Cairteacha Coigiltis	1,890,460	(679,613)	1,210,847	558,065
Bannaí Coigiltis	1,925,299	(2,150,806)	(225,507)	785,354
Banna Náisiúnta Dlíthpháirtíochta	794,785	(43,786)	750,999	393,754
Tráthchoigiltí	108,374	(104,115)	4,259	(1,485)
Duaisbhannaí	476,385	(193,955)	282,430	200,610
Iasachtaí ó Chistí Aire	<u>58,257,322</u>	<u>(58,367,431)</u>	<u>(110,109)</u>	<u>(910,655)</u>
<b>Gníomhaíocht Iasachta Iomlán</b>	<u><b>157,431,742</b></u>	<u><b>(121,144,182)</b></u>	<u><b>36,287,560</b></u>	<u><b>24,110,031</b></u>

<sup>1</sup>Léiríonn fáltais agus íocaíochtaí oll-luach na gníomhaíochta iasachta, lena n-áirítear tar-rolladh fiachais agus idirbhearta gaolmhara fáilaithe.

<sup>2</sup>Áirítear le gníomhaíocht iasachta bannaí Rialtais ráta chomhlúthaigh ar fiú €25.03 billiún san iomlán iad agus a eisíodh do Bhanc Ceannais na hÉireann tar éis leachtú IBRC mar mhalairt ar na Nótaí Gealltanais a bhí i seilbh IBRC roimhe sin.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

30 Meitheamh 2014

## Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Fiachas Náisiúnta Tosaigh		137,632,014	119,082,027
Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil)		<u>36,314,637</u>	<u>18,549,987</u>
<b>Fiachas Náisiúnta Deiridh</b>		<b><u>173,946,651</u></b>	<b><u>137,632,014</u></b>

### Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:

Easnamh Státhchiste		11,503,359	14,891,728
Nótaí Gealltanais IBRC a Ghlanadh a Urscaoileadh trí			
Bhannaí Rialtas na hÉireann a eisiúint	24	25,034,000	3,060,000
Lascaine ar Bhannaí Rialtas na hÉireann a eisíodh chun Tráthchuid a Ghlanadh ar Nótaí Gealltanais IBRC	-		411,550
Glanphréimh/(Glanlascaine) ar Eisiúintí agus ar Chealuithe Bannaí lasachtaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha: Glanlaghdú Fáltas		(219,150)	152,987
thar Dhliteanas Ainmniúil		-	37,700
Tionchar Gluaiseachtaí sa Ráta Malairte Eachtraí		(3,433)	(4,023)
Gluaiseacht in Iarmhéid Reatha CFSC	11	<u>(139)</u>	<u>45</u>
		<b><u>36,314,637</u></b>	<b><u>18,549,987</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

30 Meitheamh 2014

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán

	Nóta	Gearrtha ar Chuntais Imreítigh Airgeadra Eachtraigh €000	Gearrtha ar an bPríomh-Chiste €000	Gearrtha ar CSRA €000	Iomlán Costas 2013 €000
Ús íoctha					
Fiachas Meántéarmach/ Fadtéarmach	2	207,027	4,859,426	2,008,758	7,075,211
Fiachas Gearrthéarmach	3	1,181	24,064	-	25,245
Scéimeanna Coigiltis Stáit	4,10	-	343,057	6,895	349,952
Gluaiseachtaí Eile	5	(979,982)	910,478	68,511	(993)
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	-	-	624,552	624,552
Táillí agus Speansais	7(a)	4,608	103,554	(11,699)	96,463
Speansais na Gníomhaireachta	7(b)	1,200	36,738	-	37,938
Ús a fuarthas ar Thaiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha		-	(12,026)	(113,178)	(125,204)
Gluaiseacht Idirchuntais		-	2,583,978	(2,583,978)	-
<b>Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán</b>		<b>(765,966)</b>	<b>8,849,269</b>	<b>(139)</b>	<b>8,083,164</b>

### 2. Ús ar Fhiachas Meántéarmach/Fadtéarmach

	2013 €000	2012 €000
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	5,128,943	4,074,819
Maoiniú Chlár AE/CAI	1,904,968	1,368,581
Iasachtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta	3,665	-
Láithrithe Príobháideacha	34,693	34,693
Nótaí Meántéarmacha	2,953	3,760
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach Eile	(11)	(40)
	<b>7,075,211</b>	<b>5,481,813</b>

### 3. Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach

	2013 €000	2012 €000
Páipéar Gearrthéarmach	<b>25,245</b>	<b>38,881</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Stáit

	2013	2012
	€000	€000
Cairteacha Coigiltis	103,824	72,627
Bannaí Coigiltis	187,790	138,383
Tráthchoigiltí	13,460	18,351
Duaiseanna i leith Duaisbhannaí	35,160	47,613
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	<u>9,718</u>	<u>6,528</u>
	<b><u>349,952</u></b>	<b><u>283,502</u></b>

Áirítear sna híocaíochtaí ar ús ar Scéimeanna Coigiltis Stáit in 2013 aistrithe chuig Ciste na gCuntas Díomhaoín i leith ús carntha caipitlithe ar chuntais faoi leith ar shainigh an Post iad mar chuntais dhíomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Is iad seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh:

	2013	2012
	€000	€000
Cairteacha Coigiltis	906	872
Bannaí Coigiltis	515	47
Tráthchoigiltí	<u>224</u>	<u>273</u>
	<b><u>1,645</u></b>	<b><u>1,192</u></b>

### 5. Gluaiseachtaí Eile

Mar chuid dá dualgas, glacann an Ghníomhaireacht páirt i raon idirbhearta bainistithe fiach, lena n-áirítear díorthaigh (feic nóta 13). Áirítear leis an bhfigiúr seo éifeacht glansreafa airgid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaíthe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht.

### 6. Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta

Foráiltear le hAlt 22 den Acht Airgeadais, 1950 (arna leasú), do shuimeanna sonracha don fhuascailt fiachais. Bhí na suimeanna a foráladh agus a cuireadh i bhfeidhm mar seo a leanas:

	Nóta	2013	2012
		€000	€000
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	15	<b><u>624,552</u></b>	<b><u>645,681</u></b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7 (a). Táillí agus Speansais

	2013	2012
	€000	€000
Maoiniú Chlár AE/CAI	60,793	84,761
Bannaí Rialtais agus Speansais Eile	13,677	1,928
Cairteacha Coigiltis	9,207	7,610
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	3,032	4,418
Duaisbhannaí	12,038	10,879
Bannaí Coigiltis	10,714	8,755
Tráthchoigiltí	743	1,121
Fáltais Táillí	(13,741)	(15,470)
	<b>96,463</b>	<b>104,002</b>

### 7 (b). Speansais na Gníomhaireachta

Déantar na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a ghearradh ar an bPríomh-Chiste, agus a íoc amach as, nó gearrtar iad ar a thoradh fáis.

### 8 (a). Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach

Is mar seo a leanas a bhí próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántearmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, agus idirbhearta bainistithe cisteáin a ndeachaigh an Gníomhaireacht isteach iontu á gcur san áireamh:

	2013	2012
	€ milliún	€ milliún
Fiachas le haisíoc laistigh de bhliain amháin	3,002	5,143
Fiachas le haisíoc idir 2 bhliain agus 5 bliana	48,909	41,704
Fiachas le haisíoc i ndiaidh 5 bliana	126,810	97,676
	<b>178,721</b>	<b>144,523</b>

### 8 (b). Bannaí Rialtais na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann

	2013	2012
	€ milliún	€ milliún
Bannaí Ráta Sheasta	84,586	86,832
Bannaí Ráta Chomhlúthaigh (nóta 24)	25,034	-
Bannaí Amúchta	1,387	1,021
	<b>111,007</b>	<b>87,853</b>

### 8 (c). Maoiniú Chlár AE/CAI

Déanann Clár AE-CAI d'Éirinn soláthar do thacaíocht sheachtrach €67.5 billiún<sup>1</sup> ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ("CAI"), ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSM") agus ón Sára Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSF") agus d'iasachtaí déthaobhacha eile. Ba i mí an Mhárta 2014 a rinneadh an eisiocaíocht dheidh €0.80 billiún ó EFSM faoin gclár.

<sup>1</sup> Ba é €67.5 billiún an ghlansuim in euro a fuair an Stáitchiste, tar éis an figiúr sin a choigeartú chun eisiúint faoin bpar, asbhaint corrlaigh réamhíochta agus tionchar na n-idirbheart malairte eachtraí a chur san áireamh.



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8 (c). Maoiniú Chlár AE/CAI (ar lean)

Is iad seo a leanas na dliteanais gan íoc faoi chlár AE/CAI ag deireadh 2013 atá san áireamh i nóta 8(a) thuas agus a áiríonn tionchar na n-idirbheart fálú airgeadra: -

	2013	Ualaithe Meántearma	2012	Ualaithe Meántearma
	€ milliún	Blianta	€ milliún	Blianta
<b>Iasachtóir</b>				
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	22,528	7.3 Bliain	19,030	7.3 Bliain
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	17,881	20.7 Bliain	12,214	11.7 Bliain
An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	21,700	12.4 Bliain	21,700	12.4 Bliain
Stáitchiste na Ríochta Aontaithe	3,833	7.5 Bliain	2,454	7.5 Bliain
Ríocht na Danmhairge	400	7.5 Bliain	200	7.5 Bliain
Ríocht na Sualainne	600	7.5 Bliain	300	7.5 Bliain
<b>Iomlán</b>	<b>66,942</b>		<b>55,898</b>	

Léirítear thuas na síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSF a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013. Cé gur comhaontaíodh síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSM in 2013 freisin, ní shocrófar na dátaí athbhreithnithe aibíochta ach amháin nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Dá réir sin, ní léirítear thuas na síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSM. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027.

Tá an ghlániasacht €17,881 milliún thuas ó EFSF glan ar chorrailigh áirithe réamhíochta a baineadh ón tarraingt anuas bhunaidh in 2011. Is é €18,411 milliún an fiachas ainmniúil iomlán atá dlite do EFSF. Déanfar €485 milliún den chorrailach réamhíochta €530 milliún a aisíoc le hÉirinn, mar aon le toradh gaolmhar infheistíochta EFSF; tá an corrlach réamhíochta €45 milliún atá fágtha dlite do na Ballstáit is Ráthóirí agus léireofar é mar chostas fónaimh d'fhiachais i dtréimhsí amach anseo.

### 9. Páipéar Gearrthéarmach

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar gearrthéarmach aibíochtaí a mhaireann suas le bliain amháin chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú. Úsáidtear na fáltais chun easnamh an Stáitchiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionadú fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistiú leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i raon airgeadraí éagsúla, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

### 10. Scéimeanna Coigiltis Stáit

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Tráthchoigiltí, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí glan ar iarmhéideanna airgid €9.6 milliún (2012: €22.0 milliún) atá ag an bPost, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn an Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Mar go réitítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim €604 milliún (2012: €548 milliún), arb ionann é agus meastachán ar shuim an úis fhabhráithe amhail an 31 Nollaig 2013 i leith Bannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Tráthchoigiltí.

Cuireadh an Cúlchiste Mionchoigiltis (“an Ciste”) ar bun faoi alt 160 den Acht Airgeadais, 1994. Má tharlaíonn sé in aon bhliain féilire go sáraíonn íocaíochtaí úis ar shóinseálacha mionchoigiltis 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhráithe ar an gcoigiltéas sin don bhliain roimhe, is féidir acmhainní an Chiste a úsáid chun freastal ar na híocaíochtaí úis sin a sháraíonn 11 faoin gcéad den ús fabhráithe sin. Caitheadh an tsuim thosaigh a íocadh leis an gCiste. Níor íocadh aon airgead leis an gCiste in 2013 agus níor coinníodh aon airgead ann ag deireadh na bliana.

### 11. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile

	Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 €000	Gluaiseachtaí le linn 2013 €000	Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig 2013 €000
Cuntas Státchiste	15,279,782	(10,847,667)	4,432,115
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitil (nóta 15)	360	139	499
Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	3,982,178	(278,422)	3,703,756
Taiscí, Taiscí Comhthaobhaithe agus Billí Státchiste	4,065,338	10,043,387	14,108,725
Maoiniú Comhthaobhachta ITC (nóta 13)	522,743	832,897	1,355,640
	<b>23,850,401</b>	<b>(249,666)</b>	<b>23,600,735</b>

Tá Taiscí, Taiscí Comhthaobhaithe agus Billí Státchiste comhdhéanta díobh seo a leanas: Taiscí ar fiú €3.679 billiún iad (2012: €2.680 billiún) le bainc thráchtála, Taiscí Comhthaobhaithe ar fiú €7.389 billiún iad (2012: €0.339 billiún) agus Billí Státchiste ar fiú €3.041 billiún iad (2012: €1.046 billiún).

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

Tagann Maoiniú Comhthaobhachta ITC ón gceanglas maidir le comhthaobhacht airgid a bhreacadh faoi larscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa a bhaineann le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

### 12. Bainistíocht Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta as fiachas nua a eisiúint agus as fiachais i mbun aibiú a aisíoc araon, i dteannta le bainistíocht ráta úis agus próifíl airgeadra na punainne iomláine fiachais, is cuid lárnach fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í bainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta. I ngach ceann de na réimsí seo, tá beartais agus nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun an riosca lena mbaineann a thomhas agus a rialú.

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. Is é an cúram is tábhachtaí atá ar an nGníomhaireacht ná a chinntiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach ag an Státchiste. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt as imeachtaí intíre nó, de bharr an ardleibhéil nascachta atá ann idir margáí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Gníomhaireacht an riosca seo a bhainistiú go príomha trí líon na ndlíteanas atá i mbun aibiú ag aon am faoi leith a rialú agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil. Atreisiúint é sin trí na gníomhaíochtaí a dtugann an Gníomhaireacht fúthu chun leanúint le bonn infheisteoirí idirnáisiúnta atá eolach agus éagsúlaithe a fheabhsú, tríd an mbaint atá aici le gach ceann de na mórmhargáí caipitil a choinneáil agus tríd an raon ionstraimí fiachais is féidir a eisiúint a mhéadú.

Chomhaontaigh an Rialtas clár tacaíochta airgeadais trí bliana d'Éirinn, ar fiú €85 billiún é, le baill AE agus CAI an 28 Samhain 2010. B'ionann an ranníocaíocht sheachtrach leis an gclár agus €67.5 billiún. Áirítear le téarmaí an chláir iasachtaí d'aibíochtaí éagsúla. Tá aibíochtaí céimnithe tábhachtach ó thaobh bainistíocht riosca de toisc go seachnaíonn siad cásanna ina mbeadh “balla maoinithe” roimh Éirinn in aon bhliain ar leith. Rinne an Gníomhaireacht iarracht a chinntiú go mbeadh eisíocaíochtaí faoi chlár AE/CAI sceidealta ar bhealach a sholáthródh leachtacht leordhóthanach agus a bharrfheabhsódh na costais don Stát ag an am céanna. Tháinig an Clár i gcrích go hoifigiúil i mí na Nollag 2013 agus rinneadh an eisíocaíocht maoinithe deiridh i mí an Mhárta 2014.

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann leis an drochthionchar atá ag gluaiseachtaí in ús an mhargaidh nó rátaí malairte nó praghsanna eile ar chostais seirbhíse fiachais nó luach iomlán margaidh an fhiachais. Ní mór aird bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart de bharr a gcúraim i rialú ní hamháin costais as fónamh d'fhiachas fíoscach garthéarmach ach luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí ar bhunairgead agus ar ús freisin. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir threoirlínte an Aire. Tá srianta sonracha cainníochtúla i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta leis na bainisteoirí punainne agus leis an ardbhainistíocht araon. Nuair a athraíonn coinníollacha na margáí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifíl airgeadra na punainne. Tá an Gníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fáilithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach in Díorthaigh (nóta 13).

Eascraíonn riosca creidmheasa an chontrapháirtí ó dhíorthaigh, ó thaiscí agus ó idirbhearta malairte eachtraí. Laghdaítear leibhéal an riosca creidmheasa trí phlé le contrapháirtí a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chomhpháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht go laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fáilithe, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa in Díorthaigh (nóta 13).

Bunaíodh rialúcháin chuimsitheacha d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí oibríochtaí ar bhealach stuama. I measc na rialúchán sin, tá deighilt dualgas idir trádáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 13. Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistithe riosca, úsáideann an Ghníomhaireacht meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach ainmniúil, agus luach reatha, na n-ionstraimí a bhaineann le Fiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach reatha gach ionstraimé trí ráta cúf úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascaíniú chuig a luach reatha.

	31 Nollaig 2013		31 Nollaig 2012	
	Ainmniúil € milliún	Luach Reatha € milliún	Ainmniúil € milliún	Luach Reatha € milliún
Babhtálacha ráta úis	28,909	(923)	12,844	(1,328)
Babhtálacha Airgeadra & Conarthaí Malairte Eachtraí	18,225	(750)	14,990	329
	<b>47,134</b>	<b>(1,673)</b>	<b>27,834</b>	<b>(999)</b>

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí stáitchiste don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (“GNBS”) faoi alt 52 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé idirbhearta díorthacha a dhéanamh le GNBS. Déantar a leithéid sin d’idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhíachais Náisiúnta. Ba é €23.5 billiún (2012: €19.4 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha ráta úis a rinneadh le GNBS ag deireadh 2013; ba é €5.6 billiún (2012: €6.2 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha airgeadra agus na gconarthaí ráta malairte a rinneadh le GNBS ag deireadh 2013.

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena chontrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta (“CBDI”). Is doiciméad dlíthiúil í Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa (“ITC”) a d’fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha. Sainmhíneáir inti na cásanna faoina gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a bhreacadh. Faoi na hIarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgais comhthaobhacht choibhéiseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

Chuir an Ghníomhaireacht Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag an nGníomhaireacht comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Stáitchiste.

	2013 € milliún	2012 € milliún
<b>Cuntas Tacaíochta Creidmheasa</b>		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	-	-
Aistrithe corrlaigh a fuarthas ó chontrapháirtithe	5,702	4,353
Aistrithe corrlaigh a íocadh le contrapháirtithe	(6,535)	(4,161)
Glanmhaoiniú Stáitchiste le linn na bliana	833	(192)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<b>NIALAS</b>	<b>NIALAS</b>

	2013 € milliún	2012 € milliún
<b>Tabhair faoi deara:</b>		
Maoiniú Stáitchiste amhail an 31 Nollaig	1,356	523
Glan-Chomhthaobhacht breactha chuig contrapháirtithe amhail an 31 Nollaig	(1,356)	(523)

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 13. Díorthaigh (ar lean)

Rinne GBCN dhá Chomhaontú Postála Comhthaobhachta le GNBS, faoina gceanglaítear ar GNBS comhthaobhacht a bhreacadh chuig an nGníomhaireacht nuair a éilíonn an Gníomhaireacht a leithéid uirthi. Ag deireadh na bliana 2013, bhí comhthaobhacht €0.802 billiún (2012: €1.15 billiún) breactha ag GNBS mar chuid de na comhaontuithe sin.

### 14. Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Gníomhaireacht riosca airgeadra eachtraigh an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malairte eachtraí agus as babhtálacha airgeadra. Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta agus na bhfálta airgeadra gaolmhara:

Airgeadra	Amhail an 31 Nollaig	
	2013 € milliún	2012 € milliún
<b>Ionstraimí Fiachais</b>		
Euro	155,722	122,940
Dollar SAM	9,323	8,345
Punt Steirling	6,462	4,717
Yen na Seapáine	1,697	1,843
Franc na hEilvéise	24	81
	<u>173,228</u>	<u>137,926</u>
<b>Airgeadra Eachtrach &amp; Conarthaí Babhtála</b>		
Euro	18,225	14,693
Dollar SAM	(9,323)	(8,335)
Punt Steirling	(6,462)	(4,721)
Yen na Seapáine	(1,697)	(1,850)
Franc na hEilvéise	(24)	(81)
	<u>719</u>	<u>(294)</u>
<b>Fiachas Náisiúnta<sup>1</sup></b>	<b><u>173,947</u></b>	<b><u>137,632</u></b>

<sup>1</sup> Tá an figiúr seo glan ar shócmhainní airgid agus ar shócmhainní airgeadais eile arbh fhiú €23,601 milliún iad amhail an 31 Nollaig 2013 (31 Nollaig 2012: €23,850 milliún).

### 15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Úsáidtear an cuntas sin chun taifead a dhéanamh orthu seo a leanas:

- íocaíochtaí úis agus bunairgid as blianacht bhliantúil atá cumtha chun iasachtaí le haghaidh caipiteal vótáilte a amúchadh faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950 (arna leasú).
- fáltais agus íocaíochtaí áirithe a eascraíonn as fónamh fiachais agus as idirbhearta bainistíochta fiachais atá údaraithe faoi alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988, agus faoi alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970 (arna leasú).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 16. Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

	Nóta	€000	2013 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2013			NIALAS
Suimeanna a Fuarthas faoin Acht Airgeadais, 1988 [alt 67 (8)]		26,797,890	
Suimeanna a Íocadh faoin Acht Airgeadais, 1970 [alt 54 (7)]		(25,817,908)	979,982
Fáltais lasachtaí Airgeadra Eachtraigh		7,922,195	
Íocaíochtaí lasachtaí Airgeadra Eachtraigh		(8,688,161)	(765,966)
Ús a Íocadh ar lasachtaí Airgeadra Eachtraigh	1		
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach		(207,027)	
Fiachas Gearrthéarmach		(1,181)	(208,208)
Speansais ar lasachtaí Airgeadra Eachtraigh			(4,608)
Speansais na Gníomhaireachta			(1,200)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013			<u>NIALAS</u>

### 17. lasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais

Iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Stáitchiste a tharraingítear anuas mar mhodh “bealaí agus modhanna” chun riachtanais an Stáitchiste a mhaoiniú ó líon cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

	2013 € milliún	2012 € milliún
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	471	624
Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce (nóta 22)	<u>205</u>	<u>162</u>
	<b><u>676</u></b>	<b><u>786</u></b>

### 18. Taisc, Billí Stáitchiste agus Sócmhainní Airgeadais Eile

Cuireann an Ghníomhaireacht taiscí gearrthéarmacha i mBillí Stáitchiste, i dTaisc Comhthaoibhaithe agus i mBillí Stáitchiste le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistiú leachtachta.

### 19. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta

Eisíonn nó cealaíonn an Ghníomhaireacht Bannaí reatha Rialtas na hÉireann ó am go ham. Déantar é sin trí dhíolachán nó trí cheannach ag Ciste Bhanc Taisce an Phoist (“CBTP”), a shocraíonn leis an Stáitchiste é ansin. Áirítear sa tsuim shocraíochta do gach idirbheart banna an t-ús atá fabhraithe ag an am sin i dtréimhse an chúpóin.

Tá díbhinn iomlán iníochta leis an úinéir cláraithe i gcásanna ina gcoinnítear an banna go dtí an dáta ex-díbhinne. Is sa Chuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta a stóráiltear an t-ús fabhraithe atá íochta go dtí go mbeidh an lándíbhinn dlite ar dháta an chúpóin. Is é cuspóir an chuntais sin ná gur féidir le Ciste Bhanc Taisce an Phoist an Stáitchiste a chúiteamh leis an ngné neamshaothraithe den díbhinn a íocadh ar dháta an chúpóin agus a d'eascair as bannaí tráinse cum díbhinn nó as bannaí cealaithe ex-díbhinne. Ar dháta an chúpóin, úsáidtear na suimeanna sin ansin chun costais ghaolmhara fónaimh an Stáitchiste a fhritháireamh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 19. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta (ar lean)

	2013 €000	2012 €000
<b>Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí</b>		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	12,179	11,924
Ús fabhraithe a fuarthas ar Iasachtaí Náisiúnta		
- Tráinsí agus Ceantanna	42,038	65,242
Ús fabhraithe a íodadh ar Iasachtaí Náisiúnta	(48,873)	(64,987)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<u>5,344</u>	<u>12,179</u>

### 20. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)

Nuair atá Iasacht Náisiúnta le fuascailt, tá an tsuim iomlán gan íoc iníoctha leis na sealbhóirí iasachta. Aon suim nach n-éilíonn an sealbhóir iasachta ar dháta na fuascailte, aistrítear í chuig an gcuntas seo trí íocaíocht ón Státchiste. Dá bhrí sin, is ón gcuntas sin a fhreastalófar ar aon éilimh amach anseo a dhéanfar i dtaca leis na hiasachtaí sin. Áirítear sa chuntas seo freisin iarmhéideanna a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais agus na Roinne Airgeadais mar Ghníomhairí Íocaíochta i leith íocaíochtaí fuascailte nár glacadh leo agus a aistríodh chuig an nGníomhaireacht.

	2013 €000	2012 €000
<b>Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí</b>		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,455	3,363
Fáltais ón Státchiste	198	1,193
Fáltais ó Chuntas Fionraí an Bhainc Ceannais	102	69
Íocaíochtaí le Cuntas Fionraí an Bhainc Ceannais	(70)	(138)
Íocaíochtaí le Fuascailt ar Iasachtaí Náisiúnta	(596)	(1,032)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<u>3,089</u>	<u>3,455</u>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 20. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh) (ar lean)

	2013 €000	2012 €000
<b>Iasachtaí Náisiúnta a Fuasclaíodh le linn na Bliana Dar Chríoch</b>		
Bannaí Náisiúnta 1966-77	1	-
Iasacht Forbartha Náisiúnta 5.25% 1979-84	-	1
Stoc Comhshó 9% 1980-2	1	-
Stoc Státchiste 6% 1980-85	-	1
Iasacht Náisiúnta 7.5% 1981-86	4	-
Iasacht Náisiúnta 5.75% 1982-87	1	-
Stoc Státchiste 5.75% 1984-89	9	1
Iasacht Náisiúnta 9.75% 1984-89	3	-
Iasacht Státchiste 6% 1985-90	7	-
Iasacht Státchiste 14% 1985-90	2	-
Iasacht Náisiúnta 6.75% 1986-91	2	-
Iasacht Náisiúnta 7% 1987-92	11	-
Stoc Comhshó 15% 1988	1	-
Stoc Státchiste 11.5% 1990	3	-
Iasacht Náisiúnta 11% 1993-98	1	-
Stoc Státchiste 13% 1994	1	-
Stoc Caipítíl 7.75% 1997	-	5
Stoc Státchiste 6.5% 2000-05	42	-
Stoc Caipítíl 8.25% 2008	-	5
Stoc Státchiste 6% 2008	-	39
Stoc Caipítíl 8.5% 2010	38	68
Stoc Caipítíl 8.75% 2012	271	912
Banna Státchiste 5% 2013	198	-
	<b>596</b>	<b>1,032</b>



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 21. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Nuair atá íocaíocht díbhinne dlite ar bhanna, íocann an Ghníomhaireacht an tsuim iomlán leis an nGníomhaire Íocaíochta, a eisíonn í do na sealbhóirí cláraithe ansin. Léiríonn an t-iarmhéid i gcuntas na ndíbhinní nár éilíodh díbhinní ar iasachtaí aibí, nár éiligh na sealbhóirí cláraithe orthu agus a d'aischuir an Gníomhaire Íocaíochta leis an nGníomhaireacht. Tá an t-iarmhéid ar fáil chun aon éileamh ar na díbhinní seo sa todhchaí a íoc. Cothaíonn an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap airgid, thar ceann na Gníomhaireachta, a úsáidtear chun éilimh a íoc le linn na bliana.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2013 €000	2012 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,556	2,610
Íocaíocht maidir le Díbhinní nár Éilíodh	(28)	(54)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<u>2,528</u>	<u>2,556</u>

Díbhinní a Éilíodh agus a Íocadh sa Bhliain	2013 €000	2012 €000
Bannaí Rialtas na hÉireann Cláraithe le Banc Ceannais na hÉireann	28	47
Bannaí Eachtracha faoi Riarachán an Ghníomhaire Íocaíochta	-	7
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<u>28</u>	<u>54</u>

### 22. Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

Déanann an cuntas seo taifeadadh ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Pháimháistir Ghinearálta.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2013 €000	2012 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	162,082	256,383
Airleacain Bealaí agus Modhanna a Íocadh leis an Stáitchiste	6,763,310	6,527,704
Airleacain Bealaí agus Modhanna a D'aisíoc an Stáitchiste	(6,720,417)	(6,622,005)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig – Airleacain Bealaí agus Modhanna leis an Stáitchiste	<u>204,975</u>	<u>162,082</u>

### 23. Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis

Níor glacadh le haon stoc mar íocaíocht ar cháin oidhreachta ná ar dhleachtanna báis le linn 2013.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 24. Nótaí Gealltanais IBRC a Ghlanadh

#### 2013

De bhun na reachtaíochta lenar cuireadh an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc (“IBRC”) faoi leachtú speisialta an 7 Feabhra 2013, agus de bhun an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann (“BCÉ”) maidir le Bannaí fadtéarmacha Rialtais a chur in ionad na nótaí gealltanais arna soláthar do IBRC a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mBanna Státhchiste ráta chomhlúthaigh ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25.03 billiún do BCÉ an 8 Feabhra 2013, agus aibíochtaí idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí. Íocfaidh na bannaí ús gach sé mhí (Meitheamh agus Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6-mhí de chuid Euribor móide corrlach seasta le meán 2.63 phointe céatadáin thar na hocht n-eisiúint. Chuaigh an Ghníomhaireacht isteach i dtrádálacha díorthach ráta úis ghearrthéarmaigh chun cuid den nochtadh i leith gluaiseachtaí ráta úis a fhálú. Tá tuilleadh faisnéise san áireamh i Nóta 13 – Díorthaigh.

#### 2012

In 2010, d’eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais don Bhanc Angla-Éireannach Teoranta (ar a dtabharfaí an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta ina dhiaidh sin [“IBRC”]). Bhí tráthchuid €3.06 billiún le hóc ag an Aire le IBRC an 31 Márta 2012. D’aontaigh IBRC glacadh leis na Bannaí Rialtais a d’eisigh an Ghníomhaireacht thar ceann an Aire, bannaí arb ionann an luach a bhí orthu agus an t-airgead a bhí dlite chun an tráthchuid a ghlanadh agus rinne IBRC comhaontú suibscríbhíne bannaí leis an nGníomhaireacht dá bharr. Faoi Ghníomhas Fritháirimh dar dáta an 30 Márta 2012, chomhaontaigh an tAire, IBRC agus an Ghníomhaireacht go ndéanfaí fáiltas ón díolachán bannaí le IBRC a ghlanadh in aghaidh na tráthchoda a bhí dlite do IBRC faoi na nótaí gealltanais. Níor tharla aon idirbhearta airgid sa Chuntas Státhchiste dá bharr. Toisc gur tháinig méadú ar an bhFiachas Náisiúnta dá bharr, chuaigh an Ghníomhaireacht i ngleic le díolachán na mbannaí trí ghnátheisiúint bannaí.

### 25. Imeachtaí ó Dháta an Chláir Chomhardaithe

I mí na Bealtaine 2014, d’eisigh an Rialtas an Bille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú). Nuair a achtófar é, déanfar leis an mBille struchtúir rialachais na Gníomhaireachta a chuíchóiriú agus a shimpliú ionas go mbeidh sí in ann glacadh le cur chuige níos comhtháite i leith chomhlíonadh a feidhmeanna. Athbhunófar an Ghníomhaireacht mar chomhlacht a mbeidh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile aici, daoine a mbeidh freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann de na feidhmeanna atá ag an nGníomhaireacht (seachas GNBS a leanfaidh lena bord ar leith féin a bheith aici). Déanfar Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta, Coiste Comhairleach na Gníomhaireachta, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh.

Ní bheidh aon tionchar ar ghlanluachanna an Fhiachais Náisiúnta.



# Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	68
Beartais Chuntasáochta	70
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	72
Ráiteas ar Ghnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	72
Clár Comhardaithe	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	74–84

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Tá iniúchadh déanta agam ar chuntas riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sa chuntas riaracháin, arna ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais iomlána aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

### Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá an Gníomhaireacht freagrach as an gcuntas riaracháin a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm an cuntas riaracháin a iniúchadh agus tuairisciú air de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCaihteán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeán Eiticíúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

### Raon feidhme an iniúchta ar an gcuntas riaracháin

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí.
- réasúntacht na meastachán suntasach chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú an chuntais, agus
- cur i láthair foriomlán an chuntais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis an gcuntas riaracháin iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

### Tuairim ar an gcuntas riaracháin

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sa chuntas riaracháin, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2013 agus maidir lena hioncam agus lena caiteachas don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá an cuntas riaracháin ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis an gcuntas riaracháin lena mbaineann, nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Cleachtas ar Rialachas Comhlachtaí, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2014

## Beartais Chuntasaíochta

### (a) Cúlra

Feidhmíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Gníomhaireacht”) le sainchúram tráchtála chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. D’fhás siad ó bheith ina ngníomhaireacht aon fheidhme a bhainistíonn an Fiachas Náisiúnta agus iad anois ina mbainisteoir ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an tÚdarás um Gheilleagar nua agus um Théarnamh, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus an Gníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta. Sannann siad baill foirne don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (“GNBS”) agus soláthraíonn siad seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh. Ina theannta sin, faoin treoir a eisíodh don Gníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincúireachta chuig an nGníomhaireacht. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011. Ina dhiaidh sin, cuireadh Aonad Baincúireachta na Gníomhaireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais.

Faoi alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 déanfar na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a mhuirearú agus a íoc amach as an bPríomh-Chiste (Státchiste) nó ar a thoradh fáis. Faoi ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Gníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS mar aon le foireann a shannadh d’fheidhmeanna GNBS. I gcás costas den sórt sin a thabhaíonn an Gníomhaireacht, aisíocann GNBS iad leis an nGníomhaireacht.

### (b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### (c) Bonn na Cuntasaíochta

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

### (d) Sócmhainní Seasta agus Dímhneas

Taispeántar na sócmhainní seasta ag costas lúide dímhneas carntha. Dímhéastar sócmhainní seasta i dtráthchodanna bliantúla thar a saolré fóna measta.

### (e) Léasú

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn carntha.

### (f) Pinsin

Reáchtáilann an Gníomhaireacht scéim phinsin le sochar sainithe d’fhostaithe faoi leith agus déanann sí ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (“CCSP”) d’fhostaithe eile. Maoinítear na ranníocaíochtaí as buiséad riaracháin na Gníomhaireachta.

Tugtar cuntas ar chostais na scéime pinsin le sochar sainithe faoi FRS 17. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean de réir luach cóir. Déantar dliteanas na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léirítear barrachas dliteanas scéime thar shócmhainní scéime ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón bPríomh-Chiste.

Is ionann an muirear pinsin le sochar sainithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse a rinneadh móide an difríocht idir an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime agus an costas úis ar dhliteanas scéime. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam atá inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste sa todhchaí.

Léirítear na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanas toimhdí achtúireacha agus ó ghnóthachain agus ó chaillteanais ó thairbhí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta lomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta sna Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta mar íocaíocht sa Chuntas Riaracháin sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaí.

## Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (g) Bogearraí

Gearrtar costais bhogearraí ríomhaireachta ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

### (h) Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar na fáltais a amúchadh ar aon dul le dímheas ar na sócmhainní seasta lena mbaineann.



## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Ioncam</b>			
Suim Infhaighte ón bPríomh-Chiste	1(a)	41,915	34,621
Ioncam Eile	2	41,847	37,715
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	4(a)	1,049	948
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	9	<u>47</u>	<u>(274)</u>
		84,858	73,010
<b>Caiteachas</b>			
Costais na Gnómháireachta	3(a)	<u>(84,858)</u>	<u>(73,010)</u>
<b>Glanioncam/(Glancaiteachas)</b>		<u>-</u>	<u>-</u>

## Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
(Cailteanas)\Gnóthachan Achtúireach atá aitheanta ar Dhliteanais Phinsin	5(f)	(1,630)	3,415
Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha	4(b)	<u>1,630</u>	<u>(3,415)</u>
<b>(Cailteanas)\Gnóthachan Aitheanta Iomlán</b>		<u>-</u>	<u>-</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 11.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gnómháireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2014

## Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Seasta	6	<u>3,202</u>	<u>3,249</u>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe	7	9,130	13,757
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		<u>3,180</u>	<u>1,393</u>
<b>Sócmhainní Reatha Iomlána</b>		12,310	15,150
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe	8	<u>(12,310)</u>	<u>(15,150)</u>
<b>Sócmhainní Reatha lúide Dlíteanais Reatha</b>		<u>-</u>	<u>-</u>
<b>Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsin</b>		3,202	3,249
Maoiniú Iarchurtha Pinsin	5(d)	3,549	870
Dlíteanas Pinsin	5(d)	<u>(3,549)</u>	<u>(870)</u>
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha</b>		<u>3,202</u>	<u>3,249</u>
<b>Ag Ionadú:</b>			
Cuntas Caipitil	9	<u>3,202</u>	<u>3,249</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 11.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2014

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Ioncam an Phríomh-Chiste

(a) Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ach bunaíodh na cuntais seo ar bhonn fabhráithe. Leagtar na nithe réitigh amach sa tábla seo a leanas:

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Suim thosaigh dlite don Phríomh-Chiste		9,419	3,963
Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste		37,938	40,077
Suim dlite don Phríomh-Chiste ag deireadh na bliana	8	(5,442)	(9,419)
Suim infhaighte ón bPríomh-Chiste don bhliain		<u>41,915</u>	<u>34,621</u>

(b) Is í an tsuim iomlán atá aitheanta a bheith (iníoctha leis an) / inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste:

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Creidiúnaithe	8	(5,442)	(9,419)
Maoiniú larchurtha Pinsin	5(d)	<u>3,549</u>	<u>870</u>
		<u>(1,893)</u>	<u>(8,549)</u>

### 2. Ioncam eile

	2013 €000	2012 €000
Gnóthú Speansas ó GNBS	40,768	36,890
Ioncam Urrús faoi Chumhdach Sócmhainní	811	465
Ioncam Eile	237	290
Gnóthú Speansas ó Fhorais Chlúdaithe Chreidmheasa	<u>31</u>	<u>70</u>
	<u>41,847</u>	<u>37,715</u>

Faoi ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Gníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS, de réir mar a aontaítear. Ba é costas na seirbhísí sin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 ná €40.8m (2012: €36.9m).

Eisítear Urrús faoi Chumhdach Sócmhainne faoin Acht um Urrús faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001, arna leasú ag an Acht um Urrús faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú) 2007. Sa chás go mainníonn banc atá cláraithe mar fhoras creidmheasa morgáiste sainithe nó mar fhoras creidmheasa poiblí sainithe faoin Acht, foráiltear leis an Acht nach mór don Gníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh san ord seo a leanas, (i) iarracht a dhéanamh soláthraí seirbhísí eile a fháil chun na cistí cuí sócmhainní a bhainistiú, (ii) comhlacht corpraithe eile a fhóstu chun a bheith ina mháthairraonán i leith na gcistí cuí, nó, (iii) na cistí a bhainistiú léi féin. Faigheann an Gníomhaireacht ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne i gcomaoin, atá bunaithe ar shuim ainmniúil gach banna in eisiúint faoi chumhdach sócmhainne.

Ghnóthaigh an Gníomhaireacht táillí gairmiúla €0.03m (2012: €0.07m) a bhain le feidhmeanna an chórais bhaincéireachta.

Is é atá in ioncam eile go príomha ná táille bhliantúil seirbhíse a ghearrtar ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe i gcomhair iasachtaí a fháil thar a ceann faoi Chlár Páipéar Tráchtála.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Costais na Gníomhaireachta

#### (a) Costais na Gníomhaireachta

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Costais Fhostaíochta		57,831	51,009
Costais Oibriúcháin		13,371	11,884
Costas Bliantúil Pinsin le Sochair Sainithe	5(e)	6,617	5,599
Táillí Gairmiúla		5,803	3,242
Dímheas	6	1,088	1,121
Costais Phinsin CCSP	3(d)	148	155
<b>Speansais Iomlána</b>		<b>84,858</b>	<b>73,010</b>

Áirítear le speansais oibriúcháin costais teicneolaíochta, costais áitíochta, costais seirbhísí gnó agus speansais taistil na foirne.

Tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar chomhlíonadh cánach, chomhaontaigh an Gníomhaireacht socraíocht dheonach leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le cúrsaí stairiúla cánach arbh fhiú €0.37m iad, a íocadh in 2013.

Faoin treoir a eisíodh don Gníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig an nGníomhaireacht. Cúlghaireadh an tarmilgean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011. Ina dhiaidh sin, cuireadh Aonad Baincéireachta na Gníomhaireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais. Ar ordú an Aire, leanann an Gníomhaireacht de bheith ag freastal ar chostais an Aonaid Baincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais comhairleora ghairmiúil. Tabhaíodh costais comhairleora ghairmiúil €2.1m (2012: €1.1m) ina leith sin. Áirítear na costais seo i gCostais na Gníomhaireachta mar a leagtar amach iad thuas.

#### (b) Speansais na Gníomhaireachta d'Fheidhmeanna Sonraithe

	2013 €m	2012 €m
An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	40.8	36.9
An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11.5	10.3
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	7.1	6.1
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	3.9	3.9

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

#### (c) Luach Saothair agus Speansais Táillí agus Speansais an Choiste Chomhairligh

Is í an Ghníomhaireacht a leagann amach luach saothair do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh le cead ón Aire Airgeadais. Tá an luach saothair i ndáil le 2012 agus le 2013 leagtha amach thíos:

	2013 €	2012 €
Willie Walsh (Cathaoirleach – ceaptha an 11 Samhain 2013)	-	-
David Byrne (Cathaoirleach – deireadh téarma: an 31 Nollaig 2012)	-	45,000
Kevin Cardiff (deireadh téarma: an 3 Feabhra 2012)	-	-
Hugh Cooney (deireadh téarma: an 31 Nollaig 2012)	-	22,500
Brendan McDonagh	22,500	22,500
John Moran (ceaptha an 6 Márta 2012)	-	-
Tytti Noras	22,500	22,500
Donald Roth	<u>22,500</u>	<u>22,500</u>
<b>Táillí an Bhoird</b>	<b><u>67,500</u></b>	<b><u>135,000</u></b>

Tharscaoil Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh (Willie Walsh) an luach saothair a bhí dlite dó do 2013.

D'oibrigh Kevin Cardiff agus John Moran ar an gCoiste ina gcáil mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Airgeadais. Ní bhfuair siad aon luach saothair i leith a gcomhaltais.

Áirítear i luach saothair chomhaltaí an Choiste Chomhairligh atá leagtha amach thuas laghdú 10 faoin gcéad ar tháillí faoi mar a chomhaontaigh an Coiste le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

Tá speansais a tabhaíodh i leith chomhaltaí an Choiste leagtha amach thíos:

Comhalta Coiste <sup>1</sup>	Taisteal	Cóiríocht agus Cothú	Cáin	Iomlán 2013	Iomlán 2012
	€	€	€	€	€
Brendan McDonagh	17,122	2,037	13,507	32,666	20,200
Tytti Noras	6,283	1,738	2,369	10,390	8,330
Donald Roth	<u>19,735</u>	<u>1,663</u>	<u>13,390</u>	<u>34,788</u>	<u>28,032</u>
	<b><u>43,140</u></b>	<b><u>5,438</u></b>	<b><u>29,266</u></b>	<b><u>77,844</u></b>	<b><u>56,562</u></b>

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le comhaltaí an Choiste Chomhairligh ar bhonn deimhnithe. Shoiléirigh na Coimisinéirí loncaim go bhfuil cáin iníoctha ar na speansais dheimhnithe sin. Is aitheanta ar leithligh thuas atá na cánacha ábhartha is iníoctha leis na Coimisinéirí loncaim do 2013. Tá na speansais do 2012 léirithe agus cáin san áireamh iontu.

<sup>1</sup> Tá cónaí ar Brendan McDonagh i mBeirmiúda, tá cónaí ar Tytti Noras san Fhionlainn agus tá cónaí ar Donald Roth i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Baineann speansais le costais taistil agus chóiríochta chun freastal ar chruinnithe an Choiste Chomhairligh in oifigí na Gníomhaireachta i mBaile Átha Cliath.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

#### (c) Luach Saothair agus Speansais (ar lean)

##### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

	2013	2012
Tuarastal	€416,500	€416,500
Sochair incháinithe	€29,129	€29,600

Tá teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag teacht leis na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim pinsin le sochar sainithe de réir mhúnla na hearnála poiblí.

Is é an tAire Airgeadais, tar éis comhairliúcháin leis an gCoiste Comhairleach, a chinneann luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Sa bhliain 2012, ghlac an Príomhfheidhmeannach le laghdú 15 faoin gcéad ar a thuarastal tar éis don Aire Airgeadais é sin a iarraidh agus léirítear an coigeartú sin thuas. Beidh feidhm ag na laghduithe pá dá bhforáiltear san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2013, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2013, maidir le foireann GBCN. D'ainneoin na laghduithe a forchuireadh leis an Acht sin, lean an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh le suim chomh mór sin a tharscaoileadh go bhfuil a bhuntuarastal bliantúil díreach mar a bhí faoin socrú bunaidh.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, de shochair incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus d'íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht ar fiú suas le 80 faoin gcéad den thuarastal bliantúil í. Tharscaoil an Príomhfheidhmeannach aon chomhaoin maidir le pá a bhain le feidhmíocht do 2012 agus do 2013.

#### (d) Aoisliúntas

Bronntar teidlíocht aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi alt 8 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí, ranníocaíochtaí na mball foirne a roghnaigh socruithe sochair shainithe san áireamh, chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta bunaithe ar chomhairle achtúire neamhspleách Socraíodh ranníocaíocht na Gníomhaireachta do 2013 ar leibhéal 25 faoin gcéad den thuarastal i ndáil le daoine a raibh ballraíocht acu sa Scéim roimh an 1 Eanáir 2010 agus a fhaigheann sochair bunaithe ar a dtuarastal deiridh. Rinneadh ranníocaíocht 10 faoin gcéad den thuarastal i dtaca le baill nua den Scéim ón 1 Eanáir 2010. Is sochair a bheidh bunaithe ar mheántuilleamh gairme a gheobhaidh na hiontrálaithe nua sin, lena n-áireofar baill foirne a bhain leas as socruithe Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) roimhe seo. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta leis an scéim sochair shainithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 agus €5.568m (2012: €4.651m). Tar éis athbhreithniú achtúireach a rinneadh ag deireadh na bliana 2013, tá an ráta ranníocaíochta do gach ball socraithe ag 14.2 faoin gcéad do 2014.

Foráiltear do dhliteanas a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socruithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith na Gníomhaireachta a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil poiblí. Shainigh an tAire Airgeadais an Gníomhaireacht mar an t-eagras ceadaithe chun críocha Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse) an 7 Aibreán 1997. Forálann an t-ainmniúchán seo do ranníocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den Státchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite i gcomhair íocaíochta mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iar-státseirbhíseach a d'fhostaigh an Gníomhaireacht. Ní dhearnadh aon fhoráil d'íocaíocht na dteidlíochtaí sin a mhaoiniú.

Rinne an Gníomhaireacht ranníocaíocht €147,791 (2012: €154,705) freisin le Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta d'fhostaithe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2013.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha

#### (a) Glanmhaoiniú Cúlchiste Pinsin Iarchurtha i leith na bliana

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais pinsin na bliana reatha	5(e)	6,617	5,599
Ioncam a Caitheadh chun Ranníocaíochtaí a Dhéanamh leis an gCiste Pinsin	3(d)	(5,568)	(4,651)
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha		<u>1,049</u>	<u>948</u>

#### (b) Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Gluaiseacht i suim inghnóthaithe maidir le caillteanas/(gnóthachan) achtúireach na bliana reatha	5(f)	<u>1,630</u>	<u>(3,415)</u>

### 5. Sochair Phinsin

#### (a) Scéim Phinsin le Sochar Sainithe

Bunaíodh luacháil na scéime sochair shainithe a úsáideadh chun críocha nochtadh FRS17 ar shonraí a chur Riarthóir na Scéime ar fáil. Cinneadh an luacháil a rinne achtúire neamhspleách le riachtanais FRS17 a chur san áireamh chun na dliteanais a mheas um dháta an chláir chomhordaithe. Luaitear sócmhainní scéime ag a luach margaidh um dháta an chláir chomhordaithe.

#### (b) Athrú i Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2013 €000	2012 €000
Oibleagáidí Sochair ag Tús na Bliana	63,254	52,560
Costas Seirbhíse	7,616	6,130
Costas Úis	3,034	2,974
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach	6,060	2,211
Sochair a Íocadh	(344)	(490)
Préimheanna Íoctha	(130)	(131)
Oibleagáidí Sochair ag Deireadh na Bliana	<u>79,490</u>	<u>63,254</u>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Sochair Phinsin (ar lean)

#### (c) Athrú i luach cóir na sócmhainní scéime

	2013 €000	2012 €000
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag Tús na Bliana	62,384	49,223
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime	2,921	2,504
Gnóthachan Achtúireach	4,430	5,626
Rannócaíochtaí Fostóirí	5,568	4,651
Rannócaíochtaí na mBall	1,112	1,001
Sochair a Íocadh ón Scéim	(344)	(490)
Préimheanna Íoctha	(130)	(131)
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag Deireadh na Bliana	<u>75,941</u>	<u>62,384</u>
<b>Sócmhainní Scéime</b>	<b>%</b>	<b>%</b>
Ba iad na Leithdháiltí Sócmhainne ag deireadh na bliana:		
Gnáthscaireanna	51.20	49.38
Bannaí	34.31	33.82
Réadmhaoin	4.19	4.83
Malairtí	9.93	8.19
Airgead	<u>0.37</u>	<u>3.78</u>
	<u>100.00</u>	<u>100.00</u>

Chun an toimhde a fhorbairt do ráta an toraidh fhadtéarmaigh ionchasaigh ar shócmhainní, rinneadh breithniú ar leibhéal reatha na dtorthaí ionchasacha ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), ar leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann le haicmí eile sócmhainní ina bhfuil an phunann infheistithe agus ar na hionchais atá ann do thorthaí amach anseo ar gach aicme sócmhainní. Rinneadh toradh ionchais gach aicme sócmhainní a ualú ina dhiaidh sin, bunaithe ar leithdháileadh na sócmhainní iarbhrí, d'fhoill forbairt a dhéanamh ar an toimhde do ráta an toraidh fhadtéarmaigh ionchasaigh ar shócmhainní don phunann.

	2013 €000	2012 €000
Toradh Iarbhrí ar Shócmhainní Scéime	<u>7,351</u>	<u>8,130</u>

#### (d) Barrachas/(Easnamh) Scéime

	2013 €000	2012 €000
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime	75,941	62,384
Luach Reatha na nOibleagáidí Maoinithe	(79,490)	(63,254)
Easnamh ag deireadh na bliana	<u>(3,549)</u>	<u>(870)</u>
<b>Suimeanna sa Chlár Comhardaithe</b>		
Maoiniú Iarchurtha Pinsin	3,549	870
Dliteanas Pinsin	<u>(3,549)</u>	<u>(870)</u>



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Sochair Phinsin (ar lean)

#### (e) Comhphárteanna an Speansais Phinsin

Is í an tsuim a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais:

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Costas seirbhíse iomlán		7,616	6,130
Lúide ranníocaíochtaí fostaithe		<u>(1,112)</u>	<u>(1,001)</u>
Costas seirbhíse reatha fostóra		6,504	5,129
Costas Úis		3,034	2,974
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime		<u>(2,921)</u>	<u>(2,504)</u>
Muirear Ioncaim agus Caiteachais	3(a)	<u><b>6,617</b></u>	<u><b>5,599</b></u>

#### (f) Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach

Is é seo a leanas an gnóthachan/(cailteanas) achtúireach a aithnítear sa ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána:

	2013 €000	2012 €000
Cailteanas achtúireach ar oibleagáidí scéime	(6,060)	(2,211)
Gnóthachan achtúireach ar shócmhainní scéime	<u>4,430</u>	<u>5,626</u>
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	<u><b>(1,630)</b></u>	<u><b>3,415</b></u>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Sochair Phinsin (ar lean)

#### (g) Príomhthoimhdí Achtúireacha

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2013 %	2012 %
Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:		
Ráta lascaine	4.00	4.30
Ráta méadaithe tuarastail	3.00	3.00
Ráta boilscithe praghsanna	2.00	2.00
Ráta méadaithe pinsin	2.00/3.00	2.00/3.00
Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun speansas pinsin a chinneadh:		
Ráta lascaine	4.30	5.10
Aisíoc ionchais fhadtéarmaigh ar shócmhainní scéime	4.46	4.84
Ráta méadaithe tuarastail	3.00	4.00
Ráta boilscithe praghsanna	2.00	2.00
Ráta méadaithe pinsin	2.00/3.00	2.00/4.00
	<b>Blianta</b>	<b>Blianta</b>
Meánionchas saoil ualaithe ag 60 bliain d'aois do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:		
<b>Pinsinéirí Amach Anseo</b>		
- Fear (45 bliain d'aois faoi láthair)	30.5	30.4
- Bean (45 bliain d'aois faoi láthair)	31.6	31.5
<b>Pinsinéirí Reatha</b>		
- Fear (60 bliain d'aois faoi láthair)	28.6	28.4
- Bean (60 bliain d'aois faoi láthair)	30.0	29.9
Meánionchas saoil ualaithe ag 65 bliain d'aois do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:		
	<b>Blianta</b>	<b>Blianta</b>
<b>Pinsinéirí Amach Anseo</b>		
- Fear (45 bliain d'aois faoi láthair)	26.0	25.9
- Bean (45 bliain d'aois faoi láthair)	27.0	26.9
<b>Pinsinéirí Reatha</b>		
- Fear (65 bliain d'aois faoi láthair)	23.5	23.3
- Bean (65 bliain d'aois faoi láthair)	24.9	24.8
Toradh ionchais ar shócmhainní de réir leithdháileadh sócmhainní:		
Urrúis chothromais	6.50	6.50
Urrúis fiachais	3.00	3.00
Réadmhaoin	5.50	5.50
Airgead	1.00	1.00
Malairtí	<u>6.50</u>	<u>6.50</u>
Meántoradh ualaithe bunaithe ar leithdháileadh sócmhainní	<u>4.49</u>	<u>4.46</u>

Ba é €8.871m an speansas measta pinsin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Sochair Phinsin (ar lean)

(h) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe, Sócmhainní agus Gnóthachain agus Cailteanais ó Thraithí

	2013	2012	2011	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Oibleagáid Sochair Shainithe	79,490	63,254	52,560	42,829	37,993
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime	75,941	62,384	49,223	44,492	38,619
Easnamh/(barrachas)	<u>3,549</u>	<u>870</u>	<u>3,337</u>	<u>(1,663)</u>	<u>(626)</u>
Difríocht idir Aisíoc Ionchais agus Aisíoc Iarbhír ar Shócmhainní Scéime:					
Suim	<u>(4,430)</u>	<u>(5,626)</u>	<u>3,528</u>	<u>224</u>	<u>(5,373)</u>
Léirithe mar % de Shócmhainní Scéime	<u>(5.8%)</u>	<u>(9.0%)</u>	<u>7.2%</u>	<u>0.5%</u>	<u>(13.9%)</u>
(Gnóthachain)/cailteanais ó thraithí ar dhliteanais scéime:					
Suim	<u>532</u>	<u>(1,128)</u>	<u>(821)</u>	<u>(1,814)</u>	<u>(1,348)</u>
Léirithe mar % de Dhliteanais Scéime	<u>0.7%</u>	<u>(1.8%)</u>	<u>(1.6%)</u>	<u>(4.2%)</u>	<u>(3.5%)</u>

### 6. Sócmhainní Seasta

	Costais Feistithe Réadmhaoine €000	Troscán, Trealamh agus Mótarfheithiclí €000	Iomlán €000
<b>Costas:</b>			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013	2,494	7,346	9,840
Suimiúcháin ar Chostas	324	738	1,062
Diúscairtí	-	(118)	(118)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013	<u>2,818</u>	<u>7,966</u>	<u>10,784</u>
<b>Dímheas Carntha:</b>			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013	1,383	5,208	6,591
Dímheas don Tréimhse	81	1,007	1,088
Diúscairtí	-	(97)	(97)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013	<u>1,464</u>	<u>6,118</u>	<u>7,582</u>
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2013	<u>1,354</u>	<u>1,848</u>	<u>3,202</u>
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2012	<u>1,111</u>	<u>2,138</u>	<u>3,249</u>

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolré fóna measta na sócmhainní seasta mar a leanas:

Feistiú Réadmhaoine	20 bliain
Trealamh agus Mótarfheithiclí	3 go 5 bliana
Troscán	10 mbliana

Baineann na costais réadmhaoine chaipitlithe le costais feistithe an spáis oifige atá áitithe ag an nGníomhaireacht. Glactar an réadmhaoín ar léas faoi léasanna fadtéarmacha, mar atá luaite i Nóta 10.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Féichiúnaithe

	2013	2012
	€000	€000
Suimeanna infhaighte ó GNBS	5,351	8,778
Féichiúnaithe Eile	2,315	2,893
Réamhócaíochtaí	1,464	2,086
	<b>9,130</b>	<b>13,757</b>

### 8. Creidiúnaithe

	2013	2012
	€000	€000
An Príomh-Chiste	5,442	9,419
Creidiúnaithe	3,524	1,809
Ioncam Iarchurtha	1,563	2,032
Fabhruithe	1,781	1,890
	<b>12,310</b>	<b>15,150</b>

Baineann Ioncam Iarchurtha le préimh aisiompaithe a chuirfear chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn bliantúil sa tréimhse go mí Aibreáin 2017 (Nóta 10).

### 9. Cuntas Caipitil

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéid Tosaigh	3,249	2,975
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Maoiniú sócmhainne		
- Sócmhainní Seasta	1,062	
Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil		
- Amúchadh de réir Dímhéasa	(1,088)	
- Glansuim a Scaoileadh ar Dhiúscairt Sócmhainní	(21)	(1,109)
Iarmhéid Deiridh	<b>3,202</b>	<b>3,249</b>

### 10. Ceangaltais

#### Léasanna Oibriúcháin

Sna blianta 1991, 2004 agus 2007, rinne an Gníomhaireacht comhaontuithe léasa ar feadh tréimhsí éagsúla go 2026 agus go 2027 i ndáil le cóiríocht oifige ag Foirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2. Chomh maith leis sin, rinne an Gníomhaireacht comhaontú léasa in 2012 go 2017, i ndáil le cóiríocht oifige ar an gceathrú hurlár i bhFoirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2.

Is ionann an t-ollchostas bliantúil cíosa faoi na léasanna oibriúcháin sin agus €2.8m, gan préimh aisiompaithe ar fiú €0.5m in aghaidh na bliana í san áireamh agus a bhaineann leis an ioncam iarchurtha a áirítear i Nóta 8.

Tá na híoslócaíochtaí ainmniúla léasa amach anseo leagtha amach sa tábla seo a leanas:

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 10. Ceangaltais (ar lean)

31 Nollaig 2013	Níos lú ná		Níos mó	Iomlán
	1 bhliain	1-5 bliana	ná 5 bliana	
	€000	€000	€000	€000
Léasanna Oibriúcháin	<u>2,828</u>	<u>9,527</u>	<u>13,861</u>	<u>26,216</u>

### 11. Imeachtaí ó Dháta an Chláir Chomhardaithe

I mí na Bealtaine 2014, d'eisigh an Rialtas an Bille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú). Nuair a achtófar é, déanfar leis an mBille struchtúir rialachais GBCN a chúchóiriú agus a shimpliú ionas go mbeidh sí in ann glacadh le cur chuige níos comhtháite i leith chomhlíonadh a feidhmeanna. Athbhunófar GBCN mar chomhlacht a mbeidh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile aici, daoine a mbeidh freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann de na feidhmeanna atá ag GBCN (seachas GNBS a leanfaidh lena bord ar leith féin a bheith aici). Déanfar Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, Coiste Comhairleach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh.

Ní bheidh aon tionchar ar ghlanluachanna an Chláir Chomhardaithe.

# Ráitis Airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	86
Beartais Chuntasaíochta	87
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	88
Clár Comhardaithe	88
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	89–90

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncam agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeán Eiticiúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis faoin gCiste i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sa chuntas riaracháin, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2013 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin gCiste a thugtar i dtuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
30 Meitheamh 2014

## Beartais Chuntasaíochta

### (a) Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais aisíocaíocht agus seirbhísiú airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post glanfháltais na hinfeistíochta sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”). Ní cuid den Státciste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist (“Ciste”).

Tá na príomhchuspóirí a leanas ag an gciste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinse, cealaithe, díolacháin agus aisceannaigh (comhaontú athcheannaigh) agus trádáil margaidh thánaistigh a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi Sheirbhísí Lárnacha Cisteáin do chomhlachtaí ainmnithe stáit.

### (b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### (c) Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### (d) Infheistíochtaí

Cuirtear na hinfeistíochtaí in iúl de réir costais.



## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Ioncam Infheistíochta	1	<u>65,905</u>	<u>122,087</u>
Ús íoctha agus Iníoctha	2	9,988	39,416
Speansais Eile	3	<u>26,303</u>	<u>29,362</u>
		<u>36,291</u>	<u>68,778</u>
Barrachas don Bhliain		29,614	53,309
larmhéid amhail an 1 Eanáir		<u>66,604</u>	<u>13,295</u>
larmhéid amhail an 31 Nollaig		<b><u>96,218</u></b>	<b><u>66,604</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
30 Meitheamh 2014

## Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Airleacain	4	484,932	637,434
Infheistíochtaí	5	1,319,896	1,359,760
Féichiúnaithe	6	44,902	54,460
Iasachtaí Lárnacha Cisteáin		37,384	41,117
Airgead le Banc Ceannais na hÉireann		<u>864,379</u>	<u>751,599</u>
		<b><u>2,751,493</u></b>	<b><u>2,844,370</u></b>
<b>Dlíteanais</b>			
Taiscí Bhanc Taisce an Phoist	7	2,650,450	2,773,689
Creidiúnaithe	8	4,825	4,077
Cúlchistí Carnacha		<u>96,218</u>	<u>66,604</u>
		<b><u>2,751,493</u></b>	<b><u>2,844,370</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
30 Meitheamh 2014

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Ioncam Infheistíochta

	2013 €000	2012 €000
Ús Glan a Fuarthas agus is Infhaighte	64,017	48,570
Brabús ar Dhíolachán Infheistíochtaí	<u>1,888</u>	<u>73,517</u>
	<b><u>65,905</u></b>	<b><u>122,087</u></b>

Idirbheartaítear comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh idir an Ciste agus príomhdhéileálaithe sa mhargadh bannaí. Is in Ioncam Infheistíochta a léirítear an t-ioncam nó an costas úis a eascraíonn ó na hidirbhearta sin.

### 2. Ús Íochta agus Iníochta

	2013 €000	2012 €000
Ús a Íocadh le Taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist agus a Cuireadh Chun Sochair Dóibh	<b><u>9,988</u></b>	<b><u>39,416</u></b>

### 3. Speansais Eile

	2013 €000	2012 €000
Speansais Bhainistíochta	<b><u>26,303</u></b>	<b><u>29,362</u></b>

### 4. Airleacain

	2013 €000	2012 €000
Airleacain don Stáchtiste	470,632	623,634
Airleacain don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	<u>14,300</u>	<u>13,800</u>
	<b><u>484,932</u></b>	<b><u>637,434</u></b>

Léiríonn airleacain chuig an Stáchtiste cistí Bealaí agus Modhanna, a tugadh ar iasacht don Stáchtiste. Níor ghearr an Ciste aon chostais mhaoinithe ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

### 5. Infheistíochtaí

	2013 €000	2012 €000
<b>Bannaí</b>		
Ag costas	<u>1,319,896</u>	<u>1,359,760</u>
Luacháil amhail an 31 Nollaig	<b><u>1,366,997</u></b>	<b><u>1,412,212</u></b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Infheistíochtaí (ar lean)

#### Sceideal Sealúchas Infheistíochta:

Ainmiúil €000	Stoc	Costas 2013 €000
305,988	Banna Státchiste 4.0% 2014	313,611
83	Banna Státchiste 8.25% 2015	101
429,900	Banna Státchiste 4.5% 2015	453,485
818	Banna Státchiste 4.6% 2016	876
109,221	Banna Státchiste 5.5% 2017	123,083
59,369	Banna Státchiste 4.5% 2018	65,295
1,932	Banna Státchiste 5.9% 2019	2,214
43,103	Banna Státchiste 4.4% 2019	46,400
41,932	Banna Státchiste 5.0% 2020	46,117
43,117	Banna Státchiste 4.5% 2020	46,335
7,779	Banna Státchiste 3.9% 2023	7,908
43,921	Banna Státchiste 5.4% 2025	49,392
11,617	Banna Státchiste 5.72% 2027	11,620
21,408	Banna Amúchta 5.82% 2032	21,416
28,126	Banna Amúchta 5.92% 2037	29,778
29,734	Banna Amúchta 5.92% 2042	31,686
61,265	Banna Amúchta 5.92% 2047	70,579
<b>1,239,313</b>		<b>1,319,896</b>

### 6. Féichiúnaithe

	2013 €000	2012 €000
Díbhinní agus Ús Infhaighte	40,549	44,490
Iarmhéideanna Airgid atá ag an bPost	4,353	9,862
Iarmhéid dlite ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	-	108
	<b>44,902</b>	<b>54,460</b>

### 7. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

	2013 €000	2012 €000
Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist	<b>2,650,450</b>	<b>2,773,689</b>

I mí Aibreáin 2013, aistríodh €2,282,998 (2012: €1,826,048) ón gCiste chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí dliteanas €37,378,265 (2012: €36,220,683) ann go fóill de bhun athmhúscairtí cuntais €1,190,604 (2012: €1,416,277) agus de bhun caipitliú úis €65,188 (2012: €250,258) (glan ar cháin choinneála ar ús taisce [DIRT]). Má athéilíonn taisceoirí BTP í, beidh an tsuim sin iníochta ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ní áirítear an dliteanas sin i dtaiscí €2,650,449,890 (2012: €2,773,688,432) in BTP.

### 8. Creidiúnaithe

	2013 €000	2012 €000
Glanchistí dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh	4,164	1,337
DIRT dlite leis an bPost	661	2,740
	<b>4,825</b>	<b>4,077</b>

# Ráitis Airgeadais an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	92
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	93
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	94–96

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoi Alt 22 den Acht Airgeadais 1950. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugtar léargas cruinn sa chuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta atá á gcoimeád ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta sin, ar na hidirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2014

## Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		360	405
<b>Fáltais</b>			
Blianacht Úis	1,959,426	2,011,484	
Blianacht Ciste Fiachmhúchta	<u>624,552</u>	<u>645,681</u>	
	2	2,583,978	2,657,165
Idirbhearta Díorthacha	3 76,014,770	17,020,772	
Ús ar Airgead agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile	114,162	130,108	
Ús Eile	1	26	
Ceangaltas agus Táillí Eile	4 <u>12,089</u>	<u>15,460</u>	
		<u>76,141,022</u>	<u>17,166,366</u>
		<b><u>78,725,360</u></b>	<b><u>19,823,936</u></b>
<b>Íocaíochtaí</b>			
Fuascailt:			
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	619,489	645,555	
Ionstraimí Fiachais Eile	<u>5,063</u>	<u>126</u>	
		624,552	645,681
Idirbhearta Díorthacha	3 76,139,480	17,152,053	
Ús ar an bhFiachas Náisiúnta	5 1,960,440	2,025,842	
Speansais ar an bhFiachas Náisiúnta	5 <u>389</u>	<u>-</u>	
		78,100,309	19,177,895
larmhéid amhail an 31 Nollaig		<u>499</u>	<u>360</u>
		<b><u>78,725,360</u></b>	<b><u>19,823,936</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 5.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
26 Meitheamh 2014

## Nótaí leis an gCuntas

### 1. Cúlra

Cuireadh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (“CFSC”) ar bun faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950, arna leasú. Coimeádann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”) an t-iarmhéid sa chuntas ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Faoi threoir an aire, bhí an t-iarmhéid i CFSC ag deireadh na bliana 2013 le bheith níos lú ná €1 milliún.

### 2. Blianaichtaí

Faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950, arna leasú, foráiltear do bhlianaichtaí san Acht Airgeadais gach bliain agus íoctar iad isteach i CFSC ó ioncam reatha a ghearrtar ar an bPríomh-Chiste. Féadfar suim sheasta a úsáid d’fhónamh (íocaíochtaí úis) ar an bhfiachas náisiúnta. Caithfear an t-iarmhéid a úsáid d’íocaíochtaí príomhshuimeanna (“Ciste Fiachmhúchta”).

### 3. Idirbhearta Díorthacha

Féadfaidh an tAire Airgeadais idirbhearta ar gnáthbhearta baincúireachta iad a dhéanamh de réir alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970 arna leasú agus de réir alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988.

I measc gnáthbhearta baincúireachta, tá gníomhaíochtaí bainistithe punainne amhail idirbhearta réamh-mhalairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí a bhaineann le costais fónaimh d’fhiachas. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál sin, seachas iad siúd atá in airgeadra dá bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlacadh i CFSC. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincúireachta nó i dtreo ús agus speansais an fhiachais phoiblí a ghlanadh.

Sa bhliain 2013, áiríodh iad seo a leanas leis na hidirbhearta díorthacha a rinneadh:

	€000 Fáltais	€000 Íocaíochtaí	€000 Glan
Díorthaigh a bhaineann le GNBS	23,261,699	(23,261,699)	-
Díorthaigh a bhaineann le IBRC	52,424,049	(52,424,049)	-
Díorthaigh a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta	<u>329,022</u>	<u>(453,732)</u>	<u>(124,710)</u>
	<b><u>76,014,770</u></b>	<b><u>(76,139,480)</u></b>	<b><u>(124,710)</u></b>

Sa bhliain 2012, áiríodh iad seo a leanas leis na hidirbhearta díorthacha a rinneadh:

	€000 Fáltais	€000 Íocaíochtaí	€000 Glan
Díorthaigh a bhaineann le GNBS	16,741,446	(16,741,446)	-
Díorthaigh a bhaineann le IBRC	-	-	-
Díorthaigh a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta	<u>279,326</u>	<u>(410,607)</u>	<u>(131,281)</u>
	<b><u>17,020,772</u></b>	<b><u>(17,152,053)</u></b>	<b><u>(131,281)</u></b>

## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 3. Idirbhearta Díorthacha (ar lean)

I measc na bhfáltais agus na n-íocaíochtaí a d'eascair ó ghnáthbhearta baincéireachta, bhí fáltais agus íocaíochtaí arbh fhiú €23.3 billiún iad (2012: €16.7 billiún) a d'eascair ó dhíorthaigh a ndeachthas isteach iontu leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (“GNBS”) de réir alt 52 agus alt 235 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Le Treoir Reachtúil Uimh. 203/2010, déantar idirbhearta GNBS ar gnáthbhearta baincéireachta iad a tharmligean chuig an nGníomhaireacht. Déantar a leithéid d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin, ní imrítear aon ghlantionchar ar an gcuntas.

Rinne GBCN dhá Chomhaontú Postála Comhthaobhachta le GNBS, faoina gceanglaítear ar GNBS comhthaobhacht a bhreacadh chuig an nGníomhaireacht nuair a éilíonn an Gníomhaireacht a leithéid uirthi. Ag deireadh na bliana 2013, bhí comhthaobhacht €0.802 billiún (2012: €1.15 billiún) breactha ag GNBS mar chuid de na comhaontuithe sin.

Áirítear i bhfáltais agus in íocaíochtaí a d'eascair ó idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad fáltais agus íocaíochtaí €52.4 billiún (2012: NIALAS) ó dhíorthaigh a ndeachthas isteach iontu leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (faoi Leachtú Speisialta) (“IBRC”) de réir alt 17(4) den Acht um an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc 2013. Le Treoir Reachtúil Uimh. 57/2013, déantar idirbhearta IBRC ar gnáthbhearta baincéireachta iad a tharmligean chuig an nGníomhaireacht. Déantar a leithéid d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin, ní imrítear aon ghlantionchar ar an gcuntas.

Rinne an Gníomhaireachta Comhaontú Breactha Comhthaobhachta le IBRC, faoina gceanglaítear ar IBRC comhthaobhacht a bhreacadh chuig an nGníomhaireacht nuair a éilíonn an Gníomhaireacht a leithéid uirthi. Ag deireadh na bliana 2013, bhí comhthaobhacht €0.102 billiún (2012: NIALAS) breactha ag IBRC mar chuid den Chomhaontú sin.

### 4. Ceangaltas agus Táillí Eile

	2013	2012
	€000	€000
Aisíoc Táillí Ceangaltais	11,858	15,460
Fáltais Táillí Eile	<u>231</u>	<u>-</u>
	<b><u>12,089</u></b>	<b><u>15,460</u></b>



## Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

### 5. Suimeanna a Caitheadh ar Ús agus ar Speansais a Íoc ar an bhFiachas Náisiúnta

	2013 €000	2012 €000
<b>Ús</b>		
Bannaí Státchiste Ráta Sheasta (Aibíocht idir 2013 agus 2025)	1,647,361	1,890,602
Bannaí Amúchta (Aibíocht 2032)	1,011	-
Bannaí Státchiste Ráta Chomhlúthaigh (Aibíocht idir 2038 agus 2053)	304,188	-
Ús ar Iasachtaí ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	-	115,330
Ús ar Choigilteas Stáit	6,895	5,551
Ús a Íocadh ar Chomhthaobhacht Airgid Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa (ITC)	985	1,290
Billí Státchiste na hÉireann	-	701
Páipéar Gearrthéarmach	-	12,368
	<u>1,960,440</u>	<u>2,025,842</u>
<b>Speansais</b>		
Táillí ar Iasachtaí ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	389	-
	<u>1,960,829</u>	<u>2,025,842</u>

# Cuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	98
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	98

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar chuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugtar léargas cruinn sa chuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta atá á gcoimeád ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta sin, ar na hidirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.



### Séamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

## Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	2013 €000	2012 €000
larmhéid amhail an 1 Eanáir	NIALAS	NIALAS
Faighte/(íoctha) ó/(chuig) an Státchiste	<u>NIALAS</u>	<u>NIALAS</u>
larmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>NIALAS</u>	<u>NIALAS</u>
Meastachán ar Ús Fabhráithe amhail an 31 Nollaig	603,622	547,928

Cuireadh an Cúlchiste Mionchoigiltis (“an Ciste”) ar bun faoi alt 160 den Acht Airgeadais, 1994. Áirítear le Mionchoigiltis Cairteacha Coigiltis, Tráthchoigiltí Náisiúnta agus Bannaí Coigiltis. Caitheadh an tsuim thosaigh a íocadh leis an gCiste. Níor íocadh aon airgead leis an gCiste in 2013 agus níor coinníodh aon airgead ann ag deireadh na bliana. Mar is iondúil má sháraíonn íocaíochtaí úis ar shóinseálacha mionchoigiltis 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhráithe don bhliain roimhe, is féidir acmhainní an chiste a chur i dtreo na gcostas úis siúd a sháraíonn 11 faoin gcéad den ioncam fabhráithe sin. B’ionann íocaíochtaí úis ar shóinseálacha mionchoigiltis in 2013 agus €298 milliún, a bhí cothrom le 54 faoin gcéad den ús fabhráithe €548 milliún amhail an 31 Nollaig 2012.



### John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Meitheamh 2014

# Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	100
Beartais Chuntasáochta	101
Cuntas Ráiteas Éileamh	102
Clár Comhardaithe	103
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	104–106

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (an Ghníomhaireacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ráiteas éileamh, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCairdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chairdeán Eiticúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtá sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochtá go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis faoin nGníomhaireacht i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainiú. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2013 agus maidir lena hioncam agus lena caiteachas don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin nGníomhaireacht a thugtar i dtuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

## Beartais Chuntasaíochta

### (a) Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 (an “tAcht”), rinneadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine in aghaidh an Stáit agus ar na bunrioscaí leo a tharmligean chuig Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”). Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh aici, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar GBCN.

Leagtar amach san Acht dhá chuspóir atá ag GÉS:

- Bainistíocht a dhéanamh ar éilimh d’fhonn a chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus speansais dlí agus speansais ghaolmhara eile ag an leibhéal is ísle is féidir; agus,
- Seirbhísí comhairleoireachta riosca a chur ar fáil d’Údaráis Stáit agus é d’aidhm acu minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú thar thréimhse ama.

I mí Feabhra 2003, rinneadh bainistíocht éileamh faillí cliniciúla agus rioscaí lena mbaineann faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla (an “Scéim”) a tharmligean chuig GÉS. Bunaíodh an Scéim chun socruithe slánaíochta leighis a réasúnú don tseirbhís sláinte. Faoin Scéim sin, glacann an Stát le freagracht iomlán as éilimh faillí cliniciúla a shlánú agus a bhainistiú.

Rinneadh sainchúram GÉS a leathnú arís eile i mí Feabhra 2011 nuair a tugadh freagracht di as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine in aghaidh 13 údarás nua (lena n-áirítear an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais) agus ar roinnt aicmí breise éileamh (lena n-áirítear éilimh i dtaca le díobháil phearsanta a bhaineann le bulaíocht/ciapadh, baill d’Óglaigh na hÉireann agus den Gharda Síochána agus iad ar sheirbhísí thar lear agus éilimh príosúnach i dtaca le sláintíocht in-chillín).

Tarmligeadh éilimh a mhaígh díobháil phearsanta a bhaineann leis na táirgí míochaine Tailídimíd agus Niméasuillíd chuig GÉS i mí Aibreáin 2012. Ina theannta sin, i rith 2012 d’fhógair an Rialtas a chinneadh maidir le hAonad Stáit um Chostais Dlí a bhunú laistigh de GÉS chun déileáil le costais trúú páirtí a eascróidh as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Bunaíodh an t-aonad i mí Feabhra 2013. I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuir an Rialtas freagracht ar GÉS as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta a bhaineann le dhá tháirge íocshláinte, Celvepan agus Pandemrix, a ionghabháil.

Glacadh leis na beartais shuntasacha cuntasaíochta seo a leanas:

### (b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### (c) Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Baineann feidhmeanna GÉS le bainistíocht éileamh thar ceann údaráis an Stáit atá faoi dhliteanas ag éilimh agus a bhfaigheann GÉS aon suim a bhaineann le dámhachtainí agus costais lena mbaineann uathu. Ní thuairiscítear sna ráitis airgeadais ach idirbhearta de chuid GÉS. Dá bhrí sin, ní thugtar aon suim i gcomhair luach na n-éileamh gan íoc.

### (d) Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí agus ar speansais socraíochta éileamh nuair a fhaightear ceadú bailíochtaí nó socraíocht bhailíochtaí na n-éileamh. Aithnítear lóisteálacha leis an gcúirt mar chaiteachas thar ceann údaráis Stáit ar dháta na lóisteála.

### (e) Suimeanna Infhaighte ó Údaráis Stáit

Caitear le suimeanna mar shuimeanna infhaighte ó údaráis Stáit i ndáil le haitheantas an chaiteachais lena mbaineann.

## Cuntas Ráiteas Éileamh

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Suímeanna faighte agus infhaighte ó údaráis Stáit i leith			
Éileamh agus speansas	1	139,592	100,224
Costais a ghnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit		<u>1,738</u>	<u>3,818</u>
		<b><u>141,330</u></b>	<b><u>104,042</u></b>
Íochta agus iníochta i leith dámhachtainí		92,521	56,847
Speansais eile	2	47,071	43,377
Aisíocaíocht ar chostais a ghnóthaigh Údaráis Stáit		<u>1,738</u>	<u>3,818</u>
		<b><u>141,330</u></b>	<b><u>104,042</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

25 Meitheamh 2014

## Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Infheistíochtaí	3	5,623	5,327
Féichiúnaithe	4	15,096	13,831
Airgead		<u>2,126</u>	<u>2,048</u>
		<b><u>22,845</u></b>	<b><u>21,206</u></b>
<b>Dliteanais</b>			
Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais	3	5,623	5,327
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	5	14,300	13,800
Creidiúnaithe	6	<u>2,922</u>	<u>2,079</u>
		<b><u>22,845</u></b>	<b><u>21,206</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.

**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gnómhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

25 Meitheamh 2014



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Ioncam

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Iarmhéid Tosaigh	4	(13,827)	(3,807)
Suim a fuarthas ó Údaráis Stáit		138,272	89,559
Suim a fuarthas ón Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais		65	645
Iarmhéid Deiridh	4	<u>15,082</u>	<u>13,827</u>
		<b><u>139,592</u></b>	<b><u>100,224</u></b>

### 2. Speansais Eile

	2013 €000	2012 €000
<b>Speansais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát</b>		
Táillí dlí	18,759	16,497
Táillí Leighis	2,674	3,317
Táillí Innealtóirí	265	278
Táillí Eile (lena n-áirítear táillí iniúchta agus achtúirí)	<u>1,107</u>	<u>992</u>
	<b><u>22,805</u></b>	<b><u>21,084</u></b>
<b>Speansais ghearánaithe</b>		
Táillí dlí	24,233	22,271
Táillí Saineolaithe Eile	2	-
Costais Taistil	<u>12</u>	<u>13</u>
	<b><u>24,247</u></b>	<b><u>22,284</u></b>
<b>Speansais finnéithe</b>		
	<u>19</u>	<u>9</u>
	<b><u>47,071</u></b>	<b><u>43,377</u></b>

I dteannta na speansas thuas, b'ionann na costais riaracháin a thabhaigh GBCN agus feidhmeanna GÉS á gcomhlíonadh aici agus €11,466,570 (2012: €10,308,315). Tá na costais sin san áireamh i speansais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisíocaíocht ar na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.

#### Luach Saothair agus Speansais (san áireamh i speansais riaracháin GBCN)

Is í GBCN a leagann síos luach saothair do chomhaltaí Choiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le cead ón Aire Airgeadais. Tá an luach saothair i ndáil le 2012 agus le 2013 leagtha amach thíos:

	2013 €	2012 €
Noel Whelan (Cathaoirleach – athcheaptha an 1 Iúil 2012)	13,713	10,918
Anthony Delaney	9,142	9,142
Christopher Moore	9,142	9,142
Niamh Moran	9,142	9,142
Fachtna Murphy (ceaptha an 1 Iúil 2012)	9,142	4,571
Wendy Thompson (ceaptha an 1 Iúil 2012)	-	-
Charlie Hardy (ceaptha an 1 Iúil 2012)	-	-
<b>Táillí an Bhoird</b>	<b><u>50,281</u></b>	<b><u>42,915</u></b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 2. Speansais Eile (ar lean)

Ní bhfuair Charlie Hardy, a ceapadh ina ról mar státseirbhíseach, aon luach saothair i dtaca lena chomhaltas den Choiste. Tharscaoil Wendy Thompson a cuid táillí i dtaca lena comhaltas den Choiste do 2012 agus do 2013.

Níor íocadh speansais ar bith a bhaineann le comhaltaí Coiste do 2013.

### 3. Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais/Infheistíochtaí

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais (an “Scéim”) in 2008. Faoin Scéim, d’aontaigh an tAire ospidéal Bon Secours agus Shliabh Chairméal a shlánú i leith éilimh shonracha chnáimhseachais. Ba faoi (I.R. Uimh.) 628/2007, an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligeán) (Leasú) 2007 (“an tOrdú”), a rinne an Rialtas an fhreagracht as éilimh faoin Scéim a bhainistiú a tharmligeán chuig GBCN. Rinne na hospidéal ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí le ciste atá faoi bhainistíocht GBCN thar ceann an Aire Sláinte faoi alt 29(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000. Ina theannta sin, tharmlig an tOrdú ar an SCA éilimh a bhí ann roimhe sin in aghaidh cnáimhseoirí comhairleacha a láimhseáil, éilimh a bhí á mbainistiú ag an gCumann Cosanta Leighis (“MPS”) roimhe sin.

Thug an tAire Sláinte údarás do GÉS suimeanna a tharraingt anuas ó am go ham ón gCiste chun aon suimeanna atá íoctha ag GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach nó thar ceann aon duine atá clúdaithe ag MPS a aisíoc léi faoi alt 16(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Le linn na bliana 2013, de bhun comhaontú idir Ospidéal Shliabh Chairméal agus an Roinn Sláinte, rinne Ospidéal Chnoc Chairméal ranníocaíocht €350,000 leis an gciste i leith costas éileamh ionchasach.

Amhail an 31 Nollaig 2013, tá cistí na Scéime infheistithe i Nótaí Státchiste. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an gciste, agus ní aithnítear é mar ioncam de chuid GÉS.

Ba é seo a leanas an ghluaiseacht ar an Scéim Slánaíochta Speisialta Cnáimhseachais le linn 2013:

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéid Tosaigh	5,327	5,936
Ranníocaíochtaí leis an gCiste	350	-
Socraíochtaí agus speansais éileamh	(65)	(645)
Ioncam a saothraíodh	11	36
Iarmhéid atá ar fáil le haghaidh socrú éileamh	<u>5,623</u>	<u>5,327</u>

Is ionann infheistíochtaí agus Nótaí Státchiste, a infheistítear ar son na Roinne Sláinte.

### 4. Féichiúnaithe

	2013	2012
	€000	€000
Suimeanna Infhaighte ó údaráis Stáit	15,082	13,827
Eile	14	4
	<u>15,096</u>	<u>13,831</u>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist

Faoi alt 16 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist (“BTP”) a thabhairt ar airleacan do GÉS chun íoc as suim aon chostas, aon mhúirear agus aon speansas a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus le seirbhísí saíneolaithe eile, chun íoc as suim aon dámhachtana nó socraíochta atá le híoc le héilitheoir i leith éileamh tarmlichte, agus chun íoc as aon suime úis (más ann dó) atá iníochta air. Tarraingítear airgead ó Chiste BTP le linn na bliana chun freastal ar na costais thuasluaite a thabhaíonn GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit. Faigheann GÉS aisíocaíochtaí ó na hÚdarás Stáit ina dhiaidh sin agus aisíocann sí suimeanna le BTP ar bhonn rialta le linn na bliana. Ní ghearrtar aon chostais mhaoinithe ar GÉS i dtaca le BTP.

### 6. Creidiúnaithe

	2013	2012
	€000	€000
Iníochta i leith Speansas	1,423	874
Iníochta i leith Dámhachtainí	521	785
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite	405	335
Suimeanna dlite le hÚdarás Stáit	<u>573</u>	<u>85</u>
	<b><u>2,922</u></b>	<b><u>2,079</u></b>

### 7. Dlíteanas Mheasta na nÚdarás Stáit

Le linn 2013, fuarthas 2,242 (2012: 2,276) éileamh nua agus réitíodh beagnach 1,861 (2012: 1,951) éileamh. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí GÉS ag láimhseáil 6,188 (2012: 5,755) éileamh.

Amhail an 31 Nollaig 2013, ba é €1.23bn (2012: €1.1bn) dlíteanas measta na nÚdarás Stáit i leith éileamh a bhí á láimhseáil ag GÉS. Bhí €1.04bn (2012: €970m) de sin inchurtha i leith Éilimh Chliniciúla agus bhí €187m (2012: €157m) inchurtha i leith Éileamh a bhain le Dlíteanas Fostóra, le Dlíteanas Poiblí agus le Damáiste Maoine. Is meastachán é an dlíteanas a ríomhtar trí thagairt don chostas iomlán le gach éilimh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, amhail suimeanna socraíochta, costais dhlíthiúla gearánaí agus costais chosanta.

### 8. Imeachtaí ó dháta an chláir chomhardaithe

I mí Aibreáin 2014, ba chuig GÉS a tarmlichteadh an fhreagracht éilimh de chuid 61 comhlacht poiblí eile a bhainistíú (lena n-áirítear toscairí Ghrúpa na nOspidéal Deonach), rud a mhéadaigh líon iomlán na gcomhlachtaí poiblí atá faoi shainchúram GÉS ó 56 comhlacht go 117 comhlacht.

I mí na Bealtaine 2014, d’eisigh an Rialtas an Bille um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú). Nuair a achtófar é, déanfar leis an mBille struchtúir rialachais GBCN a chuíchóiriú agus a shimpliú ionas go mbeidh sí in ann glacadh le cur chuige níos comhtháite i leith chomhlíonadh a feidhmeanna. Athbhunófar GBCN mar chomhlacht a mbeidh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile aici, daoine a mbeidh freagracht uileghabhálach orthu as gach ceann de na feidhmeanna atá ag GBCN (seachas GNBS a leanfaidh lena bord ar leith féin a bheith aici). Déanfar Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta, Coiste Comhairleach Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Coiste Beartais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a dhíscaoileadh.

# Ráitis Airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta .....	108
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste .....	109
Beartais Chuntasáochta .....	110
Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí .....	111
Cuntas Cúlchiste .....	112
Clár Comhardaithe .....	113
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais .....	114–119

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta

Ceanglaítear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine [Leasú] 2005 agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine [Leasú] 2012) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”) ráitis airgeadais a ullmhú i leith oibríochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoine i ngach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ní mór don Ghníomhaireacht:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé sin neamhchuí a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoine, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 46 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus maidir lena n-idirbhearta don bhliain, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeán Eiticíúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste na gCuntas Díomhaoin i dTuarascáil Bhliantúil Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Chiste na gCuntas Díomhaoin amhail an 31 Nollaig 2013 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin gCiste a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Séamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
28 Meitheamh 2014

## Beartais Chuntasaíochta

### (a) Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoin [Leasú] 2005 agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoin [Leasú] 2012), do scéim chun cistí díomhaoin i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníoctha faoi pholasaithe árachais neamhéilithe a aistriú faoi chúram an Stáit, fad a ráthaítear ceart athéilimh na gcistí sin. Foráiltear leis freisin go dtabharfar isteach scéim, chun críocha carthanachta nó chun tairbhe don tsochaí nó don phobal, trína n-íocfar amach cistí nach dóigh go n-athéileofar iad.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íocfar athéilimh agus speansais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach, faoi alt 17 agus faoi alt 18 d'Acht 2001, as Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá na cumhachtaí riachtanacha ar fad aici chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích (lena n-áirítear an chumhacht chun táillí a ghearradh, atá iníoctha ón gCiste, i ndáil leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú). Áirítear leis na feidhmeanna sin:

- déanamh eisíocaíochtaí de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Cúlchiste
- glanadh táillí, costas agus speansas sonraithe a thabhaítear
- glanadh luach saothair, táillí agus speansas na gcigirí údaraithe
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste
- ullmhú plean bliantúil infheistíochta, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- infheistíocht aon airgid chun creidiúna don Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huair, chun dliteanas an Chiste a íoc
- coinneáil cuntas ceart den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cur cuntas bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cur i láthair cóipe de na cuntais arna n-iniúchadh don Aire Airgeadais agus don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Mar a fhoráiltear dó san Acht um Chuntais Dhíomhaoin (Leasú) 2005, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Bord na gCuntas Díomhaoin an 4 Eanáir 2006. Tháinig sé seo in ionad Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a díscaoileadh an lá céanna. Foráladh in Alt 5 den Acht um Chuntais Dhíomhaoin (Leasú), 2012 do dhíscaoileadh Bhord na gCuntas Díomhaoin ar an lá ceaptha. Faoi théarmaí an Ordaithe fán Acht um Chuntais Dhíomhaoin (Leasú) 2012 (An Lá Ceaptha) 2012, rinneadh díscaoileadh ar Bhord na gCuntas Díomhaoin amhail an 26 Meán Fómhair 2012 agus aistríodh a chuid feidhmeanna chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cé go raibh ról monatóireachta agus comhairleoireachta ag Bord na gCuntas Díomhaoin den chuid is mó, bhí sé de chumhacht acu an Ghníomhaireacht a threorú chun eisíocaíochtaí a dhéanamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Glacadh leis na beartais shuntasacha chuntasaíochta seo a leanas:

### (b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

### (c) Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 an tréimhse tuairiscithe.

### (d) Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Airgead a Aistríodh chuig an gCiste i leith Cuntais Dhíomhaoine agus Polasaithe Árachais nár Éilíodh	1	44,561	43,886
Suim a Aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste	2	(23,425)	(28,286)
Eisíocaíochtaí	3	(1,487)	(4,160)
Ús a Tuilleadh	10	1,509	1,881
Gluaiseacht don Bhliain		21,158	13,321
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		101,942	88,621
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b><u>123,100</u></b>	<b><u>101,942</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2014



## Cuntas Cúlchiste

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	1	(19,546)	(22,331)
Ús ar Aisíocaíocht Airgid a Aistríodh chuig an gCiste	1	(422)	(223)
Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí	2	23,425	28,286
Speansais Eile	4	(647)	(803)
Ús a Tuilleadh	10	210	123
Gluaiseacht don Bhliain		3,020	5,052
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		59,388	54,336
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b><u>62,408</u></b>	<b><u>59,388</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2014

## Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2013 €000	2012 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Sócmhainní Airgeadais			
- Infheistíochtaí ar a gCostas	5	49,052	50,115
Sócmhainní Reatha			
- Airgead agus Taiscí Bainc	6	134,378	109,556
- Féichiúnaithe	7	2,137	1,835
<b>Dliteanais</b>			
- Suimeanna Fabhráithe a Athéilíodh		(59)	(176)
<b>Glan-Sócmhainní</b>		<b><u>185,508</u></b>	<b><u>161,330</u></b>
<b>Ionadaithe ag:</b>			
Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí		123,100	101,942
Cuntas Cúlchiste		<u>62,408</u>	<u>59,388</u>
		<b><u>185,508</u></b>	<b><u>161,330</u></b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.



**John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2014

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntas díomhaoin agus beartas árachais nár éilíodh

#### Bainc – Cuntais Dhíomhaoine

Institiúid	Iarmhéid Tosaigh			Iarmhéid Deiridh		Ús Íoctha
	1/1/13	Aistrithe	Athéilithe	31/12/13	€	
	€	€	€	€	€	
ACC Bank plc	6,059,462	593,282	(398,928)	6,253,816		11,093
Bainc-Aontas Éireann cpt	62,203,544	7,299,548	(1,641,602)	67,861,490		5,352
Barclays Bank Ireland plc	344,025	-	-	344,025		-
BNP Paribas SA	83,575	-	-	83,575		-
Bank of America National Association	154,778	-	-	154,778		-
Banc na hÉireann (Gobharnóir agus Cuideachta)	65,668,500	6,264,130	(2,809,591)	69,123,039		34,313
Bank of Scotland plc	567,088	-	-	567,088		-
Citibank Europe plc	28,700	-	-	28,700		-
EBS Ltd	15,081,361	2,088,616	(1,221,934)	15,948,043		41,960
EAA Corporate Services plc (						
WestLB Ireland plc roimhe sin)	122,119	-	-	122,119		-
KBC Bank Ireland plc	785,993	-	-	785,993		-
An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo						
(faoi leachtú speisialta)	629,363	-	-	629,363		-
Investec Bank plc	1,557,617	52,787	(583)	1,609,821		27
JP Morgan Bank (Ireland) plc	48,897	-	-	48,897		-
Danske Bank (National Irish Bank Ltd roimhe sin)	5,300,968	445,692	(36,489)	5,710,171		295
Permanent TSB plc	35,049,448	4,454,271	(920,946)	38,582,773		5,162
Pfizer International Bank	33,617	-	(44)	33,573		-
An Post – Tráthchoigiltí	1,653,757	472,010	(211,142)	1,914,625		15,899
An Post – Tráthchoigiltí						
(Ús Caipitlithe)	4,167,099	660,532	(431,753)	4,395,878		-
An Post - Banc Taisce an Phoist						
(Ús Caipitlithe)	20,178	1,141	-	21,319		-
An Post - Banc Taisce an Phoist	34,983,041	2,281,857	(1,241,346)	36,023,552		54,869
An Post - Bannaí Coigiltis (Ús Caipitlithe)	2,906,682	885,897	(370,631)	3,421,948		-
An Post - Bannaí Coigiltis	2,179,150	1,402,527	(429,794)	3,151,883		-
An Post - Cairteacha Coigiltis (Ús Caipitlithe)	47,725,342	5,348,264	(4,437,900)	48,635,706		-
An Post - Cairteacha Coigiltis	15,319,521	3,220,933	(1,933,554)	16,606,900		73,784
RBS NV (ABN AMRO roimhe sin)	34,992	-	-	34,992		-
The Royal Bank of Scotland plc	36,646	690	-	37,336		-
Scotiabank (Ireland) Limited	1,003,127	-	(910,174)	92,953		182,544
Ulster Bank (First Active roimhe sin)	8,118,536	-	(75,896)	8,042,640		97
Ulster Bank Ireland Limited	15,674,730	355,730	(222,134)	15,808,326		535
<b>IOMLÁN</b>	<b>327,541,856</b>	<b>35,827,907</b>	<b>(17,294,441)</b>	<b>346,075,322</b>		<b>425,930</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

#### Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

Institiúid	Iarmhéid Tosaigh			Iarmhéid Deiridh		Ús Íoctha
	1/1/13	Aistrithe	Athéilíthe	31/12/13	€	
	€	€	€	€	€	€
<i>Téarma Sonrach</i>						
Acorn Life Ltd	251	-	(251)	-	-	-
Ark Life Assurance Co. Ltd	44,531	653,496	(159,523)	538,504	-	-
Aviva Life & Pensions Ire Ltd (Hibernian roimhe sin)	2,654,596	751,382	(180,170)	3,225,808	-	-
Caledonian Life	104,748	-	-	104,748	-	-
Canada Life Ireland	1,404,214	574,617	(243,037)	1,735,794	-	-
Equitable Life	7,131	-	-	7,131	-	-
Friends First Life Assurance Co. Ltd	1,936,444	440,860	(307,518)	2,069,786	-	-
Irish Life Assurance Co. plc	4,196,421	37,212	(67,066)	4,166,567	-	-
New Ireland Assurance Co. plc	212,151	27,555	(25)	239,681	-	-
Phoenix Life Ltd (Alba Life roimhe sin)	188,218	-	-	188,218	-	-
Phoenix Life Ltd (Royal & SunAlliance roimhe sin)	908,164	11,986	-	920,150	-	-
Phoenix Life Ltd (Scottish Provident Ireland roimhe sin)	1,248,394	1,272,823	(47,928)	2,473,289	-	-
Royal London Mutual Insurance Society Ltd	5,828,686	1,022,031	(33,072)	6,817,645	-	-
St. James Place International plc	10,649	-	-	10,649	-	-
Scottish Legal Life	584,999	13,320	-	598,319	-	-
Standard Life International Ltd	790,943	255,777	-	1,046,720	-	-
Sun Life	167,491	52,242	(26,134)	193,599	-	-
Zurich Life Assurance plc (Eagle Star roimhe sin)	804,552	362,101	(124,596)	1,042,057	-	-
<i>Gan Téarma Sonrach</i>						
Acorn Life Ltd	8,640	14,108	(7,902)	14,846	-	-
Ark Life Assurance Co. Ltd	33,901	222,209	(31,227)	224,883	-	-
Aviva Life & Pensions Ire Ltd (Hibernian roimhe sin)	1,877,322	80,560	(18,279)	1,939,603	-	-
Caledonian Life	31,113	-	-	31,113	-	-
Canada Life Ireland	3,658,251	73,210	(368,500)	3,362,961	-	-
Friends First Life Assurance Co. Ltd	965,246	201,403	(26,669)	1,139,980	-	-
Irish Life Assurance Co. plc	5,040,243	407,276	(66,928)	5,380,591	-	-
New Ireland Assurance Co. plc	10,498,690	276,880	-	10,775,570	-	-
Phoenix Life Ltd (Alba Life roimhe sin)	15,033	-	-	15,033	-	-
Phoenix Life Ltd (Royal & SunAlliance roimhe sin)	21,910	12,743	-	34,653	-	-
Phoenix Life Ltd (Scottish Provident Ireland roimhe sin)	275,195	-	-	275,195	-	-
Royal London Mutual Insurance Society Ltd	8,794,777	1,057,294	(246,954)	9,605,117	-	-
Scottish Legal Life	480,719	22,105	-	502,824	-	-
Standard Life International Ltd	1,289,626	343,056	(170,780)	1,461,902	-	-
Sun Life	47,473	-	-	47,473	-	-
Zurich Life Assurance plc (Eagle Star roimhe sin)	1,908,777	375,738	(66,322)	2,218,193	-	-
<b>IOMLÁN</b>	<b>56,039,499</b>	<b>8,561,984</b>	<b>(2,192,881)</b>	<b>62,408,602</b>	-	-
The Escheated Estate Fund	4,400,000	-	-	4,400,000	-	-
Athéilimh Fhabhrathe	(171,120)	171,120	(58,975)	(58,975)	-	(4,374)
<b>MÓR-IOMLÁN</b>	<b>387,810,235</b>	<b>44,561,011</b>	<b>(19,546,297)</b>	<b>412,824,949</b>	-	<b>421,556</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (Ar Lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais sin de réir rátaí malairte ag deireadh na bliana, laghdófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós faoi €469,191 ó €412,824,949 go €412,355,758.

### 2. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, íocann an Ghníomhaireacht suim shocraíonn an Ghníomhaireacht leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham, le ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le toil an Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus speansais éagsúla a ghlanadh. Déanann an Ghníomhaireacht aistriú go tréimhsiúil chun iarmhéid sa Chuntas Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad, mar atá ceadaithe faoi láthair, de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa Chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

### 3. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana.

	2013 €000	2012 €000
<b>Ar threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:</b>		
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	800	1,599
An Roinn Oideachais agus Scileanna	8	379
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	5	-
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (arna riar ag Pobal)	591	1,932
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	192
Seirbhís Príosún na hÉireann	-	58
Seirbhís Phríosúin na hÉireann (arna riar ag Pobal)	83	-
	<b><u>1,487</u></b>	<b><u>4,160</u></b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. a) Speansais Eile

	2013 €000	2012 €000
Táillí an Bhoird	-	32
Speansais Bhoird	1	1
Táillí Soláthraí Seirbhíse (Pobal*)	645	750
Táillí Comhairliúcháin agus Comhairleachta	1	10
Speansais Eile	-	10
	<b>647</b>	<b>803</b>

\* Faigheann Pobal táille bhliantúil seirbhíse as na thionscadail atá ag fáil deontas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a riar. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a íocann an táille agus aisíoctar í ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

### b) Speansais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faisnéis shonraithe ar leith a thuairisciú, lena n-áirítear cuntas aonair ar na speansais agus táillí riaracháin a thabhaíonn an Gníomhaireacht agus an Ciste á fheidhmiú aici. Sonraítear iad sin thíos:

	2013 €000	2012 €000
Riarachán Ginearálta	<b>150</b>	<b>150</b>

Is meastachán é sin, a chuirtear san áireamh sna Nótaí leis na cuntais amháin, mar nár ghearr an Gníomhaireacht na táillí ná na speansais sin ar Bhord na gCuntas Díomhaoin.

### 5. Sócmhainn Airgeadais

	2013 €000	2012 €000
Banna Stáitchiste na hÉireann 5.0% 2013	-	50,115
Banna Stáitchiste na hÉireann 4.0% 2014	49,052	-
	<b>49,052</b>	<b>50,115</b>

### 6. Airgead agus Taiscí Bainc

Léiríonn an figiúr seo an t-iarmhéid airgid atá i mBanc Ceannais na hÉireann agus na Taiscí Téarma Tráchtála a shealbhaítear le Permanent TSB agus AIB.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Féichiúnaithe

	2013 €000	2012 €000
Ús is Infhaighte ar Bhannaí	1,885	1,753
Ús is Infhaighte ar Thaiscí sa Bhanc Ceannais	11	13
Ús is Infhaighte ar Thaiscí Tráchtála	241	69
	<b>2,137</b>	<b>1,835</b>

### 8. (a) Dlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste

Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha a rinneadh go dtí seo, tá glansócmhainní an chiste níos lú ná glansócmhainní na gcistí díomhaoina a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht sin dlíteanas teagmhasach an Stáitchiste a mbeadh ar an Stáitchiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoina a athéileamh. Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoina, 2001, arna leasú, aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir suim nach sáraíonn an t-easnamh a íoc amach ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste. Aisíoctar an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luaithe is féidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh foráil a dhéanamh d'aon dlíteanas nó d'aon dlíteanas theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

### (b) Anailís ar Dhlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste:

	1 Eanáir 2013 €000	Gluaiseacht le linn na bliana €000	31 Nollaig 2013 €000
Glansócmhainní an Chiste	161,330	24,178	185,508
Cistí Díomhaoina a Aistríodh agus nár Athéilíodh	(387,810)	(25,015)	(412,825)
Dlíteanas Teagmhasach	<b>(226,480)</b>	<b>(837)</b>	<b>(227,317)</b>

### (c) Léirítear an ghluaiseacht i nDlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste iontu seo a leanas:

	Nóta	€000
Ús a Tuilleadh	10	1,719
Ús ar Aisíocaíochtaí Airgid a Aistríodh chuig an gCiste	1	(422)
Eisíocaíochtaí	3	(1,487)
Speansais eile	4	(647)
Gluaiseacht don bhliain		<b>(837)</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 9. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuirisciú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain ná 1.64 faoin gcéad (2012: 1.29 faoin gcéad).

### 10. Ús a Tuilleadh

	Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí €000	Cuntas Cúlchiste €000	Iomlán 2013 €000	Iomlán 2012 €000
Gabháltas Bannaí	892	-	892	1,315
Taiscí Tráchtála	595	181	776	402
Taiscí sa Bhanc Ceannais	<u>22</u>	<u>29</u>	<u>51</u>	<u>287</u>
	<b><u>1,509</u></b>	<b><u>210</u></b>	<b><u>1,719</u></b>	<b><u>2,004</u></b>



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Treasury Building  
Sráid na Canálach Móire  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

Teil: +353 1 238 4000

[www.ntma.ie](http://www.ntma.ie)

